PLEAN TEANGA

Conamara Lár

"Tá an Ghaeilge mar cheann de na príomh ghnéithe a bhaineann linn mar chine agus mar náisiún. Is teanga shaibhir agus ársa í agus ba mhór an feall dá bhfaigheadh sí bás len ár linn-se". Ráiteas ón taighde

Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga – Forbairt Chonamara Láir. Bealtaine 2018.

Curtha le chéile ag Seirbhísí Pleanála Teanga (Colm Ó Cinnseala agus Mait Ó Brádaigh) i gcomhar le

Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir Teo.

Plean 25_5_18_IN

Innéacs

1. Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir Teo. 3
2. Achoimre Fheidhmeach 5
3. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga 20
4. Sonraí na Ceanneagraíochta 21
   4.1. An Cheanneagraíocht 21
   4.2. Fís na Ceanneagraíochta 22
5. Liosta Giorrúcháin 23
6. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga 24
   6.1. Topagrafaíocht 24
   6.2. Daonra 25
   6.3. Ceantar faoi Mhíbhuntáiste 26
   6.4. An Córas Oideachais 27
   6.5. Seirbhísí Cúraim Leanaí – Ionad Cúram Leanaí Charna agus Naíonraí 28
   6.6. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile: 29
      6.6.1. An t-Aos Óg 29
      6.6.2. Daoine Níos Sine/ Aosaigh 30
      6.6.3. Tuismitheoirí na Gaeltachta 30
   6.7. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais 31
   6.8. Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna 31
   6.9. An Earnáil Ghnó, Fostaíocht agus Dífhostaíocht. 34
      6.9.1. An Fhostaíocht agus Údarás Na Gaeltachta 35
      6.9.2. Daonáireamh 2016, Conamara Láir agus Fostaíocht 36
      6.9.3. An Earnáil Ghnó 36
      6.9.4. Na Coláistí Gaeilge 37
   6.10. Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn 38
   6.11. Na Meáin Chumarsáide 39
   6.12. Seirbhísí Poiblí 40
   6.13. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach: 41
   6.14. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire 42
   6.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar 43
      6.15.1. Ginearálta 43
      6.15.2. Conamara Láir agus an Ghaeilge sna Daonáirimh i 2006, 2011 & 2016 45
      6.15.3. Scéim Labhairt na Gaeilge sa LPT 46
      6.15.4. Beocht an Ghaeilge sa LPT. 47

6.16. Toghranna Bhinn a' Choire, na hUilinne, Mhaíros & Chloch na Rón. 47
6.17. An Clochán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta 51
6.18. Leathanbhanda 52
7. Léargas ar ullmhú an Phlean Teanga 53
8. Torthaí an Taighde 55
8.1. Ginearálta 55
8.2. Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge 55
8.3. Cumas Labhartha sa nGaeilge 56
8.4. Cén Teanga lenár Tógadh Muintir Chonamara Láir? 57
8.5. An Teanga a Labhraíonn Daoine atá i gCleamhnas lena Chéile 58
8.6. An Teanga a Labhraíonn Páistí Eatarthu Féin 58
8.7. Cérb as do Mhuintir Chonamara Láir? 59
8.8. Na Príomhthátail ón dTaighde 60
9. Bearta an Phlean Teanga 62
9.1. Réamhrá 62
9.2. Na Réimsí Pleanála Teanga (RPT) 63
9.3. Na Critéir Pleanála Teanga (CPT) 64
9.4. Feidhmiú an Phlean Teanga 65
9.5. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais) 69
9.6. Seirbhísí cúraim leanaí, tacaíochta teaghlaigh, agus seirbhísí tacaíochta teanga 77
9.7. Seirbhísí don Aos Óg: 80
9.8. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais 83
9.9. An Earnáil Ghnó & Fostaíocht 86
9.10. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn 93
9.11. Na Meáin Chumarsáide (an Leathanbhanda san áireamh) 95
9.12. Na Seirbhísí Poiblí 100
9.13. An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach 103
9.14. Na Clubanna Sóisialta agus Caitheamh Aimsire 105
9.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar 107
9.16. Beart don Cheantar Comhroinnte idir 2 LPT 108
10. Costais agus Maoiniú 110
11. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht 113
12. Feidhmiú agus Monatóireacht 114
13. Aguisíní 116

1. Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir Teo.

Tá Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir ag feidhmiú mar choiste ó thús 2016. Tar éis roinnt cruinnithe poiblí agus tar éis achainí ar an bpobal cuireadh coiste deonach le chéile de bhaill óna ceantair éagsúla sa limistéir agus ó réimsí éagsúla de shochaí limistéar Chonamara Láir.

Bhí sé mar aidhm ón tús ag an gcoiste an deis seo a thapú trí phróiseas na pleanála teanga na riachtanais atá againn mar phobal chun inmharthanacht an cheantair mar cheantar bisiúil Gaeltacht agus tuaithe a chinntiú a chur i láthair na scairshealbhóirí a mbeidh tionchar acu ar fhíorú na mianaidhme seo sna blianta amach romhainn. Tá an coiste den tuairim go bhfuil ceangal suntasach idir pobal láidir Gaeilge agus Gaeltachta agus slí mhaireachtála ar ardchaighdeán le heacnamaíocht rathúil an limistéir. Bhí an coiste mothálach gur ag déanamh ionadaíochta do phobal an limistéir a bhíodar agus cuireadh béim ollmhór ar ionchur an phobail ó thús deireadh an phróisis seo.

Tá plean cuimsitheach curtha le chéile anois a thugann léirmheas ar stádas na Gaeilge sa gceantar chomh maith le láidreachtaí agus riachtanais an limistéir mar cheantar Gaeltachta. Tá bearta atá uaillmhianach ach réalaíoch ann chun an Ghaeilge agus an tsaíocht Ghaelach a chur chun cinn mar mhóracmhainn d'fhorás eacnamaíoch, oideachasúil, cultúir agus sóisialta sa limistéar don seacht mbliana amach romhainn agus do na glúnta ina dhiaidh sin.

Cé go bhfuil daonra réasúnta íseal sa limistéar agus titim de 9% tagtha air idir Daonaireamh 2011 agus Daonáireamh 2016 tá saibhreas teanga agus cultúrtha agus spiorad láidir pobail fós i mbarr an réime. Is daoine acmhainneach, fiontraíoch atá sa limistéar pleanála teanga seo. Tá dúshláin shúntasacha roimh an gceantar le linn tréimhse an phlean teanga seo, ach leis an tacaíocht cuí ón stát, ó Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCO&G as seo amach), Údarás na Gaeltachta agus na páirtithe leasmhara uile tá an Coiste dóchasach go gcuirfear athbheochan agus borradh faoin nGaeilge agus caighdeán mhaireachtála an cheantar. Tá muid buíoch as ucht na deise a bheith againn an tionscnamh tábhachtach seo a chur i dtoll a chéile.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas as a n-ionchur agus a dtacaíocht le linn dúinn a bheith ag obair ar an bplean teanga:

- Na Coistí Pobail, an earnáil dheonach agus an pobal ar fad a tháinig ag cruinnithe, a líon ceistneoirí, a ghlac páirt i ngrúpaí fócais agus a thug a dtuairimí agus moltaí ar an ábhar.
- Na daoine a thug a gcuid ama ag ullmhú, ag dáiliú agus ag bailiú ceistneoirí.
- Forbairt Chonamara Láir a bhí ag feidhmiú mar cheanneagraíocht sa Limistéar Pleanála Teanga agus an tOifigeach Forbartha Máirín Ní Choisdealbha- Seoige, Maedhbh Ní Ghaora agus lucht na hoifige a bhí ag tacú linn.
- Seirbhísí Pleanála Teanga (Colm Ó Cinnseala agus Mait Ó Brádaigh), na comhairleoirí pleanála teanga, a rinne obair na gcapall chun an phlean a chur le chéile.
- Baill uile an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir a d'oibrigh go díograiseach ar bhonn deonach le beagnach dhá bhliain, a d'fhreastail ar bhreis agus scór cruinniú coiste, agus a rinne comhordú ar an togra ó thús go deireadh.
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna (Ollscoil na hÉireann Gaillimh) agus Riarthóir Ionad an Acadaimh i gCarna, Séamas Ó Coincheanainn

- Na meáin chumarsáide, scoileanna, gnóanna agus eagrais eile a thug chuile dheis dúinn tabhairt faoi fhógraíocht le linn ullmhú an phlean agus leis an scéal a scaipeadh faoin dtionscnamh ó cheann ceann an limistéir.
- Meas Media a chuidigh linn tabhairt faoin taighde éagsúla.
- Foireann Údarás na Gaeltachta agus Hannah Ó Tuairisg a thug tacaíocht leanúnach don choiste ar bhonn comhairliúcháin agus a d'fhreastail ar chruinnithe an Choiste.

2. Achoimre Fheidhmeach

An Próiseas Pleanála Teanga

Tá próiseas pleanála teanga leagtha amach faoi scáth Acht na Gaeltachta 2012 le tacú le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht. Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga aitheanta ar fud na Gaeltachta ina bhfuil pleananna teanga a gcur i dtoll a chéile. Is ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le Údarás na Gaeltachta atá an fhreagracht an próiseas pleanála teanga a fheidhmiú sa Ghaeltacht.

Aithníodh Limistéar Chonamara Láir ar cheann de na limistéir pleanála teanga agus tugadh an cúram don chomharchumann pobail Forbairt Chonamara Láir Teo. feidhmiú mar cheann-eagraíocht an phróisis pleanála teanga sa limistéir. Tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga ar a bhfuil ionadaíocht óna ceantair uile a thagann faoi scáth Limistéar Chonamara Láir.

Earcaíodh comhairleoirí pleanála teanga (Seirbhísí Pleanála Teanga) trí phróiseas earcaíochta poiblí le sainchomhairle a roinnt leis an gCoiste le linn don phlean a bheith á fhorbairt. Tá an rannpháirtíocht phobail mar chroílár an phróisis pleanála teanga. Chuaigh an Coiste agus na Comhairleoirí Plean Teanga i gcomhairle leis an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí, agus an earnáil phríobháideach le linn don Dréacht-Phlean Teanga a bheith á fhorbairt.

Díríodh ar na haidhmeanna seo a leanas ach go háirithe le linn don Dréacht-Phlean a bheith á chur i dtoll a chéile:

- Staid Reatha na Gaeilge i Limistéar Chonamara Láir a mheas trí thaighde eolaíoch agus trí chomhairliúchán poiblí
- Tuairimí an phobail, idir óg agus sean, a fhiosrú maidir le staid agus tábhacht na Gaeilge dóibh féin agus don limistéar i láthair na huaire agus sa todhchaí
- Dul i gcomhairle leis an earnáil dheonach, phoiblí agus phríobhaideach sa limistéar maidir le leibhéil úsáide na Gaeilge ina gcuid gnóthaí ó lá go lá agus bealaí a scrúdú a bhféadfaí cur leis an úsáid sin
- Bearta a mholadh dírithe ar chothú na Gaeilge mar bhunacmhainn d'fhorbairt eacnamaíoch, oideachasúil, cultúir agus sóisialta an limistéir don seacht mbliana amach romhainn, eadhon saolré an Phlean Teanga
- Tacú le bhaile An Clochán le go mbeadh rath air mar 'Bhaile Seirbhíse Gaeltachta'.

Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir

Mar a léirítear i Figiúr 1 thíos clúdaíonn an ceantar atá faoi chaibidil sciar suntasach de limistéar iartharach agus iar-thuaisceartach Ghaeltacht na Gaillimhe, an Ghaeltacht is mó agus is láidre sa tír, ó thaobh labhairt na Gaeilge. Léiríonn staidreamh Dhaonáireamh 2016 go bhfuil cónaí ar 49% de chainteoirí laethúla na tíre uile ina gcónaí i nGaeltacht na Gaillimhe. [1]Síníonn Limistéir Pleanála Teanga Chonamara Láir achar bóthair c.35Km ó Chamus siar trí Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna agus ó thuaidh go dtí an Caiseal, an Sraith Salach agus siar go Inis Ní agus Iorras Beag Thiar in abhantrach Chloch na Rón.

[1] http://www.cso.ie (Census 2016)

Figiúr 1: Limistéir Pleanála Teanga Chonamara Láir

Feictear ó staidreamh náisiúnta (Daonáireamh na hÉireann) agus ó thaighde teangeolaíoch (*An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007 (An SCT))* go bhfuil an-éagsúlacht sa limistéar Gaeltachta seo ó thaobh pátrúin labhartha na Gaeilge. Tá cuid de na toghranna is bisiúla sa tír ó thaobh labhairt laethúil na Gaeilge suite i Limistéar Chonamara Láir agus ag an am céanna tá codanna de na toghranna a n-áirítear i measc na gceantar Gaeltachta is laige sa tír maidir le labhairt na Gaeilge, sa limistéar freisin. Tabharfar tuilleadh léargais ar an éagsúlacht seo in úsáid na Gaeilge sa limistéar i bhFigiúir 2 ar leathanach 7.

Léiríonn **Tábla 1** na toghranna, nó codanna, de thoghranna áirithe a thagann faoi scáth Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Chonamara Láir.

Toghroinn	
Cill Chuimín (Gleann Trasna)	**Loch na Scainimhe (Cill Chiaráin)**
Camus	**An Cnoc Buí (Carna)**
An Turlach (Ros Muc)	**Cloch na Rón (cuid de - Inis Ní, Iorras Beag)**
Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	**Maighros (Sraith Salach - cuid de)**

Tábla 1: Toghranna an LPT

Luadh thuas an éagsúlacht atá sa limistéar maidir le pátrúin úsáide na Gaeilge go laethúil. Sainíonn an SCT *2007* leibhéil úsáide na Gaeilge go laethúil ar bhonn catagóire de réir an choibhneas den phobal a labhraíonn an Ghaeilge.

Léiríonn **Figiúr 2** thíos catagóiriú, ó thaobh labhairt na Gaeilge de (daonáireamh 2011), do Ghaeltacht na Gaillimhe. Feictear dúinn go bhfuil LPT Conamara Láir (féach figiúr 1 thuas), taobh amuigh de roinnt ceantair imeallacha ó thuaidh agus siar, mar cheantar de chuid Catagóir A, is é sin ceantar láidir Gaeltachta.

DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA NAGAILLIMHE (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

Figiúr 2: Catagóir Gaeltachta na dtoghranna de réir an SCT.

Cúinsí Teanga agus Tíreolaíocha

Tá agus beidh tionchar suntasach ag dinimicí teanga agus tíreolaíocha ar thodhchaí limistéar Chonamara Láir mar cheantar bisiúil Gaeltachta sna blianta amach romhainn. Tá na ceantair sa taobh thoir (Camus, Ros Muc) agus na ceantair i lár an limistéir (Cill Chiaráin, Carna) áirithe mar Chatagóirí A, (67%+ den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge) i measc na gceantar Gaeltachta is láidre sa tír. Tá na ceantair in iarthuaisceart an limistéir (An Caiseal, An Sraith Salach, Inis Ní, Tuaim Beola, Iorras Beag) ina gceantair Bhreac-Ghaeltachta ar bhruachimeall na Gaeltachta, suite in abhantrach pobail nach labhartar aon Ghaeilge, nó fíorbheagán Gaeilge ar a mhéid, ann. Is é Baile an Chlocháin an baile is mó sa limistéar tíreolaíoch seo agus bíonn tarraingt ag cuid shuntasach de phobal Limistéar Chonamara Láir ar an mbaile ar bhonn rialta. De bhrí nach baile Gaeltachta é agus nach í an Ghaeilge gnáththeanga an phobail ina bhantrach an bhaile tá tionchar mór aige ar phátrúin úsáide teanga in abhantrach na gceantar Gaeltachta is gaire dó.

Má lagann úsáid na Gaeilge tuilleadh sa gcuid iar-thuaisceartach den limistéir déanfar tuilleadh creimthe ar phátrúin úsáide na Gaeilge, isteach i gcroílár limistéir Chonamara Láir agus isteach i gcroílár Ghaeltacht Chonamara. Chuirfeadh an cur i gcás seo Gaeltacht Chonamara i mbaol mar shlánaonad inmharthana teanga.

Ar an lámh eile dá spreagfaí an stát agus an pobal leis an Ghaeilge a choinneáil beo bríomhar i limistéar Chonamara Láir agus go gcuirfí na hacmhainní cuí ar fáil d'fhéadfadh gur breisiú seachas meath a bheadh i gceist ó thaobh labhairt na Gaeilge in iarthuaisceart Ghaeltacht Chonamara. Dá mbeadh sé follasach don phobal uile i gConamara Láir agus Thuaidh, sna ceantair Ghaeltachta, agus lasmuigh dóibh, go bhfuil leas suntasach forbartha ag baint le teanga na Gaeilge agus leis an tsaíocht Ghaelach ar bhonn eacnamaíoch, oideachais, sóisialta agus cultúir threiseodh sé úsáid na Gaeilge sa limistéir trí chéile. Níl tábhacht nach beag ag baint leis an bparaidím seo i gcomhthéacs an chinnidh atá tógtha ag an rialtas go bhforbrófar Baile an Chlocháin mar bhaile seirbhíse Gaeltachta amach anseo.

Saibhreas Cultúrtha agus Spiorad Pobail

Pobal tuaithe, cois cósta atá i limistéar Chonamara Láir a bhí ag brath go mór ar shaothrú na n-acmhainní nádúrtha sna aimsir atá caite. Bhain an-tábhacht leis an talamh agus leis an bhfarraige riamh anall. Tá saibhreas na saíochta Gaelaí follasach ó líon na n-amhránaithe, na ndamhsóirí, na scríbhneoirí, na gceoltóirí, na bhfilí, na saoi ceirde a fáisceadh as an bpobal leis na cianta. Limistéir é a mheall agus a mheallann scoláirí, scríbhneoirí, ealaíontóirí agus turasoirí ó chian 's ó chóngar mar gheall ar a shaibhreas eisceachtúil teanga, béaloidis, cultúir agus tírdhreach. Tá tírdhreach an limistéir chomh deas agus chomh héagsúil agus atá aon áit eile sa tír nó ar domhan, farraigí, sléibhte, locha agus gleannta suite faoi chúlbhrat mhaorga na mBeanna Beola. Meastar nach bhfuil dóthain buntáiste saothraithe ag an limistéir as an saibhreas eisceachtúil atá sa limistéir ó thaobh na n-ealaíona dúchasacha, go háirithe mar a bhaineann le traidisiúin na hamhránaíochta agus damhsa ar an sean-nóis, an bhéaloidis agus oidhreacht na mara. Moltar go scrúdófaí na féidearthachtaí Cultúrlann a fhorbairt a chuirfeadh éispéireas uathúil sna healaíona dúchasacha, atá chomh saibhir sin sa limistéir, ar fáil don chuairteoir ar an *gCósta Gaelach* seo. D'úsáidfí eilimintí taibhithe agus léirmhínithe lena léiriú don chuairteoir náisiúnta agus idirnáisiúnta go raibh siad i lár an domhain maidir leis na gnéithe uathúla seo den tsaíocht Ghaelach

Tá spiorad seasmhach agus an-teacht aniar sa bpobal agus é sin le feiceáil i réimsí éagsúla den saol, gan ach corr shampla a lua éachtaí i gcúrsaí sean-nóis agus ceol traidisiúnta, ar an bpáirc imeartha, sa mbádóireacht agus sa seoltóireacht, sa deonachas pobail agus sa saothrú liteartha. Tá earnáil dheonach fíorbhríomhar sa limistéir agus breis agus 70 eagraíocht deonach ag plé le chuile ábhar faoin spéir le cuid a bpobal féin a fheabhsú. Tá mionchur síos ar obair na n-eagraíochtaí deonacha i gCaibidil 6 (6.14) den Phlean iomlán.

Bánú Tuaithe

Tá bánú tuaithe le feiceáil go láidir sa limistéar cheal deiseanna a bheith ag sciar suntasach den phobal slí mhaireachtála a bhaint amach dóibh féin ina gceantar dúchais. Tá glúnta de bhunaidh an cheantair ag cur fúthu sna Stáit Aontaithe, sa Bhreatain agus san Astráil agus i dtíortha eile freisin.

Chuir an cliseadh i ngeilleagar na tíre le deich mbliana anuas agus go háirithe an cúlú i dtionscail na tógála, na déantúsaíochta agus sa mhuirshaothrú, dlús mór leis an imirce as an limistéir. D'fhág an cúlú eacnamaíoch go raibh ar chuid shuntasach den phobal imeacht as an gceantar le snáth a choinneáil faoin bhfiacail. Léiríonn staidreamh ó Dhaonáireamh 2016 i dTábla 2 thíos go bhfuil laghdú 9.4% tagtha ar dhaonra iomlán an limistéir ón Daonáireamh deiridh i 2011. Tá tionchar an-diúltach aige seo ar chreatlach sóisialta agus ar phatrúin thraidisiúnta úsáide teanga.

Léiríonn figiúirí ó Dhaonáireamh 2016 freisin go rangaítear LPT Chonamara Láir mar cheantar faoi mhíbhuntáiste. Tá gach toghroinn sa limistéar faoi bhun an mheáin náisiúnta de réir na gcritéir a húsáidtear le

míbhuntáiste a thomhais. Gné lárnach den chritéar a húsáidtear le mhíbhuntáiste a thomhais is ea an ráta dífhostaíochta agus de réir an staidrimh a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i Mí an Mheithimh 2017 tá toghroinn Scainimh i measc na dtoghranna is airde sa tír maidir le ráta dífhostaíochta. Clúdaítear na critéir maidir le stádas míbhuntáiste i gCaibidil 6 (6.3) den phlean.

Tábla 2. Toghranna an Limistéir Pleanála Teanga agus an t-athrú daonra de réir Dhaonáirimh 2016 agus 2011.

Toghroinn	Daonra 2011	Daonra 2016	Athrú ó 2011
Cill Chuimín (Gleann Trasna)	162	149	-13 (-8.0%)
Camus	358	316	- 42 (-11.7%)
An Turlach (Ros Muc)	545	548	+3 (+0.6%)
Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	301	261	- 40 (-14%)
Loch na Scainimhe (Cill Chiaráin)	684	612	-72 (-10%)
An Cnoc Buí (Carna)	853	810	- 43 (-5.0%)
Cloch na Rón (Cuid de - Inis Ní) & Maighros (Sraith Salach - cuid de)	243	241	-2 (-0.8%)
Iomlán	**3,146**	**2,935**	- 211 (-6.7%)

Tábla 2: Daonra an LPT (Daonáireamh 2016) de réir na dtoghranna

Fostaíocht

Tá mionchur síos i gCaibidil 6 (6.9) ar chomhdhéanamh an gheilleagair sa limistéir agus líon na bpostanna sa limistéir faoi scáth Údarás na Gaeltachta, an áisínteacht forbartha tionsclaíoch Gaeltachta. Mar a luaitear thíos i Mórchuspóirí an Phlean (tábla 5) tá géarghá le Tascfhórsa agus **le Plean Forbartha Fostaíochta** ar leith don limistéar le dul i ngleic leis an ngéarchéim fostaíochta.

"Fostaíocht! Níl aon teanga ann gan phobal"

"Feachtas eolais do thuismitheoirí faoin dátheangachas"

"Rud ar bith a spreagann an t-aos óg maidir leis an teanga, tá tábhacht leis"

(Ráitis ón gcomhairleachan poiblí)

Feictear ó staidreamh a bhaineann le cúrsaí fostaíochta sa LPT go bhfuil 59% den fhostaíocht atá sa limistéar i 2016 faoi scáth Údarás na Gaeltachta bunaithe ar acmhainní nádúrtha. Tá an tábhacht a bhaineann leis na hacmhainní nádúrtha maidir le líon na ndaoine atá fostaithe san earnáil sa limistéir i gcomparáid le hearnálacha eile léirithe i dTábla 3 thíos.

Bheadh sé mar ról lárnach ag an dTascfhórsa Forbartha Fostaíochta taighde a thionscnamh a dhéanfadh mionscagadh ar luach na n-acmhainní nádúrtha do phobal an LPT agus ar an bpoitéinseal a bhaineann lena bhforbairt. Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh an taighde seo samhail ioncaim a shainiú a léiríonn an t-ioncam breise a ghinfí ó chuid de na hearnálacha thuas e.g. ioncam do lucht lóistín/soláthar seirbhísí turasóireacha, agus a bheadh ar chomhleibhéal le 'post' a chruthú in oifig nó i monarchan. Caithfear imeacht ón tsamhail gur trí chuideachtaí nua 'start-ups' nó trí phostanna nua sa mhodh eacnamaíoch traidisiúnta amháin a chruthófar ioncam/slí mhaireachtála breise do phobal an LPT. Mar shampla an bhféádfaí an t-ioncam ó earnáil an Ghaeloideachais agus na Turasóireachta cultúrtha a leathnú ó cheann ceann na bliana go mbeadh an t-ioncam do lucht soláthair lóistín agus seirbhísí eile ar chomhionann leibhéal saothraithe ioncaim agus dá mbeadh na daoine sin ag obair go lánaimseartha.

Tuigtear agus an plean á scríobh go leanfar ag leagan béime ar thábhacht na n-acmhainní nádúrtha i gcruthú fostaíochta sna blianta amach romhainn freisin, e.g. Muirshaothrú agus an Turasóireacht Chultúrtha.Tá saothrú in earnálacha na turasóireachta cultúrtha (Slí an Atlantaigh Fhiáin, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ionad na nImirceach), agus an Ghaeloideachais (Coláistí Samhraidh, Ionad Ollscoile an Acadaimh, Carna, Ionad GRETB,

Ros Muc) ag léiriú an poitéinseal a bhaineann le deiseanna fostaíochta a chruthú ó acmhainní nádúrtha an limistéir. Ba chóir go bhféachadh an Tascfhórsa Forbartha Fostaíochta a **dhúbláil** a dhéanamh ar líon na bpost sa LPT atá bunaithe ar na hacmhainní dúchasacha faoi dheireadh an Phlean Teanga i 2024. Léirítear thíos (Tábla 3) cur chuige amháin leis an líon post reatha atá bunaithe ar na hacmhainní dúchasacha a dhúbláil, i.e. 174 post eile anuas ar an 174 atá ann i láthair na huaire. Turasóireacht Chultúrtha (An Cósta Gaelach, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Ionaid Oidhreachta an Limistéir, leathnú an tséasúir agus líon na dturasóirí).

Forléargas ar sprioc fostaíochta féideartha maidir leis na hacmhainní nádúrtha.

Gaeloideachas (leathnú an tséasúir) & na hEalaíona Dúchasacha (Cultúrlann Náisiúnta)	45
Turasóireacht Chultúrtha, (leathnú an tséasúir, comharchumann turasóireachta, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ionad na nImirceach)	30
Muirshaothrú & Iascaireacht	70
An Mol Digiteach	18
Feirmeoireacht (cur le hinbhuanaitheacht na hearnála)	11
Iomlán	**174**

Tábla 3: Spriocanna fostaíochta féideartha

Ní mholtar earnálacha eile do chruthú fostaíochta a chur as an áireamh leis an mbéim seo ar acmhainní nádúrtha an limistéir. Léiríonn an comhairliúcháin poiblí faoi scáth an Phlean Teanga go bhfuil úsáid na Gaeilge láidir i saothrú na n-acmhainní nádúrtha agus go bhfuil an poitéinseal ann í a láidriú tuilleadh mar go bhfuil deis ar leith ag pobal an LPT fostaíocht a aimsiú ar an gcéad dul síos iontu. Tá earnálacha eile a d'fhéadfaí a fhorbairt mar shampla faoi scáth an Mhol Dhigitigh agus na Scéime Forbartha Fiontraíochta atá luaite mar chuspóirí ar leith maidir le forbairt fostaíochta sa LPT.

Tionscail na hIascaireachta in Iorras Aithneach

Tá tionscail na hiascaireachta fite fúaite i saol shóisialta agus eacnaíochta an cheantair le na céadta blian.

Tá traidisiún agus seanachas na hiascaireachta i lár an phobail agus ag éirí as sin bhí agus tá cáil ar iascairí, bádóirí agus saortha bád an cheantair.

Siar sna blianta is beagnach go raibh bád ag gach teaghlach cois cladaigh agus an té a bhí ag iascach bhí meas air agus ba cúidiú mór do shaol an teaghlaigh agus an cheantair luach saothar na niascairí.

Cé gur thainig meath ar an tionscail I lár an chéid seo caite nuair a bhí ré na báid seoil ag teacht chun deireadh, tháinig borrradh faoi le teacht na báid inill agus le cúnamh ó eagrais stáit, ar nós Gael Linn, Gaeltarra Éireann, BIM agus ÚnaG.

Faoi lathair tá thart ar trí scór iascaire ag plé le iascach cois cósta ar bhun lán-aimseartha nó páirt-aimseartha agus suas le tríocha bád iascach sa gceanatar.

Is í an Ghaeilge teanga labhartha na niascairí agus tá saibhreas na leagainn cainte atá bainteach le iascach agus bádóireacht tugtha anuas ó glúin go glúin.

Is feidir a rá go bhfuil tionchar dearfach ag tionscail na hiascaireachta ar shaol eacnamaíochta agus sóisialta an cheantair. Is fiú thart ar €600,000 (de réir IBM i gCarna) an tionscal don cheantar.

Na Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Faoi Acht na Gaeltachta 2012 tugadh stádas reachtúil agus aitheantas ar leith do bhaile An Clochán agus do Chathair na Gaillimhe mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do cheantair Ghaeltachta Chonamara Láir. Trí phlean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna bailte seo, táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile sna bailte chun tacú leis an nGaeilge go ginearálta agus le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an LPT. Is é an cuspóir a bheidh ag an bpleananna teanga sa gClochán agus i nGaillimh ná cur le húsáid na Gaeilge sna bailte mar a bhaineann sé le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, seirbhísí stáit agus lucht gnó.

Meastar gur fiú sa bhreis agus €3 milliún in aghaidh na bliana earnáil na gColáistí Gaeilge don LPT agus go bhféadfaí an earnáil seo a fhás – e.g. trí shéasúr níos faide, áiseanna níos fearr a fhorbairt, tógáil ar an aitheantas an-mhaith atá gnóthaithe ag an earnáil go náisiúnta. Anuas air sin, fostaítear go leor eile in earnáil na teanga agus ba mhaith an sciar fostaíochta a bhaineann le earnáil na teanga agus an chultúir sa limistéir a bhuanú agus a mhéadú. Ar an iomlán, teastaíonn aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dífhostaíochta mar thosaíocht straitéiseach i gcomhthéacs na leibhéil arda dífhostaíochta agus míbhuntáiste sa cheantar.

Tuairimí an Phobail

Mar a luadh thuas tá rannpháirtíocht an phobail mar chroílár an phróisis pleanála teanga. I measc na mbearta le tuairimíocht an phobail a fhiosrú faoi staid reatha agus todhchaí na Gaeilge ar raon leathan ábhar bhí siad seo a leanas:

- Cruinnithe Poiblí i gCamus, i Ros Muc, i gCill Chiaráin, i gCarna, ar an gCaiseal agus ar an Sraith Salach i Mí na Samhna 2016.
- Scaipeadh breis agus 1000 ceistneoir ar thithe sa limistéar uile i Mí Feabhra 2017 leis an rannpháirtíocht is leithne a chinntiú. Fuarthas aiseolas ó 414 freagróir de thoradh an bhearta seo. Fuarthas dóthain aiseolais ó gach ceantar sa limistéir le léargas a thabhairt dúinn ar thuairimíocht an phobail iontu.
- Eagraíodh grúpaí fócais sna scoileanna bun agus dara leibhéal, le lucht eagraithe imeachtaí spórt CLG agus na gColáistí Gaeilge.
- Reáchtáladh suirbhé ar dhéagóirí an cheantair sa dhá scoil iarbhunoideachais
- Reáchtáladh suirbhéireacht ghnó ar leith ar ghnólachtaí sa limistéar
- Ceardlann le cinnirí agus cóitseálaithe spórt an limistéir
- Taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil ar staidreamh éagsúil maidir le staid na Gaeilge i limistéir Chonamara Láir.

Cruinnithe Poiblí i gCamus, i Ros Muc, i gCill Chiaráin, i gCarna, ar an gCaiseal agus ar an Sraith Salach i Mí Dheireadh Fómhair 2017 le torthaí an chomhairliúcháin poiblí agus moltaí an dréacht-phlean teanga a chur i láthair an phobail.

Léirítear i dTábla 4 **cuid** de na príomhthorthaí a d'eascair ón anailís a rinneadh ar thorthaí an chomhairliúcháin pobail. Tá mionchur síos ar na torthaí uile sa bPlean iomlán.

Tábla 4 - Príomhthorthaí ón gComhairliúchán Poiblí

Téama	Achoimre ar Thorthaí
Báúlacht don Ghaeilge: Daoine Fásta	Luaigh 95% den phobal tacaíocht don Ghaeilge sa limistéar
Báúlacht don Ghaeilge: Déagóirí	61% Go láidir i bhfabhar, 29% fabhrach go leor
Na hábhair is mó atá ag déanamh tinnis don phobal	Easpa fostaíochta Bánú na Tuaithe Easpa seirbhísí criticiúla ar nós leathanbhanda
Dífhostaíocht	Tá ceann de na toghranna sa cheantar mar cheann de na 'spotaí dubha' náisiúnta de bharr an ráta ard dífhostaíochta atá ann
Cumas Labhartha sa Ghaeilge: Daoine Fásta	76% Cainteoirí Dúchais, 5% Cainteoirí Líofa eile nach ón nGaeltacht iad ó thús
Cumas Labhartha sa Ghaeilge: Déagóirí	Tuairiscíonn 61% go bhfuil Gaeilge líofa acu
Cár tógadh muintir an cheantair	86% i nGaeltacht Chonamara
Cén teanga a bhfuil déagóirí á tógáil léi.	Go garbh, 33% le Gaeilge amháin, 33% le meascán de Ghaeilge agus Béarla, 33% le Béarla amháin.

Tábla 4: Príomhthorthaí ón gComhairliúchán Poiblí

Cuspóirí Ard-Leibhéil an Phróisis Pleanála Teanga i LPT Chonamara Láir

Liostáiltear i **dTábla 5** na cuspóirí ardleibhéil a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán poiblí.

Tábla 5

	Réimse	Sprioc
1.	**Slí Mhaireachtála**	Slí Mhaireachtála an cheantair a árdú le nach mbeadh aon toghroinn i gConamara Láir faoi mhíbhuntáiste faoin mbliain 2024, mar atá i láthair na huaire, de réir na gcritéar a húsáidtear go náisiúnta le míbhuntáiste a thomhais. Caithfear díriú ach go háirithe ar an ngéarchéim fostaíochta atá sa LPT le dul i ngleic leis an leibhéal míbhuntáiste atá sa limistéar.
2.	**Daonra an LPT**	Daonra an cheantair a ardú go dtí an leibhéal ag a raibh sé le linn Dhaonáireamh 2011, sin méadú 7.3% ar Dhaonra an LPT i 2016, i.e. 215 duine breise.
3.	**Fostaíocht**	Beidh gnóthú spriocanna ardleibhéil 1 & 2 thuasluaite maidir le hinmharthanacht an LPT ag brath ar an gcéad dul síos ar fhostaíocht bhreise a chruthú. Tá éigeandáil dífhostaíochta sa LPT faoi láthair agus an ráta dífhostaíochta 60% níos airde ná an ráta dífhostaíochta náisiúnta. Mar chéad chéim chriticiúil teastaíonn **Tascfhórsa Fostaíochta** a bhunú láithreach a fhorbróidh Plean Forbartha Fostaíochta le dul i ngleic leis an éigeandáil dífhostaíochta roimh dheireadh 2018. Teastaíonn an ráta dífhostaíocht sa LPT (13.3%) a laghdú go suntasach le go mbeidh sé ag leibhéal a chinnteoidh slí mhaireachtála sásúil do phobal an LPT. Ba chóir deiseanna fostaíochta úra a fhorbairt atá ag luí isteach le láidrí phobal an LPT.
4.	**An Ghaeilge**	Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (lasmuigh den chóras oideachais) don LPT **a ardú ó 56.15% (Daonáireamh 2016) go 60% den phobal faoi 2021**. I dtéarmaí líon na ndaoine, chiallódh seo 105 duine as an 798 duine 'a labhraíonn go hannamh, anois is arís, go seachtainiúil nó ar scoil amháin' a mhealladh le Gaeilge a labhairt go laethúil lasmuigh den chóras oideachais.
5.	**Oideachas**	**Stádas Scoil Ghaeltachta** a bheith ag chuile scoil agus aitheantas Gaeltachta ag chuile naíonra mar atá beartaithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta[2] 2017-2022 (POG). Fóra(i)m a bhunú do na scoileanna, do bhoird bainistíochta, do na príomhoidí, do na múinteoirí agus d'fhostaithe na naíonraí mar thacaíocht dóibh déileáil leis na dúshláin teangeolaíocha agus do chur i bhfeidhm an POG.
		Mar atá molta sna critéir theanga-bhunaithe do bhunscoileanna chun Stádas Gaeltachta a bhaint amach, go leanfaí leis an mbéim atá ar na spriocanna seo maidir le láidriú na Gaeilge sa LPT agus go dtreiseofaí é.
		Straitéis ar leith a fhorbairt do sheirbhísí naíonra sa limistéar le dul i ngleic leis na dúshláin suntasacha atá ag naíonraí an limistéir ó thaobh inmharthanachta mar gheall ar bhallraíocht íseal ar lámh amháin agus easpa acmhainní leis na sruthanna teanga éagsúla atá de dhíth le freastal ar pháistí le leibhéil éagsúla cumais sa Ghaeilge, a chur ar fáil, ar an lámh eile.
		Ionad Cúram Leanaí – Maoiniú cuí a aimsiú le cur ar chumas an Ionaid raon leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal agus le go mbeidh ar chumas an Ionaid freastal ar na sainriachtanais teanga atá ag gasúir éagsúla. Beidh ról lárnach ag an Ionad maidir le seirbhísí réamhscoile agus tar éis scoile a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge rud a chabhróidh go mór le gnóthú cuspóirí an Phlean Teanga i leith na spriocghrúpaí a bhíonn ag úsáid an Ionaid.

[2] www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf

		Buanú agus treisiú a dhéanamh ar an soláthar Ollscolaíochta Ghaeilge faoi scáth Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉ, Gaillimh) agus ar an soláthar breisoideachais faoi scáth Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin (BOOGRC) sa limistéar.
6.	**An Teaghlach**	Ardú 5% ar líon na dtuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Scéimeanna Tacaíochta do a) thuismitheoirí ar cainteoirí dúchasacha iad, b) tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu agus c) teaghlaigh ina bhfuil níos mó ná teanga amháin á labhairt iontu.
7	**An Óige**	Infheistíocht i lárionaid (dhá ionaid, ceann ar an taobh thoir agus ceann ar an taobh thiar) caitheamh aimsire den scoth d'aos óg an limistéir uile. Cothóidh na lárionaid timpeallacht ina mbláthóidh saol sóisialta agus deiseanna caitheamh aimsire d'aos óg an limistéir i dtimpeallacht nádúrtha na Gaelige.
8.	**Na hEalaíona Dúchasacha**	Tógáil ar saibhreas eisceachtúil agus ar an mórtas pobail atá ag pobal an LPT ó thaobh na n-ealaíon agus na hoidhreachta dúchasaigh trí thionscnaimh ar leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta a chur chun cinn a mheallfaidh infheistíocht shubstaintiúil agus deiseanna fostaíochta go dtí an LPT.
9.	**Mealltacht Náisiúnta & Idirnáisiúnta**	Brandáil ar leith a dhéanamh ar LPT mar áit a bhfuil eispéireas eisceachtúil teanga agus cultúir ar fáil ann agus leas a bhaint as tionscnaimh ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin, Ionad Cultúir an Phiarsaigh, Ionad na nImirceach leis an mbranda seo a chur i láthair an domhain mhóir faoin gcoincheap '**An Cósta Gaelach'**. Comharchumann Turasóireachta do Ghaeltacht Chonamara a bhunú. Ionad ar leith a fhorbairt do shaothrú agus do thaibhléiriú na nEalaíona Dúchasacha.

Tábla 5: Cuspóirí Ard-Leibhéil an PT

Na Príomh-Bhearta

Léirítear **i dTábla 6** na Príomh-bhearta a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí.

Tábla 6

	Réimse	Beart
A	**Infheistíocht i mbonneagar Forbartha Pobail an LPT leis an bPróiseas Pleanála Teanga a bhuanú sa LPT.**	**Tá Forbairt Chonamara Láir (FCL) aitheanta ag an Údarás faoi Scéim na gComharchumann Gaeltachta agus faigheann sé deontas reachtála chun cuidiú leis a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Tá FCL ag feidhmiú mar cheanneagraíocht don phróiseas pleanála teanga sa LPT. I bhfianaise éagsúlacht teangeolaíoch agus méid tíreolaíoch an cheantair tá acmhainní fíortheoranta ag FCL faoi láthair le tabhairt faoi na cúraimí uile atá leagtha air ó thaobh na forbartha pobail agus an pleanála teanga. Teastaíonn cinnteacht faoin leibhéal maoinithe atá ar fáil do FCL le go mbeidh sé in ann an cúram breise atá leagtha air mar cheanneagraíocht na bpróisis seo a chomhlíonadh agus an tacaíocht a bheidh riachtanach don phróiseas pleanála teanga i gConamara Láir a chur ar fáil.** **Faoi scáth na ceanneagraíochta FCL moltar Struchtúr 3 Leibhéal** a bhunú chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm: (a) **Forbairt Chonamara Láir Teo,** mar cheanneagraíocht atá ionadaíoch ar phobal an LPT trí chéile, le cur i bhfeidhm an phlean a bhainistiú agus a threorú amach anseo. (b) **Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir** (CPTCL), atá ionadaíoch ar phobal an LPT, a bhunú le stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean ar bhonn leanúnach i gcomhar le foireann na hOifige Pleanála Teanga thíosluaite. (c) **Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir (OPTCL)** a bhunú ina bhfostófar foireann le cuspóirí agus bearta an Phlean Teanga uile a fheidhmiú go héifeachtach ó lá go lá ar fud an LPT.
		Foireann de thriúr ball foirne oilte a cheapadh a bheidh lonnaithe san OPTCL. • Oifigeach Pleanála Teanga (OPT), • Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga (OCPT), • Riarthóir.
		Feachtas poiblíochta agus feasachta a reáchtáil chun eolas a roinnt faoin bPlean Teanga, faoina spriocanna, deiseanna agus faoina gnéithe éagsúla a bhaineann leis.
		Maoiniú a chinntiú do chur i bhfeidhm spriocanna an phlean thar thréimhse seacht mbliana an Phlean 2018-2024.

B	**Fostaíocht**	Mar chéim bhunaidh chriticiúil Tascfhórsa Fostaíochta a chur le chéile le Plean Forbartha Fostaíochta a fhorbairt a mbeidh sé mar phríomhaidhm a ísleoidh an ráta dífhostaíochta atá ag 13.3% go dtí an meánráta náisiúnta 7.9% faoi dheireadh shaolré an Phlean Teanga i 2024. Léiríonn figiúirí fostaíochta ÚnaG do 2016 go bhfuil 59% de na postanna atá lonnaithe sa LPT faoina scáth ÚnaG bunaithe ar acmhainní nádúrtha. Ba chóir go n-aithneodh an Plean Forbartha Fostaíochta an poitéinseal atá ann cur go mór leis an leibhéal fostaíochta atá bunaithe ar na hacmhainní dúchasacha (Turasóireacht Chultúrtha, Gaeloideachas, Muirshaothrú). Ba chóir go ndéanfaí mionluacháil ar thábhacht agus ar phoitéinseal forbartha na n-acmhainní nádúrtha i gcruthú fostaíochta mar chuid lárnach den Phlean Forbartha Fostaíochta. Beidh sé tábhachtach freisin caighdeán na bpost atá bunaithe ar na hacmhainní nádúrtha faoi láthair a shainiú agus caighdeán na bpost nua a bhféadfaí a chruthú orthu a léiriú ar mhaithe le slí mhaireachtála mhaith a bheith ag baint le haon fhostaíocht nua. Ba chóir mionscagadh a dhéanamh ar scileanna agus ar cháilíochtaí phobal na háite ar mhaithe le fostaíocht a bhfeadfaí a mhealladh in earnálacha comhaimseartha a aithint, e.g. fochuideachtaí seirbhíse de chuideachtaí ilnáisiúnta atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe a lonnú sa LPT.
		Muirshaothrú agus Iascaireacht. An poitéinseal a bhaineann leis an earnáil don limistéir a léiriú. (Tá raon leathan réimsí i gceist le muirshaothrú sa LPT, go príomha Páirc Mhara Chill Chiaráin, feirmeoireacht éisc, fotháirgí mara nua le luach breise a fhorbairt, An Saotharlann Taighde Mara, OÉ, Gaillimh i Maínis, iascaireacht agus seirbhísí agus bonneagar don turasóireacht chultúrtha ar mhuir.)
		Is léir ón aiseolas ón gComhairliúchán Poiblí le linn don Phlean Teanga a bheith á fhorbairt go gcreideanna an tromlach de phobal an LPT nach bhfuil dóthain saothrú déanta ar an saibhreas atá sa limistéar maidir leis an oidhreacht chultúrtha agus na healaíona dúchasacha. Moltar tionscadal suaitheanta ag leibhéal náisiúnta a fhorbairt leis an saibhreas seo a shaothrú. Tá deis ar leith ann **Cultúrlann** a fhorbairt a léireodh an limistéar mar chroílár an domhain maidir leis an tsaíocht Ghaelach, traidisiún an tsean-nóis (amhránaíocht agus damhsa), an bhéaloidis, agus an ceol traidisiúnta ach go háirithe. Beidh an Cultúrlann mar áis ina mbeidh éispéireas uathúil ar fáil don chuairteoir ar an 'gCósta Gaelach' agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Bheadh eilimintí taibhithe (seónna beo) i gceist áit a mbeadh féilte, seónna, ceolchoirmeacha, ceardlanna, scoileanna samhraidh, taispeántais bheo agus eile á reáchtáil ó cheann ceann na bliana. Thabharfaí léirmhíniú i bhfoirm dhigiteach ar stair, ar chomhthéacs na n-ealaíon dúchasaigh agus ar ealaíontóirí móra sean-nóis an limistéir agus ar scéal na gCeilteach ar shlí an Atlantaigh thiar. Bheadh amharclann sa gCultúrlann freisin. Chuirfeadh an Cultúrlann go mór le mealltacht an cheantair do mhic léinn tríú agus dara leibhéal a bheadh ag taraingt ar chúrsaí léinn sa LPT agus do turasóirí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh agus Ionad na nImirceach).
		Mol Digiteach a fhorbairt sa limistéar le háiseanna a chur ar fáil do ghnónna a dteastaíonn seirbhísí teileachumarsáide ar ardchaighdeán uathu. Chuirfeadh an Mol Digiteach go mór leis na deiseanna atá ann do dhaoine áitiúla a féinfhostaithea ngnólachtaí a fhorbairt, spreagfadh sé do dhaoine féinfhostaithe lasmuigh cur fúthu sa gceantar agus mheallfadh sé daoine de bhunús an limistéir a bhfuil a gcuideachtaí féin acu filleadh ar an limistéar.

		Ba chóir **Comharchumann Turasóireachta** a bhunú a thabharfadh na páirtnéirí uile le chéile sa limistéir, le comhoibriú laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht i gConamara Láir agus i dTuaisceart Chonamara. Bheadh sé mar phríomhaidhm ag an gComharchumann i gcomhar le LPTnna eile an limistéar a mhargú mar **Chósta Gaelach, limistéar ar a mbeadh eispéireas eisceachtúil ar fáil don thurasóir ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.**
		Tá géarghá le **seirbhísí tacaíochta d'fhorbairt ghnó agus fiontraíochta** a bhunú go lánaimseartha sa LPT. Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht faoi scáth an Tascfhórsa Fostaíochta maoiniú a aimsiú le saineolaí(áithe) forbartha fiontraíochta a fhostú go lánaimseartha sa LPT le tacú le gnólachtaí nua agus smaointeoireacht ghnó thabhairt chun cinn. Ba chóir go mbeadh ciste forbartha ar leith imfhálaithe do'fhorbairt cuideachtaí nua sa LPT faoi scáth an tionscnaimh seo.
		Is léir ón gComhairliúchán Poiblí go gcreideann mórthromlach an phobail go bhfuil **easpa leathanbhanda agus bóithre maithe** ar na constaicí is mó d'fhorbairt deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán sa limistéar. Teastaíonn plean gnímh ar leith a fhorbairt faoi scáth an Phlean Forbartha Fostaíochta thuasluaite a chinnteoidh seirbhís leathanbhanda ar ardchaighdeán don limistéar uile. Teastaíonn an N59 a fheabhsú agus na bóithre a cheanglaíonn leis laistigh den limistéar a fheabhsú ar bhonn práinne. Ba chóir go n-áireofaí na riachtanais bonneagair seo sa bPlean Forbartha Fostaíochta.
		Ba chóir scéim tacaíochta a fhorbairt do ghnólachtaí an limistéir maidir le **feiceálacht agus úsáid na Gaelige a láidriú in earnáil ghnó** sa LPT. Ba chóir go gcuimseodh an scéim comharthaíocht agus margaíocht trí Ghaeilge, freagairt an ghutháin trí Ghaeilge, Raidió na Gaeltachta & TG4 a bheith feiceálach in Óstáin agus i dTithe Tabhairne, iompar teanga i measc na foirne, ranganna Gaeilge don fhoireann. Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Pleanála Teanga i bhfeidhmiú an bhirt seo.
C	**An Ghaeilge**	Cur le **deiseanna nuálacha do dhaoine fásta le Gaeilge a fhoghlaim**, a shealbhú agus a shaibhriú. Cur le deiseanna úsáide na Gaeilge i saol sóisialta an phobail, san ionad oibre agus in earnáil na seirbhísí, idir mhiondíol agus sheirbhísí stáit agus eile. Tacú le húsáid na Gaeilge ag na daoine fásta ar fad i dtimpeallacht na scoileanna mar atá sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.
D	**An Teaghlach**	Scéim feasachta, tacaíochta agus saibhrithe teanga a reáchtáil do thuismitheoirí ar cainteoirí ó dhúchais nó cainteoirí feidhmiúla iad ar mhaithe le labhairt na Gaeilge a threisiú ag leibhéal an teaghlaigh.
		Spárántachtaí do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, bheadh na sparántachtaí dírithe ar dheiseanna ar leith a chruthú don chlann na dteaghlaigh barr feabhais a bhaint amach i réimsí éagsúla den Ghaeloideachas ag an chéad, dara agus tríú leibhéal.
		Scéim feasachta agus tacaíochta teanga a reáchtáil do thuismitheoirí nach cainteoirí Gaeilge iad a mhealladh i dtreo na Gaeilge trína buntáistí a bhaineann léi agus leis an dátheangachas chur ar a gcuid súile.
		Pacáiste tacaíochta teanga atá cuimsitheach, céimnitheach agus leanúnach a thairiscint d'fhoghlaimeoirí idir fásta agus óga araon. Ranganna, ciorcail chomhrá, cabhair ón bpobal, cabhair aonair, acmhainní digiteacha, na meáin shóisialta.
		Leas a bhaint as an nuatheicneolaíocht agus na meáin shóisialta le hacmhainní teanga a fhorbairt a chabhróidh le saibhriú agus sealbhú teanga i measc na spriocghrúpaí thuasluaite

E	**An Óige**	**Dhá Ionad don Óige** a fhorbairt sa limistéir, ceann ar an taobh thoir agus ceann ar an taobh thiar ina mbeadh fáil ag óige an limistéir ar áiseanna agus ar sheirbhísí caitheamh aimsire den scoth i dtimpeallacht ar í an Ghaeilge gnáththeanga sóisialaithe na nIonad. Tá léirithe ag taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta gur í an laigiú a thagann ar mhionteanga i gcomhthéacsanna sóisialaithe an aosa óig ar cheann de na bagairt is mó atá ann le go mairfidh an mhionteanga sin do na glúnta atá le teacht. Cruthófar timpeallacht shóisialta ina mbeidh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide an aosa óig. Tógfaidh na hIonaid ar mholtaí Straitéis Óige na Gaeltachta a foilsíodh le gairid. Ba chóir scéim a fhorbairt faoi scáth na nIonad ina mbeadh scileanna cinnireachta a fhorbairt i measc an aosa óig féin agus iompar agus saibhriú teanga fite fuaite sa scéim.
		Oiliúint chuí i bhfeasacht agus in iompar teanga a chur ar dhaoine fásta, ar chóitseálaithe spóirt, ar cheannairí agus orthu siúd a bhíonn ag obair leis an óige. Ba chóir go ndíreodh an oiliúint seo go sonrúil ar na bealaí leis an Ghaeilge a thabhairt chun cinn i mbealach mealltach dearfach. Go gceanglófaí modúil maidir le saibhriú teanga leis na cúrsaí oiliúna a dhéanann an pobal san earnáil spórt. Go rithfí scéim oiliúna phíolótach i gcomhair le C.L.G. do chóitseálaithe cluichí Gaelacha ina mbeadh béim ar leith ar úsáid na Gaeilge ar an bpáirc imeartha agus traenála.
F	**Oideachas**	An leas is mó a bhaint as an **bPolasaí don Oideachas Gaeltachta** ar mhaithe le eispéireas Gaeloideachais den scoth a bheith ar tairiscint d'aos óg an limistéir. Acmhainní digiteacha nua-aimseartha a fhorbairt don seomra ranga trí chomhoibriú idir scoileanna agus áisínteachtaí oideachasúla.
		Timpeallacht a chruthú do ghasúir atá á dtógáil le Gaeilge an teanga a shaibhriú go dtí go mbeidh sí sealbhaithe go hiomlán acu (aois a seacht mbliana a mholtar). Sin le rá go mbeadh polasaí buanaithe teanga ag na hIonad cúraim leanaí, agus ag na réamhscoileanna, bunscoileanna, iarbhunscoileanna, eagrais spóirt agus imeachtaí taobh amuigh d'am scoile.
		Scagadh a dhéanamh ar na riachtanais réamhollscoile agus ollscolaíochta trí mheán na Gaeilge atá ag pobal an limistéir agus na hacmhainní a aimsiú le freastal ar na riachtanais sin gar go bhaile trína hIonaid Oideachais Gaeltachta atá ag an Acadamh (OÉ, Gaillimh) agus an BOOGRC. Cur leis na deiseanna tumoideachais Gaeltachta atá ar fáil do mhic léinn in Ionad an Acadaimh, Carna.
		A chinntiú nach bhfuil aon áisínteacht oideachais ag aon leibhéal den Chomhchreat Náisiúnta Cáilíochta ag cur oiliúna trí mheán an Bhéarla chun cinn ar oiliúint trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht. Luaiter faoin Acht Oideachais 1998 (Páirt I 6. J) an ról atá ag áisinteachtaí oideachais i dtacú le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht. Ba chóir gur i nGaeilge a dhéanfaí freastal ar phobal na Gaeltachta ar chúrsaí oiliúna ar gach leibhéal. I gcás nach bhfuil Gaeilge ag rannpháirtithe ba chóir freastal ar a gcuid riachtanais oiliúna ach ní i mbealach go n-iompófaí ar Bhéarla do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu.
G	**Na hEalaíona Dúchasacha mar acmhainn eisceachtúil**	Forbairt a dhéanamh ar thionscail na turasóireachta cultúrtha mar earnáil a bhfuil poitéinseal ar leith ag baint léi do chruthú fostaíochta agus do ghniniúint ioncaim don limistéir. Coincheap an **'Cósta Gaelach'** a chur chun cinn agus a mhargú i gcomhthéacs go bhfuil eispéireas teanga, oidhreachta agus cultúir ó thaobh thraidisiúin an tsean-nóis ar fáil sa limistéir nach bhfuil a mhacasamhail le fáil aon áit eile.
		Cur leis an Scéim Oiliúna sna hEalaíona Dúchasacha faoi scáth Choiste Tacaíochta na nEalaíona Dúchasacha in Iorras Aithneach le go leanfaidh an sealbhú saibhir ar na healaíona dúchasacha ó ghlúin go glúin sa LPT.

		Tacaíocht a chur ar fáil d'Fhéile Joe Éinniú', d'Fhéile Mhicheál Mháire Ghabha, Féile Mhic Dara, agus féilte eile le fás agus forbairt a dhéanamh. Bheadh áiseanna na Cúltarlainne thuasluaite an-tábhachtach le freastal ar riachtanais na bhféilte áitiúla agus cabhrú leo leathnú amach mar fhéilte náisiúnta. Féile Nua Idirnáisiúnta a fhorbairt bunaithe ar shaibhreas eisceachtúil sean-nóis agus béaloidis an limistéir, ceangal le tíortha Ceilteacha eile i gcomhthéacs suíomh an limistéir ar imeall an Atlantaigh.
		Scoil Shamhraidh sna hEalaíona Dúchasacha a bheadh dírithe ar dhéagóirí na Gaeltachta agus ar dhéagóirí ó lasmuigh den Ghaeltacht. Dhíreodh an scoil shamhraidh ar shealbhú na n-ealaíon dúchasacha. Dhíreofaí ar chumadóireacht amhrán nua-aimseartha i nGaeilge freisin. Bheadh sí lonnaithe sa gCultúrlann.
H	**An Earnáil Phobail agus Phoiblí**	Forbairt Bhaile an Chlocháin mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, na himpleachtaí agus na deiseanna a mhionscrúdú.
		Lárionad seirbhísí eolais agus tacaíochta a fhorbairt i Ros Muc/Camus. Chuirfí na seirbhísí eolais uile ó ranna agus ó áisínteachtaí stát (seirbhísí leasa shóisialaigh, deiseanna oideachais, seirbhísí tacaíochta d'fheirmeoirí agus d'iascairí, seirbhísí eolais ó Fheidhmeanancht na Seirbhísí Sláinte, seirbhísí eolais don aosach, ar fáil trí mheán na Gaeilge san Ionad seo. Tá an tIonad seo criticiúil le go bhfanóidh an Ghaeilge chun cinn mar theanga pobail sa LPT.
		Clár feasachta maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an nGaeilge a choinneáil mar ghnáthurlabhra ag imeachtaí poiblí, a mbíonn an claonadh ann an Béarla a úsáid. Seirbhísí ateangaireachta a bheith ar fáil do na himeachtaí seo faoi scáth na hOifige Pleanála Teanga. Cultúr d'úsáid na seirbhíse a chothú ar fud an LPT.
		Scéim tacaíochta do choistí pobail atá ag feidhmiú trí Ghaeilge ar mhaithe le cabhrú leo dul i ngleic leis an ualach rialachais a bhaineann le forbairtí a chur agus iarratais ar chistí maoinithe a chur chun cinn.

Tábla 6: na Príomh-bhearta a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí.

"Is í an Ghaeilge an seod in ár gcoróin agus an rud is luachmhaire ar fad atá 'ainn"
Ráiteas ón gcomhairleachan poiblí

An Plean go dtí seo agus an bóthar romhainn

3. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

Sa bhliain 2007, foilsíodh an mórstaidéar *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT) (Ó Giollagáin et al.). Foilsíodh leagan uasdátaithe den staidéar (*Nuashonrú*) i 2015. Léirítear sa staidéar seo agus i dtaighde eile a foilsíodh roimhe agus ina dhiaidh sin go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol agus í i gcontúirt mar phríomhtheanga pobail agus nach mairfidh sí thar an gcéad ghlúin eile eile mar ghnáth-theanga pobail sa Ghaeltacht.

In 2010 d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis – an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* - inar sonraíodh gurbh í aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge go méadófaí úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail ar bhonn céimniúil. Sonraíodh sa *Straitéis* chomh maith go ndéanfaí forbairt ar chóras cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa nGaeltacht chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht.

Le struchtúr feidhmithe a thabhairt don Straitéis, achtaíodh Acht na Gaeltachta i 2012. Tugann an tAcht feidhm reachtúil don Phróiseas Pleanála Teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhfuil aitheantas tugtha dóibh faoin Acht mar Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta (LPT). Chuige sin tá an Ghaeltacht roinnte i 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) agus déanfar plean teanga a réiteach i ngach limistéar in am trátha. Faoin Acht beidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéar thíreolaíoch faoi mar a bhí go dtí seo

Tugadh deis d'eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid ÚnaG le plean teanga comhtháite seacht mbliana a ullmhú do na LPTanna, Conamara Láir ina measc. Is é ÚnaG atá freagrach as eagraíocht (Ceanneagraíocht) pleanála teanga a roghnú le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus é mar chúram ar an Údarás roghnú a dhéanamh ar an eagraíocht is fearr a léirigh cumas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa teaghlach, sa bpobal, sa gcóras oideachais agus i gcúrsaí gnó (an t-ionad oibre san áireamh).

Is é Forbairt Chonamara Láir a roghnaíodh mar cheanneagraíocht agus tugadh an cúram don eagraíocht an próiseas pleanála teanga a bhainistiú sa limistéar agus le plean teanga seacht mbliana a dhréachtadh i gcomhar leis an bpobal. Is é an sprioc atá ag an bplean ná an Ghaeilge a chaomhnú agus a fhorbairt mar theanga pobail san limistéar.

Faoin Acht céanna (Acht na Gaeltachta i 2012) roghnaíodh an baile is giorra don LPT – An Clochán – mar 'Bhaile Seirbhíse Gaeltachta'. Roghnaíodh Cathair na Gaillmhe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta chomh maith.

4. Sonraí na Ceanneagraíochta

4.1. An Cheanneagraíocht

I mí Iúil 2015 ceapadh an comhlacht Forbairt Chonamara Láir (FCL) mar Cheanneagraíocht do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Chonamara Láir, is é sin an ceantar ó Chamus siar go Cloch na Rón agus ó thuaidh chomh fada leis an Srath Salach.

Is struchtúr forbartha áitiúil atá ag Forbairt Chonamara Láir Teo., atá ag feidhmiú i gceantar Chonamara Láir ó 2007 le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Is é comhdhéanamh an eagrais ná ionadaithe ó choistí pobail sa gceantar feidhme – Coiste Pobail (CP) Chamuis, CP Ros Muc, CP Chill Chiaráin, CP Charna agus CP na Sraithe Salaigh. Tá Coiste Bainistíochta comhdhéanta d'ionadaithe ó na coistí pobail uile atá san LPT.

Tá clár oibre an eagrais bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar féidearthachtaí forbartha an cheantair agus tá ionchur láidir ag baill an choiste bainistíochta anseo. Tá FCL lárnach i bhforbairt tograí agus seirbhísí pobail áitiúla, m.sh. soláthar áiseanna pobail, seirbhísí riaracháin agus tacaíochta. Trí dhíriú isteach ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, an turasóireacht, an fharraige agus an cultúr, tá sé mar aidhm ag FCL feabhas agus forbairt a chur chun cinn ar mhaithe le saol eacnamaíochta agus sóisialta phobal an cheantair.

Bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir (CPTCL) le feidhmiú mar choiste stiúrtha agus Plean Teanga don LPT á ullmhú.

Is coiste deonach é CPTCL atá comhdhéanta d'ionadaithe ó cheantair agus ó phobail éagsúla san LPT. Bunaíodh an coiste in mí Eanáir 2016 le próiseas na pleanála teanga sa LPT a stiúradh. Tá deichniúr ball i CPTCL, is iad;

Cathaoirleach: Dara Ó Maoilchiarain, Príomhoide Scoil Phobail Mhic Dara, Carna

Rúnaí: Maedhbh Ní Ghaora, Carna

Oifigeach Forbartha FCL Máirín Ní Choisdealbha-Seoige

Baill eile den choiste:

Séamas Ó Concheanainn, Riarthóir, Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

Clíona Ní Chualáin (Carna)

Sinéad Ní Mhullaoidh, Príomhoide, Scoil Náisiúnta an Aird Mhóir, Cill Chiaráin

Eoin Ó Mainín (Camus / Ros Muc)

Eileen Bairéad (Ros Muc)

Breandán Seoige (Úraid, An Sraith Salach)

Colm Ó Neasa (Cill Chiaráin)

Bríd Ní Thaibhís (An Caiseal)

Máire Seoighe (An Sraith Salach).

4.2. Fís na Ceanneagraíochta

Tá sé mar aidhm ag Forbairt Chonamara Láir agus ag Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir an Ghaeilge agus an Cultúr Gaelach a bhuanú agus shealbhú. Mar chroílár na hiarrachta seo tá an tuiscint ann gur bunacmhainn í an Ghaeilge a bhfuil agus a mbeidh ról cinniúnach aici i bhforás eacnamaíoch, oideachasúil, cultúir agus sóisialta an limistéir pleanála teanga seo do na glúnta atá le teacht. Fíorófar an deis seo má chuirtear na hacmhainní atá ag teastáil agus atá sainithe sa bPlean Teanga seo ar fáil le go n-eireoidh leis an iarracht pobal bhunaithe seo.

Tá do thuairimí ag teastáil!
Tar chuig ceann de na seisiúin eolais le do thoil.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le glór na n-aoisghrúpaí éagsúla sa bpobal bheith le cloisteáil táthar ag iarraidh a chinntiú go mbeidh an oiread deiseanna agus is féidir ar fáil le tuairimí agus smaointe a roinnt linn agus an Plean seo á forbairt. Mar thús beidh cruinnithe eolais poiblí á n-eagrú sna ceantair éagsúla atá sa limistéar pleanála teanga. Beifear ag casadh amach anseo freisin le grúpaí faoi théamaí éagsúla.

Cruinnithe Eolais Poiblí

Dáta	Ceantar	Ionad	Am	Spriocghrúpa
Dé Máirt 15/11/2016	**Camus**	Tulach na hÉigse (Seanscoil Chamuis)	7.00 i.n.	Cruinniú Poiblí
Dé Máirt 15/11/2016	**Rosmuc**	Ionad Chuimhneacháin an Phiarsaigh	8.30 i.n.	Cruinniú Poiblí
Dé Céadaoin 16/11/2016	**Carna**	Áras na hOllscoile, Ruisín na Mainiach	7.00 i.n.	Cruinniú Poiblí
Dé Céadaoin 16/11/2016	**Cill Chiaráin**	Ionad Pobail Chill Chiaráin	8.30 i.n.	Cruinniú Poiblí
Déardaoin 17/11/2016	**An Caiseal**	Halla Pobail an Chaisil	7.00 i.n.	Cruinniú Poiblí
Déardaoin 17/11/2016	**Sraith Salach**	Ionad Pobail Mháméan Teo.	8.30 i.n.	Cruinniú Poiblí

Figiúr 3: Sampla den bholscaireacht áitiúil.

'Pobal beo, Teanga bheo.'

5. Liosta Giorrúcháin

Acrainm	Ainm
BOOGRC	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin *(GRETB)*
CLG	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (Daonáirimh)
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
CoConaG	Comhairle Chontae na Gaillimhe
COGG	An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
CP	Coiste Pobail
CPT	Critéir Phleanála Teanga
CPTCL	Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir *(páirteach i gcur i bhfeidhm an phlean)*
CSPTCL	Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir *(leis an bplean a chur I bhfeidhm)*
FCL	Forbairt Chonamara Láir (Teo.)
FnaG	Foras na Gaeilge
FSS	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte *(HSE)*
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
OCPT	Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga
ÓnaG	Óige na Gaeltachta
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga
OPTCL	Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir
POG	An Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017 -2022)
RCO&G	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RPT	Réimse Pleanála Teanga
SCT	Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007)
TnaG	Tuismitheoirí na Gaeltachta
ÚnaG	Údarás na Gaeltachta

Tábla 7. Liosta Giorrúcháin

6. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

6.1. Topagrafaíocht

Is ceantar scaipithe ar bheagán daonra é Conamara Láir. Na toghranna seo a leanas atá i gceist:

- Camus (Seachas Cill Chuimín thíos)
- Cill Chuimín (Leitir Móir na Coille, Gleann Trasna, Léam)
- An Turlach (Ros Muc)
- Abhainn Ghabhla (Coill Sáile go Doire Iorrais)
- An Cnoc Buí (Carna)
- Scainimh (Roisín na Mainiach go Cill Chiaráin)

- Maíros (Cuid den Sraith Salach)
  - An chuid sin de thoghroinn Mhaírois i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Dún Riacháin, An Gharmain, Leitheanach Theas, Lios Uachtair agus An Tamhnach Mhór.
- Cloch na Rón
  - An chuid sin de thoghroinn cheantar Chloch na Rón i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Inis Ní, Iorras Beag Thiar agus Iorras Beag Thoir.

Figiúr 4. Léarscáil LPT Chonamara Lair

Tá imeallbhord fada ag an LPT ón gcloigeann thoir den limistéar i gCamas siar trí Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, ó thuaidh go dtí an Caiseal agus siar go Cloch na Rón. Is é Cnoc Mordáin maorga an sliabh is airde sa gceantar ag 353m agus é le feiceáil i bhfad 's i gcéin. Ritheann an bóthar an **N**59 (fobhóthar náisiúnta daite i mbuí agus glas i bhfigiúr 4 thuas) idir Cathair na Gaillimhe agus An Clochán ar imeall thuaidh an LPT. Ó dheas, is é an bothar réigiúnda an **R**336 (dath donn i Léaráid D) a ritheann cois cósta sa LPT uile agus a nascann an ceantar le Cois

Fharraige agus na Ceantar na nOileáin agus ar aghaidh go Cathair na Gaillimhe. Tá an iliomad bóithre beaga áitiúla, de ghrád **L**, fite fuaite ar fud an cheantair chomh maith.

6.2. Daonra

Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir: Daonra 2,935 (Daonáireamh 2016). Tá 6 thoghroinn iomlán agus 2 pháirt-thoghroinn san LPT mar a léirítear i dTábla 8.

Toghroinn	Daonra 2011	Daonra 2016	Athrú ó 2011
Cill Chuimín (Gleann Trasna)	162	149	-13 (-8.0%)
Camus	358	316	- 42 (-11.7%)
An Turlach (Ros Muc)	545	548	+ 3 (+ 0.6%)
Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	301	261	-40 (-13.2%)
Loch na Scainimhe (Cill Chiaráin)	684	612	-72 (-10.5%)
An Cnoc Buí (Carna)	853	810	-43 (-5.0%)
Cloch na Rón (Cuid de - Inis Ní) & Maighros (Sraith Salach - cuid de)	243	241	-2 (-0.8%)
Iomlán	**3,146**	**2,935**	-211 (-6.7%)

Tábla 8: Daonra Chonamara Láir 2016

Is ábhar buartha é an titim seo sa daonra. Cothaíonn sé éadóchas sa bpobal agus is é tuairim an phobail ná gurb é an easpa fostaíochta áitiúil an phríomhchúis leis an titim sa daonra.

Daonra (Daonáireamh 2016[3])

De réir Dhaonáireamh 2016 tá 738 teaghlach i gConamara Láir. Astu sin ní raibh gasúir ag 212 acu, rud a fhágann 526 teaghlach. Astu sin bhí 245 teaghlach le gasúir faoi bhun 15 bliana d'aois acu. Líon íseal go leor atá anseo. Fós féin nuair a déantar anailís ar aois an pháiste is óige (245 teaghlach le gasúir faoi 15 bliana) mar atá le feiceáil i **dTábla 9** tá tuar dóchais le sonrú:

Aois an Pháiste is Óige	Aois an Pháiste is Óige	Aois an Pháiste is Óige
0 - 4 bliana	**5 - 9 mbliana**	**10 - 14 bliana**
110	79	56

Tábla 9: Teaghlaigh Chonamara Láir agus páistí 2016

Ar an lámh eile, as 1,131 tithe ina bhfuil cónaí iontu san LPT is daoine aonaracha atá ina gcónaí i 347 acu (31%), figiúr atá cuid mhaith níos airde ná an meán náisiúnta de 23%.

[3]census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=A5784B81-A3F3-4DE1-A839-12B401990F6A

6.3. Ceantar faoi Mhíbhuntáiste

Léiríonn figiúirí ón Daonáireamh (2016) gur ceantar faoi mhíbhuntáiste ina iomláine é LPT Chonamara Láir. Is é sin go bhfuil gach toghroinn faoi bhun an mheáin náisiúnta, agus cuid acu níos measa as ná a chéile.

Figiúr 5: An leibhéal míbhuntáisteacht i gConamara Láir.

Léiríonn an dath donn i bhFigiúr 5 na ceantair atá faoin meán náisiúnta. De réir mar a éiríonn an dath níos dorcha is mó atá an ceantar faoin meán náisiúnta míbhuntáiste. Chomh maith le bheith faoi mhíbhuntáiste tá ceann de na leibhéil dífhostaíochta is airde sa tír i Scainimh de réir tuarascála a d'fheisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i Mí an Mheithimh 2017.

6.4. An Córas Oideachais

Is iad seo na h-institiúidí oideachais atá ag feidhmiú san LPT san am i láthair.

Ainm	Leibhéal	Áit	Líon Freastail
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	3	Carna	427
Scoil Pobail Mhic Dara	2	Carna	84 (+16 'PLC'anna)
Coláiste na bPiarsach	2	Ros Muc	78
Scoil Cholmáin	1	Muighinis, Carna	26
Scoil Mhuire	1	Carna	43
Scoil na hAirde	1	An Aird Thiar, Carna	40
Scoil na hAirde Móire	1	An Aird Mhór, Cill Chiaráin	30
Scoil Turloch Beag	1	An Turloch Beag, Ros Muc	27
Scoil na Maighdine Mhuire gan Smál	1	Camus	25
Naomh Ciarán	1	Cill Chiaráin	32
Naomh Briocán	1	An Gort Mór	37
Naíonra Ros Muc (CNNG)	Réamh	Ionad Fiontraíochta Ros Muc	7
Naíonra Chill Chiaráin (CNNG)	Réamh	Ionad Pobail Chill Chiaráin, Cill Chiaráin , Conamara.	6
Naíonra Chárna (CNNG)	Réamh	Ionad Cúrám Leanaí, Carna,	13
Naíonra Sraith Salach (Faoi chúram Ionad Pobail Máméan)	Réamh	Ionad Pobail Máméan, An Sraith Salach	13
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin *(GRETB)* (QQI 's araile)	Aos Oid.	Gleann Catha, Ros Muc	80
GRETB *(Back to Education)*	Aos Oid.	Glinnsce agus An Chaisil	39

Tábla 10: Institiúidí Oideachas LPT Chonamara Láir

Gach bliain tagann na mílte foghlaimeoirí Gaeilge ó fud fad na tíre chuig na **Coláistí Gaeilge** a bhíonn á reachtáil san LPT. Is iad sin:

Coláistí Gaeilge	Ionad	Líon Freastail 2017 (2016)
Coláiste Sheosaimh	Carna agus Cill Chiaráin	722 (935)
Coláiste Chamuis	Camus	242 (247)
Spleodar	Ros Muc agus Camus	553 (510)
Coláiste na bhFiann	Ros Muc	386 (399)
	Iomlán	1,903[4] (2,091)

Tábla 11: Colaistí Gaeilge LPT Chonamara Láir

[4] Figiúirí faighte ó RCO&G. Tráchtar ar na Coláistí Gaeilge i Mír 6.9.4.

6.5. Seirbhísí Cúraim Leanaí – Ionad Cúram Leanaí Charna agus Naíonraí

Is é an Ionad Cúram Leanaí i gCarna[5] an t-aon Ionad Cúram Leanaí sa gceantar. Is trí Ghaeilge a fheidhmíonn an t-Ionad cé gur tuairiscítear gur mionlach iad na páistí, a fhreastlaíonn ar an ionad, a bhfuil an Ghaeilge sealbhaithe acu ón mbaile. Cuireann an t-Ionad na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

Naíolann ar oscailt ó 8:00-6:00, Luan go hAoine.
Cuireann Ionad Cúram Leanaí Charna seirbhís cúram lae ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí idir 3 mhí agus chúig bhliana d'aois, trí fhorbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn trí mheán an spraoi, i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, spreagúil, fáilteach, sonasach agus tacúil.

Naíonra ar oscailt ó 9:30-12:30, Luan go hAoine
Cuireann Naíonra Charna seirbhís luathoideachais den scoth ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí idir dhá bhliain agus deich mí agus chúig bhliana d'aois, trí fhorbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn trí mheán an spraoi i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, spreagúil, fáilteach, sonasach agus tacúil.

Seirbhís Iar-Scoile ó 2:00-6:00, Luan go hAoine
Cuireann Ionad Cúram Leanaí Charna seirbhís Iar-Scoile ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí idir ceithre bliana agus ceithre bliana déag d'aois trí fhorbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn trí mheán an spraoi i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, spreagúil, fáilteach, sonasach agus tacúil.

Tá córas bus ar fáil chun na páistí a bhailiú ón scoil, ar chostas breise.

Grúpaí Spraoi
Cuireann Ionad Cúram Leanaí Charna Grúpaí Spraoi ar fáil d'aoisghrúpaí éagsúla faoi dhó sa tseachtain trí fhorbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn trí imeachtaí cosúil le-hAmhráin / Rannta / Damhsa / Aclaíocht / Míreanna Mearaí / Cluichí Boird i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil.

Grúpa Tuismitheoirí agus Linbh
Tagann Grúpa Tuismitheoirí & Linbh (i.e. Ciorcal Comhrá) le chéile san Ionad Cúram Leanaí gach Máirt idir 10:30 agus 13:00. Is deis é seo do thuismitheoirí agus leanaí aithne a chur ar a chéile.

Campaí Samhraidh
Eagraítear campaí samhraidh san Ionad Cúram Leanaí do naíonáin óga (3-6 bliana) agus do ghasúir óga (7-12 bliana) i rith an tsamhraidh. Is faoi scéim agus coinníollacha Champaí Samhraidh Mhuintearais a eagraítear iad. Tá na campaí dírithe ar pháistí a bhfuil an Ghaeilge acu cheana féin agus tá coinníoll teanga i gceist. Tugann na cúrsaí seo deis do na páistí le Gaeilge sóisialú trí Ghaeilge gan aon bhrú orthu Béarla a labhairt. Is ábhar conspóide é seo in amanta de bharr go bhfuil an polasaí seo níos déine ná polasaí an Ionaid féin a ghlacann le cainteoirí dúchais agus páistí nach bhfuil an Ghaeilge ón mbaile acu.

Naíonraí

Tá naíonraí ag feidhmiú i Ros Muc agus i gCill Chiaráin faoi scáth Comhar Naíonraí na Gaeltachta. Tá naíonra sa Sraith Salach ag feidhmiú as Ionad Pobail Máméan ach is trí Bhéarla atá sé á reachtáil.

[5] https://www.facebook.com/ionadcuram.leanaicharna

6.6. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile:

6.6.1. An t-Aos Óg

Tá Club Óige (aoisghrúpa iarbhunscoile) amháin ag feidhmiú sa gceantar - Club Iorras Aithneach. Tá dhá Ógchlub sa gceantar - Ógchlub na Beanna Beola i gCill Chiaráin agus Ógchlub Bhriocáin i Ros Muc. Freastlaíonn na h-ógchlubanna ar ghasúir bunscoile. Is coistí áitiúla deonacha a eagraíonn na clubanna agus tá á mbainistiú go seachtainiúil. Tugann Óige na Gaeltachta tacaíocht ó thaobh árachais, traenáil agus imeachtaí ócáidiúla a reáchtáil.

Tá Coiste Tacaíochta na nEalaíona Dúchasacha ag cuidiú leis na nEalaíona dúchasacha a bhuanú agus a shealbhú ó ghlúin go glúin i gCeantar Iorras Aithneach. Bhíodh siad páirteach i maoiniú ranganna ceoil do dhéagóirí agus eagraitear campa Scléip na Cásca (ceoil, damhsa agus drámaíochta) do dhaltaí bunscoile i rith saoire na Cásca. Bíonn an coiste gníomhach freisin ag eagrú ceolchoirmeacha agus ócáidí siamsaíochta don phobal agus do chuairteoirí. Fuair an coiste tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta agus RCO&G.

Eagraíonn an Gaelacadamh ranganna i réimsí den chultúr (ceol, damhsa, amhránaíocht) sa gceantar. Is i mbunscoileanna den chuid is mó a eagraítear na ranganna. Bíonn na ranganna ar bun i mbunscoileanna an cheantair ó Chamas siar chomh fada le scoileanna Iorrais Aithnigh. Neamhspleách ar na scoileanna, eagraítear rang ceoil i gCill Chiaráin. Tá an craobh áitiúil de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann an-ghníomhach sa gceantar agus eagraítear ceardlanna oiliúna go rialta sa gceantar.

Sa samhradh eagraítear campaí peile ghaelaigh ar pháirceanna peile áitiúla, campaí spóirt mara i Muighros, campaí rince i Ros Muc, campaí bácála agusióga san Aird Thoir, campa drámaíochta i gCill Chiaráin chomh maith le campaí san Ionad Cúram Leanaí i gCarna. Is faoi scéim agus coinníollacha Champaí Samhraidh Mhuintearais a eagraítear iad agus, dá bharr sin, bíonn polasaí Gaeilge ag baint leo.

Nuair a rinneadh taighde páirce ar na campaí samhraidh thuairiscigh cuid de na traenálaithe go raibh sé deacair in amanta nós labhairt na Gaeilge eatarthu féin (na páistí) a chothú i ngeall ar an meascán de leibhéil chumais sa Ghaeilge a bhain leis na rannpháirtithe.

Tugtar suntas anseo chomh maith do Straitéis Óige na Gaeltachta (Fómhar, 2017) agus dá bhfuil molta ann. Tá 'géarghá le struchtúr níos láidre agus níos comhorduithe don obair óige' (3) a deir an Straitéis. I measc na bpointí eile a dhéantar tá:

- An comhoibriú idir na grúpaí éagsúla ar spéis leo an óige a threisiú
- Ionaid lán-aimseartha le foireann oilte
- An Óige a bheith páirteach sa bpróiseas pleanála teanga
- Réimse leathan spóirt agus aclaíochta a bheith ar fáil
- Tuilleadh printíseachtaí
- Córas ceart taistil le nach mbéifí ag brath ar shíbeanna i gcónaí.

6.6.2. Daoine Níos Sine/ Aosaigh

Tá Teach Altranais Charna lonnaithe sa gceantar agus faoi láthair eagraíonn siad mionbhus le seanóirí thabhairt chun lóin lá in aghaidh na seachtaine. Tá sé i gceist acu an tseirbhís seo a fhorbairt amach anseo.

Eagraíonn Bealach[6] mionbhus i Ros Muc agus i gCamus chun daoine níos sine a thabhairt go Ionad Cuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc le dinnéar a bheith acu ar an Máirt agus ar an Déardaoin. Is iad daoine áitiúla atá ag obair go deonach a réitíonn agus a chuireann na béilte ar fáil. Cuireann Tearmann Éanna agus Casla Care seirbhís 'Cúram Baile' de chuid an FSS ar fáil ar fud Ghaeltacht Chonamara, Conamara Láir san áireamh. Cuireann Tearmann Éanna gairis slándála ar fáil do dhaoine níos sine chomh maith.

Eagraíonn Bealach mionbhus sa cheantar ar an Aoine chomh maith le daoine a thabhairt go siopaí agus seirbhísí áitiúla.

Tá eagraíochtaí deonacha eile ag feidhmiú sa gceantar a chuireann imeachtaí, rialta agus ócáidiúla, ar bun do sheanóirí an cheantair, ina measc tá Club Sóisialta Naomh Conaill ar an gCaiseal agus Club Sóisialta Iorras Aithneach. Sa gClub Sóisialta eagraítear oícheanta do dhéagóirí ina bhféadadh siad 'crochadh thart' le chéile, do dhaoine fásta i dtimpeallacht saor ó alcóil agus oícheanta agus laethanta píosála *(patchwork).*

6.6.3. Tuismitheoirí na Gaeltachta[7]

Is é an aidhm atá ag Tuismitheoirí na Gaelachta (TnaG) ná tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí Ghaeltachta a bhfuil cinneadh déanta acu a bpáistí a thógáil le Gaeilge. Tá 521 teaghlach cláraithe le TnaG. Tá 91 de na teaghlaigh seo lonnaithe i LPT Chonamara Láir. Bíonn imeachtaí rialta ar bun ar fud Chonamara agus freastalaíonn go leor teaghlaigh ó LPT Chonamara Láir ar na himeachtaí sin chomh maith leis na cuide a bhíonn ar bun i lár ionad na heagraíochta SPLANC! ar an gCeathrú Rua.

Eagraíonn TNG imeachtaí / scéimeanna riallta ar nós;

- **Gligíní** (go seachtainiúil). Grúpa spraoi Gaeilge do theaghlaigh óga,
- **Siamsáin** (go míosúil). Ócáid sóisialta/siamsaíochta don teaghlach uile. Bíonn siamsáin ar bun i LPT Chonamara Láir go rialta (Ros Muc, Camus, Cárna),
- **Ceardlann Réamhbhreithe** (go bliaintiúil). Tá TnaG sásta ceann a reachtáil in LPT Chonamara Lair ach iarratas a fháil ón gCoiste Pleanála Teanga
- Leabhra sa bPobal. Scéim é seo ina bhfágfar leabhair Gaeilge do phaistí in ionaid poiblí. Arís tá TnaG sásta dul i bpáirt leis an gCoiste Pleanála Teanga d'fhonn an scéim seo a chur chun cinn san LPT
- **Suathaireacht do Leanaí** (sraith cúrsaí 6 seachtaine ó Mheán Fómhair). Deir TnaG go bhféadfaí cúrsa/í a reáchtáil i LPT Chonamara Láir ar chuireadh ón gcoiste Pleanála Teanga.

Chomh maith leis an méid thuas eagraíonn TnaG

- **Scéim na nEalaíon Béil –** Le páistí a réiteach le páirt a ghlacadh i gcomórtaisí **Oireachtas na Samhna** le béim faoi leith ar na nEalaíon Béil.
- **Scéim Leitheoireachta** ina léann aisteoirí leabhair ar bhealach bríomhar fuinniúil do ghasúir théis am scoile.
- **Litir chuig Santaí**
  Chomh maith le sin eagraíonn TnaG, i bpairt le Glíscoil na Gaeltachta (a bpáirtnéirí sa gcompántas amharclannaíochta) **ranganna drámaíochta** agus campaí samhraidh drámaíochta. Tá TnaG sásta ranganna Gaeilge dírithe go sainiúil ar riachtainisí theaghlaigh óga a reachtail san LPT ar chuireadh ón gcoiste Pleanála Teanga.

[6] www.bealach.ie
[7] www.facebook.com/tuismitheoirina.gaeltachtaconamara

Ar dheireadh, agus mar gheall ar an líon ard teaghlaigh ón LPT atá cláraithe leis an eagraíocht bíonn TnG i mbun **abhchóidíochta** ar a son ar bhonn rialta. Tá pleananna acu **Fórum do Thuismitheoirí** a chur le chéile.

D'fhéadfach an-fhiúntas a bheith i gcomhpháirtíocht a chothú idir an t-Oifig Pleanála Teanga agus TnaG le cuid d'aidhmeanna an phroiséas pleanála teanga san LPT a bhaint amach.

6.7. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin (BOOG&RC, (*GRETB*)) cúrsaí ar fáil mar seo a leanas go háitiúil ina n-ionad i nGleann Catha i Ros Muc: Tá na cúrsaí seo dírithe go príomha ar dhaoine atá dífhostaithe.

1. Tacaíocht Cúram Sláinte (QQI 5)
2. Cúram Oideachais na Luathóige Riaracháin Gnó (QQI 5)
3. Gairneoireacht
4. Ríomhairí (QQI 3 & 4)
5. Garraíodóireacht agus Tosaitheoirí sa Ríomhaireacht (QQI 3)

Is é Muintearas a chuireann cúrsaí ar fáil, ó am go chéile, sa gCúram Leanaí ag leibhéal QQI (leibh. 6.)

Cuireann Ionad Oideachais Pobail Caiseal agus Glinnsce cúrsaí ag leibhéal QQI 3, 4 ar fáil i bPróiseáil Focal, Éifeachtacht Phearsanta, Foilsitheoireacht Deisce agus i Scileanna Faisnéise Teicneolaíocht.

Cúrsaí eile:

- Scoil Phobail Mhic Dara, Carna – Cúrsa iar-Ardteistiméireachta i dTacaíocht Cúram Sláinte (QQI leibh. 5)
- Acadamh na h-Ollscolaíochta Gaeilge Carna – Féach 6.8
- Europus Carna. An Árd-Dioplóma/MSc i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúcháin (i bpáirt le GMIT agus ÚnaG)
- Forbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo *(GRD)* Ros Muc. Réimse leathan cúrsaí ach éileamh a bheith orthu
- Forbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo *(GRD) An Fháirche. Teastas Proifisiúnta i dTreoraí Turais (QQI 6).*

6.8. Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

Ó bunaíodh Ionad Ollscoile Gaeltachta i gCarna i 1997 tá réimse leathan cúrsaí ollscoile agus seirbhísí curtha ar fáil do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Mar Ionad de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tá sé mar bhunaidhm ag an Ionad cur leis na deiseanna oideachais trí mheán na Gaeilge atá ar fáil agus tionchar dearfach a imirt ar shaol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus teanga phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Dhá fhoirgneamh atá ag an Acadamh i gCarna, Áras Shorcha Ní Ghuairim agus Áras na hOllscoile. Mar aon le cóiríocht a chur ar fáil do chlár cúrsaí agus taighde an Ionaid reachtáltar féilte, ceardlanna, ceolchoirmeacha agus taispeántais éagsúla i gcomhar leis an bpobal sa dá fhoirgneamh. Tá 10 ball foirne fostaithe go lánaimseartha san Ionad agus cuirtear fostaíocht pháirtaimseartha ar fáil do 15 duine eile i gcaitheamh na bliana, teagascóirí Gaeilge a bhformhór sin. Faigheann an tAcadamh tacaíocht thábhachtach ón RCO&G do reáchtáil an Ionaid.

Sainchúrsaí Teanga agus Cultúir

Is í an timpeallacht saibhir teanga agus cultúir in abhantrach Ionad Charna an ghné eisceachtúil a chinntíonn éispéireas sealbhaithe teanga agus cultúir ar leith don mhac léinn a thagann go Carna, bídís ag cur barr snasa ar a gcuid Gaeilge nó ag gabháil do léann an traidisiúin Ghaelaigh. Bíonn ról lárnach ag an bpobal áitiúil i saibhriú an éispéiris seo trína ceardlanna agus sárthaispeántais ar na healaíona dúchasacha a léirítear don mhac léinn a thagann go Carna agus is deis shóisialaithe den scoth trí Ghaeilge na himeachtaí seo do mhic léinn agus don phobal trí chéile. Cothaíonn an milieu eisceachtúil teanga agus cultúir seo clár léinn mar seo a leanas in Ionad an Acadaimh, Carna:

- Tréimhsí Foghlama Gaeltachta d'Ábhar Oidí
- Sainchúrsaí Teanga do mhic léinn tríú leibhéal
- Tréimhsí Cónaitheacha i gCultúr Traidisiúnta na Gaeltachta

D'fhreastail os cionn 400 mac léinn ollscoile ar chlár cúrsaí Ionad an Acadaimh, Carna, don téarma '16 – '17. Mic léinn a bhí ag tabhairt faoi Thréimhsí Foghlama Gaeltachta mar chuid dá gclár léinn mar ábhar oidí bunscoile a bhí i 260 de na mic léinn seo. Caitheann na mic léinn seo dhá thréimhse coicíse sa Ghaeltacht mar chuid dá gclár staidéir. I measc na gclár léinn eile a reáchtáladh don téarma '16-17' bhí Tréimhse Cónaitheach ar Chultúr Traidisiúnta na Gaeltachta do 30 mac léinn ó Choláiste Albright, Pennsylvania, S.A.M agus Cúrsa Dioplóma i Léann an Traidisiúin a sheachadtar trí fhoglaim chumaisc do mhic léinn ó chian 's ó chóngar.

Tá cuid mhaith taighde déanta agus dioscúrsa cothaithe faoina buntáistí a bhaineann le tréimhsí tumfhoghlama sa sprioctheanga don fhoghlaimeoir teanga. Dá bhrí sin, ar mhaithe le cur le hinniúlacht teanga agus infhostaitheachta chéimithe Ollscoil na hÉireann Gaillimh, tá tréimhse cónaitheach Gaeltachta 12 seachtainí á forbairt i láthair na huaire. Beidh mic léinn a bheidh ag staidéar na Gaeilge mar ábhar den Chéim B.A. in OÉ, Gaillimh ag tabhairt faoin 'Seimeastar Gaeltachta' in Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh. Beidh tionchar an-dearfach ag an dtionscnamh seo ar shaol eacnamaíoch agus sóisialta na bpobal in abhantrach na nIonad Gaeltachta. Tagann cuspóirí sealbhaithe agus saibhrithe teanga cúrsaí teanga an Ionaid go mór le cuspóirí na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge maidir le cur le líon na gcainteoirí Gaeilge go náisiúnta. Tá ról tábhachtach ag an Ionad freisin i dtacú leis an bpróiseas pleanála teanga trí ghníomhaíochtaí a chabhraíonn le treisiú na Gaeilge mar theanga pobail a chur chun cinn i limistéar Chonamara Láir i gcomhpháirt le coistí pobail agus eagraíochtaí eile.

Oideachas Fadsaoil

Ó bunaíodh an tIonad i gCarna bhí comhoibriú leanúnach le Údarás na Gaeltachta mar a bhí le FÁS/SOLAS/GRETB ar mhaithe le cúrsaí breisoideachais agus oiliúint ghairmiúil a sholáthar do phobal na Gaeltachta. Bhí agus tá ról tábhachtach ag na cúrsaí seo i gcinntiú go bhfuil deis ag an bpobal áitiúil páirt ghníomhach a ghlacadh i sochaí an oideachais fadsaoil agus i sochaí an eolais, rud a chuireann go mór le hinbhuanaitheacht an phobail. Cuireann an tIonad raon deiseanna aosoideachais ar fáil i láthair na huaire ag brath ar éileamh agus ar acmhainní. Tugann cúrsaí mar atá luaite thíos deis don phobal leanúint den oideachas fadsaoil ina dteanga dhúchais féin, gar do bhaile.

An Dioplóma i Léann an Traidisiúin

An Dioplóma sa Ghaeilge

An Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó

Gearrchúrsaí Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsaitheoirí.

Reachtáiltear cúrsa rochtana in Ionad na Ceathrú Rua trína mbíonn deis ag muintir an cheantair sainchúrsa réamhullmhúcháin Ollscoile a dhéanamh agus freastal ar chéim ollscoile ina dhiaidh.

Tionscadail Taighde

Tá Fios Físe, Clár Taighde Craoltóireachta Gaeilge, á reáchtáil i gcomhar le TG4 ó Mhí na Samhna 2013. Déanann Fios Físe anailís ar nósmhaireachtaí féachana agus dearcadh Phobal Labhartha na Gaeilge i leith TG4 a fhiosrú. Tá roinnt tionscadal eile á saothrú san Ionad freisin atá dírithe ar an saibhreas cultúrtha atá fágtha ag ár sinsear le huacht againn a roinnt le glúnta an lae inniu agus amárach. Tá cartlanna éagsúla (Cartlann Éamon De Buitléar, Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Cartlann Sheosaimh Uí Éanaí ina measc) á ndigitiú ar mhaithe le hacmhainní digiteacha teanga, foghlama agus siamsaíochta a chabhróidh le forbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil óg agus sean, á bhforbairt ó thobar saibhir dúchais agus cultúir na gcnuasach seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an obair seo i gcomhthéacs an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 áit a bhfuil béim leagtha ar acmhainní digiteacha a fhorbairt ar mhaithe le tacú leis an bpróiseas saibhrithe teanga. Ghnóthaigh an tIonad sparántacht i Mí an Mheithimh 2017 ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chun na críche seo. Bhí an tIonad páirteach freisin i bhforbairt *Taisclann Náisiúnta Digiteach* (DRI), stór acmhainní digiteacha agus infreastruchtúr cartlannaithe le go mbeifear in ann a teacht ar ábhar ó bhailiúcháin éagsúla (amhráin, béaloideas, litríocht, scéalta, stair agus araile) éagsúla ar mhaithe le foghlaim, teagasc agus taighde. Bhí Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath páirteach sa tionscadal seo freisin.

Tionchar Geilleagrach

Saoraítear buntáiste geilleagrach suntasach don cheantar ó earnáil na gColáistí Samhraidh agus an Ard-oideachais Gaeilge. Fanann mic léinn ollscoile faoi scáth Ionad an Acadaimh, Carna i 30 teach lóistín i gCeantar Iorras Aithnigh ag tráthanna éagsúla den bhliain. Gineann ioncam ó Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge faoina dtugtar aitheantas do chúrsaí Aicmí A, B, C, D ioncam ó RCO&G agus ón gColáiste Gaeltachta/Acadamh trí liúntais lóistín do na Tithe Lóistín Gaeltachta atá cláraithe leis an Roinn. I gcás na mac léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí an Acadaimh i gCarna mic léinn lánfhásta iad agus gineann an seal a chaitheann siad in Iorras Aithneach ioncaim breise do raon leathan seirbhísí agus gnóthaí sa limistéir, ina measc, siopaí, óstáin, tithe tabhairne, seirbhísí bus agus heaicní, seirbhís leighis agus araile. Fanann riar de na mic léinn i dtithe lóistín féinfhreastail freisin agus tugann cuid mhaith acu a dteaghlaigh leo. Is minic go bhfilleann na mic léinn ar an gceantar athuair do shaoire pearsanta. Tá deis suntasach ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thurasóireacht oideachasúil agus chultúrtha agus cur go háirithe le Ollscoileanna ó thar lear ar nós Ollscoil Notre Dame, Ollscoil Rutgers, New Brunswick, Ollscoil North Carolina agus Coláiste Albright S.A.M. atá ag tarraingt ar Iorras Aithneach cheana féin. Is é an milieu saibhir teanga agus cultúir in abhantrach Ionad an Acadaimh, Carna an Ghné Uathúil Dhíolacháin (USP) d'fhorbairt na hearnála seo i gConamara Láir trí chéile.

Tá clú agus cáil phobal Iorras Aithnigh ó thaobh saibhreas an chultúir traidisiúnta in Éirinn scaipthe ar fud a ndomhain mhóir, go háirithe mar a bhaineann sé le hamhránaíocht agus damhsa ar an sean-nós. I bhfocail eile féachtar ar Iorras Aithneach mar chroílár an domhain maidir le traidisiún an tsean-nóis, áit a bhfuil éispéireas uathúil ar fáil don chuairteoir maidir leis an ngné seo den tsaíocht Ghaelach agus í á sealbhú ó ghlúin go glúin. Ba chóir an poitéinseal atá ann forbairtí geilleagracha breise in earnálacha na turasóireachta cultúrtha agus na turasóireachta oideachasúla do Cheantar Chonamara Láir bunaithe ar an saibhreas uathúil seo a fhiosrú ar mhaithe le buanseasmhacht an phobail Gaeltachta seo trí chéile chinntiú.

6.9. An Earnáil Ghnó, Fostaíocht agus Dífhostaíocht.

Is í ceist na fostaíochta, nó an easpa fostaíochta le bheith níos cruinne, an cheist is mó gur ghá aghaidh a thabhairt ar ar bhonn práinne. Gan phobal leis an nGaeilge a labhairt ní bheidh aon Ghaeltacht ann. Léirítear an pointe seo arís agus arís eile i ngach suirbhé agus i ngach fóram poiblí a eagraíodh mar chuid den phróiseas pleanála teanga.

I dtuarascáil a d'fheisigh an an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) i Mí an Mheithimh[8] 2017 *(Census 2016 Summary Results – Part 2 (lch 117)),* léiríodh go bhfuil 'Scainimh' (Roisín na Mainiach go Cill Chiaráin) sa 15ú áit as 3,409 toghroinn sa Stát ó thaobh ráta dífhostaíochta. Tá leibhéal dífhostaíochta de 34.3% i Scainimh, leibhéal atá trí oiread níos airde ná an meánráta do Cho. na Gaillimhe (11.7%), (féach an nasc thíos, fonóta a 8). Léiríonn sé seo go bhfuil éigeandáil sa gceantar nár mhór aghaidh a thabhairt air mar bheart práinne.

Electoral Division	Unemployment rate
John's A, Limerick City	58.3%
Galvone B, Limerick City	45.0%
Ballynanty, Limerick City	43.6%
Abbey C, Limerick City	41.9%
Prospect B, Limerick City	40.7%
Glentworth C, Limerick City	40.2%
Longford No. 1 Urban, Longford	39.7%
St. Laurence, Limerick City	39.2%
Killeely A, Limerick City	38.8%
Larchville, Waterford City	37.6%
Priorswood B, Dublin City	36.2%
Cavan Urban, Cavan	35.8%
Mín an Chladaigh, Donegal	35.3%
Athy West Urban, Kildare	35.0%
Scainimh, Galway	34.3%

Figiúr 6: Leibhéal Dífhostaíochta Náisiúnta 2016 de réir na dtoghranna is airde dífhostaíochta.

Is iad seo staitisticí maidir le cúrsaí fostaíochta de réir daonáireamh 2016[9].

	Dí fhostaithe	Ag obair	Mic Leinn, Cúramóirí, Éirithe as Obair etc.
Náisiúnta	8.0%	53.4%	38.6%
Co na Gaillimhe	7.2%	54.1%	38.7%
LPT Chonamara Láir	13.4%	37.7%	48.6%

Tábla 12: Leibhéal na dífhostaíochta náisiúnta, i gCo na Gaillimhe agus san LPT 2016

Feictear dúinn go bhfuil an ráta dífhostaíochta san LPT (13.4%) gar go maith do a dhá oiread de leibhéal Chontae na Gaillimhe (7.1%). Is cruthúnas é seo den éigeandáil dífhostaíochta a luadh arís agus arís eile i ngach fhóram plé a bhí bainteach leis an bpróiséas pleanála san LPT.

8 http://www.cso.ie/en/media/csoie/newsevents/documents/census2016summaryresultspart2/Census_2016_Summary_Results_%E2%80%93_Part_2.pdf

9 census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=CTY31&Geog_Code=2AE1962914A513A3E055000000000001

6.9.1. An Fhostaíocht agus Údarás Na Gaeltachta

Léiríonn figiúir 7 agus 8 líon na ndaoine san LPT atá fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG (2016). Tá an Coiste buíoch d'ÚnaG as ucht na figiúirí seo a chur ar fáil.

Figiúr 7: Fostaíocht i gConamara Láir i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG, 2016

Figiúr 8.: Earnáil Fostaíochta i gConamara Láir i gcliaintchomhlachtaí de ÚnaG, 2016

I dtábla 13 déantar comparáid idir an fhostaíocht a fhaigheann tacaíocht ó ÚnaG san LPT i gcomparáid leis an bhfostaíocht a chuirtear ar fáil i LPT Chois Fharraige.

	Cois Fharraige	Conamara Láir
Daonra	6259	2935
Postanna Lánaimseartha	1621	256
% postanna / daonra	**26%**	**8.7%**

Tábla 13: Comparáid idir postanna i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG, Cois Fharraige versus Conamara Láir.

i.e. Tá ag éirí le ÚnaG a thrí oiread postanna a chruthú, *per capita,* in LPT Chois Fharraige ná mar atá in LPT Chonamara Láir. Is dócha go bhfuil sé níos éasca postanna a chruthú i gceantar atá taobh istigh de chrios coimitéireachta (*commuter belt*) Chathair na Gaillimhe ach caithfear aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus breis iarrachta a dhéanamh ar fhostaíocht a chruthú sa gceantar láidir Gaeltachta seo – Conamara Láir.

Eagraíodh cruinniú ar an 20 Meitheamh 2017 idir baill an choiste pleanála teanga, ionadaí ó SPT agus Mícheál Ó hÉanaigh (Stiúrthóir Fiontraíochta agus Fostaíochta de chuid ÚnaG) le cúrsaí fostaíochta agus an leibhéal ard dífhostaíochta sa gceantar a phlé. Chuir Mícheál Ó hÉanaigh an-bhéim ar Pháirc Mara atá le bunú i gCill Chiaráin.

6.9.2. Daonáireamh 2016, Conamara Láir agus Fostaíocht

913 (38%) atá ag obair as 2,420 duine fásta agus 324 (13.3%) ag cuartú oibre, Is iad na meáin náisiúnta ná 53.4% ag obair agus 7.9% ag cuardú oibre. Díol suntais chomh maith is ea an sciar daoine gan scileanna oibre (8.5%) seachas go náisiúnta (3.5%).

Maidir le fad an taistil chuig an obair, tá 18.2% ag caitheamh breis is 45 nóiméad ag dul chuig an obair, níos airde ná an meán náisiúnta de 15.3%.

6.9.3. An Earnáil Ghnó

Dár ndóigh, chomh maith leis an bhfostaíocht a fhaigheann tacaíocht ó ÚnaG, tá réimse leathan de fhostaíocht eile, daoine féinfhostaithe, an earnáil mhiondíola *(retail sector),* iascairí, feilméirí bheaga, fostaithe san earnáil poiblí agus araile. Mar chuid den phróiseas pleanála teanga rinneadh suirbhé ar ghrúpa samplach de chomhlachtaí bheaga atá san LPT. Tá an tuarascáil taighde ar fáil mar Aguisín 2. Tá beartanna faoin bhfostaíocht le fáil i mír 5 den aguisín. Tá CPTCL buíoch don chomhlacht Measmedia as an suirbhé a reachtáil ar ár son.

Is na iad na gnólachtaí a glac páirt sa tsuirbhé ná;

Arramara Teo, Leitir Ard	Tigh Mhóráin	Ballinahinch Castle
ISPG, Cill Chiaráin	Joyces Recess	Tigh Chlarke
Gurteen Caravan Park	An Post Ros Muc	Tigh Seoighe, Atlantic Shore
Wild Atlantic Tours	An Post Cill Chiaráin	Tigh Mheaic
Teach Altranais Charna	An Post Sraith Salach	Tigh Chadhain
Tigh Mhicó	Ionad Sláinte Chloch na Rún	Teach Ghlinnsce
Tigh Mháille	Ionad Cúram Leanaí Carna	Sónta Teo
Tigh Mhic Dhonncha	Madra Camus	Mordán Teo
Tigh Leavy	Teach Scríbe	Tigh Moylette
Tigh Dowd	Óstán Chuan Charna	Inagh Lodge
Focus Films	Saotharlann Chonamara	Coláiste Sheosaimh Teo
Spleodar	Coláiste na bhFiann	Acadamh na hOllscoile
Bealach Charna	Saotharlann Mhuighnis	Tom Geary Busanna
Colm Ó Mainnín	Cogaslann Agatha, Carna	

Tábla 14: Comhlachtaí a ghlac páirt sa tsuirbhé ar ghnólachtaí áitiúla.

Dúirt 80% de na ngnólachtaí go mbíonn siad ag ple leis an bpobal áitiúil ar bhonn laethúil nó rialta.

Is mar seo a d'fhreagair siad don cheist - *Cén tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge do do ghnó?*

Figiúr 98: Tábhacht na Gaeilge do ghnólachtaí áitiúla

D'fhreagair sa bhreis agus 65% den lucht ghnó go raibh an Ghaeilge an-tábhachtach.

Is mar seo a d'fhreagair siad don cheist - *Dá mbeadh ball foirne nua á fhostú ag do ghnó an bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge aige/aici?*

Tá sé tábhachtach go mbeadh siad flúirseach	48.00%
Tá sé tábhachtach go mbeadh roinnt Gaeilge acu	4.00%
Tá sé ceart go leor muna bhfuil acu ach cúpla focal ach iad sin a úsáid	28.00%
Níl sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge acu	20.00%

Figiúr 10: Earcú foirne agus an nGaeilge

D'fhreagair 85% de na freagróirí go mbeadh suim acu freastail ar sheiminear maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn sa gceantar.

6.9.4. Na Coláistí Gaeilge

Is 'tionscal' ann fhéin iad na Coláistí Gaeilge atá fíor-thabhachtach d'eacnamaíocht an cheantair. I 2017 tháinig breis agus 1,900[10] scoláire iarbhunscoile chuig na cúig coláistí Gaeilge atá ag feidhmiú sa gceantar, is iad sin: Coláiste Chamuis (Camus), Spleodar (Camus), Coláiste na bhFiann (Ros Muc), Spleodar (Ros Muc) agus Coláiste Sheosaimh (Carna/Cill Chiaráin). Ag tógáil táillí na scoláirí (thart ar €900), deontais ó RCOG, ('Roinn na Gaeltachta') do na tithe lóistín, airgead póca agus cuairteanna ó thuismitheoirí san áireamh, meastar gur fiú gar do €3 milliún in aghaidh na bliana tionscal na gColáistí Gaeilge don LPT. Seo airgead a théann díreach chuig baill den phobal, mná go háirithe, atá lonnaithe i gcuid de na toghranna is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tír. Tá breisluach cultúrtha chomh maith ag baint leis na coláistí mar go spreagann sé an pobal leis an nGaeilge a

[10] I dTábla 11, Mir 6.4, feictear briseadh síos ar an líon scoláirí do 2016 & 2017. Tharla laghdú i 2017 de thart ar 200 scoláire go háirithe i dtinreamh Choláiste Sheosaimh ach ó shin tá oifigeach margaíochta fostaithe ag an gColáiste ach tuigtear go dtógfaidh sé bliain nó dhó le go dtiocfaidh rath ar an margaíocht seo. Féach freisin Beart a 9.9.3.

labhairt mar theanga baile de bharr go bhfuil ioncaim substaintiúil le saothrú as na coláistí Gaeilge. Dá n-imeodh an Ghaeilge, nó dá n-imeodh na coláistí, bheadh an t-ioncam seo caillte don cheantar.

6.10. Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn

Aithnítear go bhfuil gá le pairtíocht pobail sa phróiseas forbartha pobail (an phleanail teanga san áireamh), agus go bhfuil ról lárnach ag an bpobal i bhforbairt agus i neartú a gceantair féin. Tá buntáiste le baint ag baill den phobal as a bheith páirteach sa bpróiséas pleanála agus forbartha an fhorbairt phearsannta ina measc. Tá sé tabhachtach go mbeadh grúpaí/coistí láidre pobail sna ceantair éagsúla san LPT agus go mbeidh ar a gcumas an tosaíocht a ghlacadh maidir le forbairt tograí/ seirbhísí pobail i réimsí éagsúla le tacaíocht ó na heagraisí forbartha cuí. Tá sé tabhachta go dtuigfear chomh maith go bhfuil idir ceantair Gaeltachta 'láidir' agus 'lag' san LPT agus go ndéanfar freastail cuí ar na ceantair difriúla ar bhealach a fhreastalaíonn ar a riachtainisí difriúla.

Is cuid ríthábhachtach d'fhorbairt iomlán ceantair é forbairt pobail. Méadaíonn sé ar ábaltacht pobail forbairt iomlán a dhéanamh agus dul i ngleic leis an bochtanas agus an easpa glóir. Neartaíonn sé ábaltacht pobail faoi mhíbhuntáiste pleanáil straitéiseach a dhéanamh chun fostructúr shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil agus pobail a fhorbairt, i dtreo go mairfidh an pobal.

Is é Comharchumann Forbairt Chonamara Láir Teo., an phríomheagraíocht Forbairt Pobail atá ag feidhmiú sa cheantar.

Déantar cur síos anseo ar na príomhghníomhaíocht pobail atá ar siúl i gceantar Chonamara Láir idir cúrsaí forbartha áitiúil, seirbhísí spóirt agus caitheamh aimsire agus ceist na hóige. Cé go bhfuil roinnt tograí á fhorbairt go díreach ag na grúpaí féin is amhlaidh atá siad ag feidhmiú mar "bhrú ghrúpaí" ag éileamh go ndéanfadh eagraíochtaí eile (An tÚdarás, Comhairle Condae na Gaillimhe, BIM, agus Fáilte Éireann mar shampla) an fhorbairt i gcuid móra cásanna.

Tá clár oibre na h-eagraíochta bunaithe ar riachtanais aitheanta agus féidearthachtaí forbartha an cheantair agus tá tionchar láidir ag baill den choiste bainistíochta anseo. Tá an eagraíocht lárnach i dtograí áitiúla agus seirbhísí poiblí a fhorbairt , ag cur ar fáil áiseanna, seirbhísí riaracháin agus tacaíochta. Trí dhíriú ar acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, turasóireacht, an fharraige agus an chultúr a fhorbairt , is é sprioc na h-eagraíochta feabhsú agus forbairt a chur chun cinn ar mhaithe le saol eacnamaíocha agus sóisialta an phobail áitiúil .

Mar thoradh ar threoir ó Údarás na Gaeltachta, tá sé aontaithe ag an gComharchumann díriú isteach ar fhorbairt tograí agus seirbhísí pobail sa cheantar feidhme. Chun an chuspóir seo a bhaint amach tá oifigí ar léas ón Údarás ag an gComharchumann i dTeach an Údaráis i gCarna.

Chomh maith le Comhlacht Forbartha Chonamara Láir Teo. Tá coistí pobail agus coistí deonacha eile gníomhach sa cheantar freisin agus ionadaí ó na coistí seo leanas ar Coiste Bainistíochta Forbairt Chonamara Láir Teo;

- Coiste Pobail Charna
- Pobal Maméain Teo.
- Coiste Pobail Chill Chiaráin
- Comhairle Muintir an Chaisil Teo.
- Coiste Pobail Ros Muc
- Coiste Pobail Chamuis

Tá suas le 70 coistí/cumainn/eagraíochtaí ag feidhmiú sa cheantair agus inchur acu ar pleananna oibre agus saol phobail an cheantair.

6.11. Na Meáin Chumarsáide

Tá trí chomhlacht ag táirgeadh léiriúcháin teilifíse agus scannáin sa gceantar, is iad sin:

- Fócas Films Teo
- Sónta Teo
- Mordán Teo

Agus an plean seo á scríobh (Meitheamh 2017) tá an earnáil seo ag athrú agus éiginnteacht ag baint leis de bharr na n-athruithe atá curtha i bhfeidhm ag TG4 maidir le clár coimisiúnaithe an chraoltóra agus ar an bpróiseas trína mbronnfar léiriúcháin choimisiúnaithe amach anseo.

Is iad na meáin áitiúla a úsáideann an phobal sa gceantar faoi láthair ná:

Raidió: Raidió na Gaeltachta (Gaeilge), Connemara Community Radio (roinnt Gaeilge), Midwest Radio (beagán Gaeilge) & GalwayBayFM (beagán Gaeilge).

Foilsiúcháin Seachtainiúla: Connemara Journal (Béarla); An Curadh Connachtach / *Connacht Tribune* (Roinnt Gaeilge (Nuacht Chois Fharraige mar shampla) ach tagann nuacht Chonamara Láir faoi mhír 'Connemara' agus is i mBéarla a bhíonn sé); Galway Independent (Béarla), Galway Advertiser (colún amháin Gaeilge nach bhfuil díríthe ar Chonamara Láir)

Foilsiúcháin Bhliantiúla / Ócáidiúla: Irisleabhar Iorras Aithneach (Gaeilge); Leabhrán Eolais FCL Teo (Gaeilge), Billeog Aifrinn (Gaeilge), Nuachtlitir Scoil Phobail Mhic Dara (Gaeilge).

Sa suirbhé ar an bpobal (daoine >19 bliana) (Aguisín 1), thuairiscigh siad mar seo a leanas:

Meáin Chumarsáide	Líon (as 451)	%
Ag breathnú ar TG4 go minic	351	78
Ag éisteacht le RnaG go minic	334	74
Ag léamh ábhar i nGaeilge go minic	272	60

Tábla 15: Daoine Fásta agus na Meáin Chumarsáide

Ceistíodh na déagóirí sna meánscoileanna maidir leis na meáin agus is mar seo a leanas a d'fhreagair siad:

C. 29. Cé chomh minic agus a dhéanann aon duine i do theach na rudaí seo a leanas?	Go han-mhinic	Go minic	Anois agus arís	Go hannamh	Riamh	Líon
Éisteacht le Raidió na Gaeltachta	85	34	17	1	12	
Féachaint ar TG4	67	45	22	5	8	147
Nuachtáin Ghaeilge, www.tuairisc.ie nó iris/suíomh idirlín eile trí Ghaeilge a léamh	34	13	33	26	39	145
Nuachtáin Bhéarla a léamh	54	38	34	10	10	146
Leabhair Ghaeilge a léamh	22	22	55	19	27	145
Leabhair Bhéarla a léamh	53	43	32	10	7	145

Tábla 16: Déagóirí agus na meáin

Ní chabhraíonn an easpa léitheoireachta d'ábhar Gaeilge le saibhriú teangan nó le forbairt foclóra Gaeilge. Ag caint go neamhfhoirmeálta le déagóirí is cosúil go bhfuil leibhéal an-íseal úsáide Gaeilge i gceist agus iad arlíne nó ag téacsáil. De bharr lárnacht na meán shóisialta leictreonacha ina saol níor mhór aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

6.12. Seirbhísí Poiblí

Tá stáisiúin ag na Gardaí Síochána i gCarna agus ar an Sraith Salach (faoi cheanncheathrú an Chlocháin) agus stáisiún i Ros Muc (faoi cheanncheathrú Bhóthar na Trá i nGaillimh). Ní bhíonn na stáisiúin seo oscailte ach ag amanta teorannta. Tá freastal i nGaeilge le fáil sna stáisiúin i gCarna agus i Ros Muc. Bíonn freastal i nGaeilge ar fáil i stáisiún an Sraith Salaigh ach ní i gcónaí.

Tá seirbhís dochtúra rialta ar fáil i gCarna, i gCill Chiaráin, i Ros Muc agus ar bhonn ócáidiúil ar an gCaiseal agus i gCloch na Rón.

Tá Ionaid Sláinte de chuid an FSS *(HSE)* i gCarna, i Cill Chiaráin, i gCloch na Rón, sa tSraith Salach agus i Ros Muc. Tá Altra Pobail lonnaithe i gCarna, i gCoch na Rón agus i Ros Muc. Cailleadh seirbhís fiaclóireachta agus an tOifigeach Leasa Pobail sa gceantar le déanaí agus tuairiscítear gur mór an caillteanas iad.

Níl aon seirbhís curtha ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialta san LPT. Caithfidh muntir an LPT freastal ar a gcuid oifigí ar an gClochán nó i nGaillimh.

Tá oifig áitiúil ag Bord Iascaigh Mhara i gCarna agus Oifig ag an eagraíocht 'Bealach[11]' i gCarna.

Cuireann Bus Éireann **seirbhís bus** teoranta ar fáil san LPT le bus amháin in aghaidh an lae (Luan go Aoine amháin) ó Charna go Gaillimh ag 07.15 agus ó Ghaillimh go Carna ag 17.00.

Tá líon mór céibheanna sa gceantar, an ceann is mó ná céibh Chill Chiaráin. Tá an comhlacht Aramara Teo (próiseáilí feamainne) buailte leis an gcéibh seo. Tá i gceist ag ÚnaG mórfhorbairt a dhéanamh ar an gcéibh seo, agus na h-áiseanna a bhaineanna leis amach anseo (Togra Pháirc Mara Chill Chiaráin).

[11] http://www.bealach.ie/

6.13. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach:

Gné amháin den phleanáil teanga sa nGaeltacht is ea an phleanáil fhisiciúil. Faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CoConaG) atá sé polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil fhisiciúil i gceantar Chonamara Láir. Chuige sin tá Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta[12] (PCÁG), a tháinig i bhfeidhm sa mbliain 2008, á úsáid ag CoConaG mar threoir don chaoi a ndéileáiltear le pleanáil fhisiciúil i gceantar Chonamara Láir

Aithnítear i bPCÁG go bhfuil dualgas ar an údarás pleanála faoin Acht Pleanála & Forbartha 2000 'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint, ar a n-áiritear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail'.

Tá ceantar Chonamara Láir taobh amuigh den limistéar pleanála ar a dtugtar 'Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe, (GTPS)' rud a chiallaíonn nach bhfuil mórán éilimh ar thithíocht ag daoine nua isteach a bhíonn ag taisteal ag a gcuid oibre i gcathair na Gaillimhe.

Pléadh an t-ábhar seo le Seanadóir áitiúil agus le Comhairleoir Chondae áitiúil. Is é an cás ba mhó leo ná feabhas a chur ar na bóithrí, go háirithe an N59, ach an R336, an R340 's an R342 agus na bóithrí áitiúla (na bóithrí de aicme 'L') freisin. Is mórcheist dóibh chomh maith an easpa sheirbhís Leathanbhanda ar ardluais atá ar fáil san LPT. Tarraingíodh go leor ard chomh maith ar cheist an N59 san aiseolas a friothadh ón suirbhé ar an bpobal.

12 http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanceantairaitiuilnagaeltachta2008-2018/

6.14. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire

Ainneoin an leibhéal ard eisimirce, fós tá pobal beo bríomhar, agus earnáil deonach láidir, ag feidhmiú san LPT. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí dheonacha atá ag feidhmiú san LPT:

Coistí Deonacha agus Pobailbhunaithe	
Coistí Pobail	**Bord Bainistíochta na Scoileanna**
Pobal MámÉan Teo.,	Scoil Cholmáin
Comhairle Muintir an Chaisil Teo.,	Scoil Mhuire
Coiste Pobail Charna	Scoil na hAirde
Coiste Pobail Chill Chiaráin	Scoil na hAirde Móire
Coiste Pobail Ros Muc	Scoil Turloch Beag
Coiste Pobail Chamuis	Scoil na Maighdine Muire gan Smál – Camus
Comhlacht na Foirneise, Camus	Naomh Ciarán, Cill Chiaráin
Clubanna Spóirt / Páirceanna	Naomh Briocán, Ros Muc
Coiste Pháirc an Phiarsaigh - Ros Muc	Coláiste na bPiarsach, Ros Muc
Coiste Páirce Chill Chiaráin	Scoil Phobail Mhic Dara, Carna
CLG Carna/Caiseal	
CLG na bPiarsaigh	
Club Lúthchleas Chonamara	**Eile**
Peil na mBan Carna Caiseal	Coiste Bainistíochta, An Chrannóg, Ros Muc
Peil na mBan na bPiarsaigh	Coiste Bainistíochta, Ionad Pobail Chill Chiaráin
Club Dornálaíochta Chonamara – Ros Muc	Coiste Bainistíochta Ionad Óige Iorras Aithneach
Club Badminton Ros Muc	An Gaelacadamh
Club Rugbaí Chonamara (An Clochán)*	Comhaltas Charna
CLG Naomh Feichín (An Clochán)*	Rince Óra
Cumann Slat Iascaireachta Ros Muc	Bád Tarrathála Charna
Clubanna Óige	Fó-choiste Tacaíochta Imeachtaí Óige Chamus
Club Óige Iorras Aithneach	Ord Mhalta
Ógchlub Cill Chiaráin	Fóram Iorras Aithneach
Ógchlub Bhriocáin - Ros Muc	Ionad Lae Charna
Páirceanna Spraoi	Ionad Tacaíochta Lae Ros Muc / Camus
Coiste Páirc Spraoi, Iorras Aithneach, Cill Chiaráin	Coiste Bainistíochta Ionad Cúram Leanaí Carna
Féilte	Coiste Cothabhála Séipéal Charna
Éigse Mhichael Mháire Ghabha, Cill Chiaráin	Coiste Cothabhála Séipéal Chill Chiaráin
Féile Joe Éinniú - Carna	Coiste Cothabhála Séipéal Chamuis
Féile Siúlóid Charna	Coiste Reilig Mhuighinse
Féile na mBád Ros Muc	Coiste Féile Mhic Dara – Carna
Tour deConamara (rothair)	Coiste Féilte Chill Chiaráin
Ceiliúradh an tSaoil - Carna	Coiste Páirc an Phiarsaigh
Rásaí Báid Cill Chiaráin	An Scuaib Fraoigh (Ealaín), Ros Muc
Comóradh Bheartla Mhóir	Coiste Bainistíochta Scéimeanna Fostaíochta, CL
Cashel Together	Coiste Ionad Chuimhneacháin na nImirceach, Carna
BBQ Teach Glinnsce	Coiste Sláinte Ros Muc & Camus (dífhibrileoir / d*efibrillator*)
Comórtas Iascaireachta na Beirtrigh Buí	Coiste Tacaíochta na nEalaíon Dúchasacha
Féile Siúlóid, Carna	
Rás 10k Chonamara, Carna	
Féile na gCurrach, Ros Muc	

Tábla 17: Coistí Deonacha LPT Chonamara Láir

* Baill acu san LPT

I gcomhrá le rúnaí CLG Carna Caiseal, Éamonn Ó Cualáin, thuairisc sé go bhfuil líon na bhfoirne atá an club in ann a chur amach chun páirce titithe ó cheithre fhoireann go dtí péire agus le déanaí (Meitheamh '17) go raibh deacracht acu fiú an dá fhoireann féin a chur le chéile de bharr ard leibhéil eisimirce i measc daoine óga.

Gach bliain tagann thart ar 2,000 déagóirí chuig na Coláistí Gaeilge a bhíonn á rith i gCamus, Ros Muc, Cill Chiaráin agus Carna. Le freastal orthu earcaítear múinteoirí go háitiúil ach freisin tagann cuid eile chun fanacht sa gceantar. Bíonn coláiste Gaeilge á rith freisin d'ábhar múinteoirí de chuid Choláiste Hibernia san Acadamh i gCarna ar feadh trí sheachtain i rith an tsamhraidh. Cuireann an dá dhream seo le beocht sóisialta an cheantair i míonna an tSamhraidh.

6.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar

6.15.1. Ginearálta

Tá cuid de na ceantracha is láidre, ó thaobh labhairt na Gaeilge de, in LPT Chonamara Láir ach is LPT measctha é chomh maith a chuimsíonn ceantair imeallacha nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga pobail iontu. Léiríonn figiúr 11 thíos, staid na Gaeilge, de réir an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007 (an SCT, nuashonraithe i 2011), san LPT.

Limistéar Pleanála Teanga:
Conamara Láir

DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA CHONAMARA lÁir (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

Figiúr 11: An SCT agus LPT Chonamara Láir 2011

De réir an SCT, is ionann ceantair Chatagóir A agus ceantair ina bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán ina gCLG agus inar ghnóthaigh 65%+ de na teaghlaigh deontas SLG. Ceantair Chatagóir B is ea na ceantair ina bhfuil idir 44-66% ina gCLG agus inar ghnóthaigh 30% - 65% de na teaghlaigh deontas SLG agus ceantair chatagóir C is ea na ceantair ina bhfuil faoi bhun 44% ina gCLG agus inar ghnóthaigh <30% de na teaghlaigh an deontas SLG.

Feictear dúinn go bhfuil cúig thoghroinn - Camus, An Turlach (Ros Muc), An Cnoc Buí (Carna), Scainimh (Cill Chiaráin) agus Abhainn Ghabhla ina gcatagóir 'A'. Tá catagór 'B' ag Cill Chuimín agus 'C' ag an gcuid eile atá imeallach san LPT.

Ach nuair a bhreathnaítear ar an gceantar ag úsáid dlús na CLGanna de réir céatádán feictear dúinn sa bhfigiúr thíos (Figiúr 12) go bhfuil trí thoghroinn ina bhfuil leibhéal > 80% de CLG is iad sin Camus, An Turloch agus Scainimh iontu.

Figiúr 12: Na toghranna de réir % CLG. Gorm dorcha = 80%+.

Is mar seo a leanas a thuairiscigh an SCT (2011) na toghranna is airde sa tír (Catagóir 'A') sa LPT:

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
154. Garmna	1308	1169	200.2	**88.8**	Gaillimh	A
158. Leitir Móir	866	761	221.1	**86.8**	Gaillimh	A
152. An Crompán	2367	2043	219.4	**85.1**	Gaillimh	A
161. An Turlach (Ros Muc)	523	443	233.4	**84.5**	Gaillimh	A
54. Cill Chuimín (Ros an Mhíl)	1260	1072	231.1	**84.5**	Gaillimh	A
149. Camus	344	294	219.5	**84**	Gaillimh	A
39. Loch na Scainimhe	643	549	206.1	**83.7**	Gaillimh	A
39. Cill Chuáin	433	353	233.8	**81.3**	Ciarraí	A
38. Mín an Chladaigh	1351	1077	220.2	**79.5**	Dún na nGall	A
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	289	223	200.9	**77.2**	Gaillimh	A
53. Árainn	1189	918	204.6	**75.7**	Gaillimh	A
33. An Cnoc Buí	791	608	199.0	**75.1**	Gaillimh	A

Tábla 18: Toghranna 'A' is airde ó thaobh CLG sa Ghaeltacht

Feictear dúinn go bhfuil 5 cinn (as an 12 is airde Chainteoirí Laethúla Gaeilge) de na toghranna is láidre ó thaobh na Gaeilge de sa tír ina iomláine, in LPT Chonamara Láir.

6.15.2. Conamara Láir agus an Ghaeilge sna Daonáirimh i 2006, 2011 & 2016

Bhí an daonra tar éis fás de bheagán sna blianta roimh 2011 ach uaidh sin go 2016 thit sé 6.8% (Tábla 19). Maidir le gasúir faoi 3 bliana d'aois tá an titim níos suntasaí fós ó 136 go 80 nó 41%. I gceantar Chill Chiaráin is measa an scéal le titim ó 28 gasúr go 10. Ardaíonn seo ceisteanna faoi in-mharthannacht na mbunscoileanna sa ngearrthéarma. Tá 8 mbunscoil bheag sa LPT (dúnadh Scoil Leitir Mucú i 2016) agus is léir anois go mbeidh siad uile faoi bhrú mura dtagann fás ar na huimhreacha.

Toghroinn	Daonra 2016 (2011) Athrú ó 2011	Daonra 3 bliana+ 2016 (2011)	% Cainteoirí Laethúla (CL) 2016 (2011 & 2006)	Líon CL 3 bliana+ 2016 (2011)	Athrú sa phointe céatadánach ó 2011 (ó 2006 go 2011)	Líon & % daoine gan Ghaeilge (2011)	Cainteoirí Laethúla lasmuigh den Chóras Oid-eachais 2016 (2011)	% Athrú sa phointe céatadánach sna CLG lasmuigh den Chóras Oideachais ó 2011 go 2016
Cill Chuimín (Gleann Trasna is Léam)	149 (162) - 8.0%	144 (150) - 4.0%	43.1% (48.0%; 61.0%)	62 (72)	- 4.9% (-13.0%)	51 - 35.4% (53)	44 - 30.6% (47 - 31.3%)	**- 0.7%**
Camus	316 (358) - 11.7%	307 (350) - 12.3%	88.6% (84.0%; 90.2%)	273 (294)	+ 4.6% (-6.2%)	21 - 6.8% (20)	203 - 66.1% (226 - 64.6%)	**+ 1.5%**
An Turlach (Ros Muc)	546 (545) + 0.2%	534 (524) + 1.9%	81.8% (84.5%; 88.8%)	437 (443)	-2.7% (-4.1%)	59 - 11.0% (38)	323 - 61.6% (326 - 61.0%)	**- 0.6%**
Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	261 (301) - 13.3%	257 (289) - 11.1%	73.9% (77.2%; 75.9%)	190 (223)	- 3.3% (+1.3%)	22 - 8.6% (35)	152 - 59.1% (179 - 61.9%)	**- 2.8%**
Loch na Scainimhe (Cill Chiaráin)	612 (684) -10.5%	602 (656) - 8.2%	84.4% (83.7%; 86.8%)	508 (549)	+ 0.7% (-3.1%)	38 - 6.3% (42)	402 - 66.8% (431 - 65.7%)	**+ 1.1%**
An Cnoc Buí (Carna)	810 (853) - 5.0%	779 (810) - 3.8%	78.4% (75.1%; 81.3%)	616 (608)	+ 3.3% (-6.2%)	78 - 10.0% (94)	458 - 58.8% (470 - 58.0%)	**+ 0.8%**
Cloch na Rón (Cuid de) & Maighros (Sraith Salach - cuid de)	241 (243) -0.8%	232 (235) - 1.3%	16.4% (15.3%; 25.4%)	38 (36)	- 1.1% (- 4.5%)	93 – 40.1% (95)	73 - 31.5% (119 measta - 50.6%)	**- 19.1% (measta)**
Iomlán	2,935 (3,146) - 6.8%	2,855 (3,014) - 5.3%	74.2% (73.8%)	2,118 (2,225)	+ 0.4%	362 - -4% (377)	1,603 - 56.1% (1,704 - 56.5%)	**- 0.4%**
Cuid ó dheas de Chonamara Lár – Carna go Camus, gan toghranna Chill Chuimín, na Sraithe Salaigh is Chloch na Rón.	2,545 (2,741) - 7.2%	2,531 (2,717) - 6.8%	80.1% (77.9%)	2,027 (2,117)	+ 2.2%	218 -6.4% (233)	1,541 - 60.9% (1,620 – 59.6%)	**- 0.7%**

Tábla 19: Conamara Láir agus an Ghaeilge sa Daonáireamh 2006-2016

Ainneoin na titime sa daonra, sa gcuid ó dheas den LPT, sna 5 thoghroinn i gCatagóir A, an áit is dlúithe daonra agus an ceantar is mó Gaeilge, d'ardaigh % na gCainteoirí Laethúla Gaeilge 'laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais' 2.2% agus maidir le Cainteoirí Laethúla 'lasmuigh den chóras oideachais' amháin, ardú de 0.7% a bhí ann. Is sa gcuid seo a chónaíonn 2,531 as an daonra os cionn 3 bliana de 2,855 (89%) Chonamara Lár ina iomláine. Bhí titim i líon na ndaoine gan Ghaeilge chomh maith, 15 duine sa gcuid ó dheas agus freisin 15 duine ar an iomlán. Faoi láthair, mar atá ráite thuas, ceantar 'Catagóir A' láidir atá i gConamara Lár, mar a thuairiscigh an SCT (2007) agus an Nuashonrú (2015).

Áfach, is léir titim shuntasach a bheith i ndán do dhaonra an cheantair mura dtagann stop leis an eisimirce agus fás arís ar an inimirce. Dá bhrí sin, is laghdú mór a bhéas i gceist do líon na gcainteoirí amach anseo, cheal daoine len í a labhairt.

Maidir le ceantar Chloch na Rón, na Sraithe Salaigh agus Léam (cuid thoir thuaidh de Chonamara Lár), áiteanna ina bhfuil an daonra beag, tá staid na Gaeilge ag lagú i gcónaí, cé go bhfuil dlús an-bheag cainteoirí thart ar an Sraith Salach, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht Oifigiúil, agus roinnte idir an LPT seo agus LPT Dhúiche Sheoighigh. Féach Mír 6.16.

6.15.3. Scéim Labhairt na Gaeilge sa LPT

'Séard a bhí i Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) ná scéim a bhí ar an bhfód ó na 1930í inar íoc an RCO&G ('Roinn na Gaeltachta' mar a bhí) deontas in aghaidh na scoilbhliana le teaghlaigh sa nGaeltacht má shásaigh na teaghlaigh cigirí na Roinne gurb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga labhartha agus go raibh líofacht nádúrtha ag na páistí dá réir. Cé nach raibh an scéim gan locht i.e. thosaigh sé nuair a bhí na páistí ar scoil seachas díreach th'éis breith, bhí fiúntas ag baint leis mar (a) gur spreag sé teaghlaigh leis an nGaeilge a labhairt lena bpaistí agus (b) gurbh úirlis taighde an-úsáideach é a thug léargas ar shláinte an teanga ag leibhéal an scoilcheantair bliain i ndiaidh bliana.

Sa scoilbhliain deireannach de chuid SLG, 2010/2011, bhí dhá thoghroinn ón LPT ar bharr an scála ó thaobh ghnóthú an SLG de:

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	Catagóir
39. Loch na Scainimhe	**58**	**92.1**	A
161. An Turlach (Ros Muc)	**37**	**88.1**	A
154. Garmna	126	87.5	A
54. Cill Chuimín (Ros an Mhíl)	105	86.1	A
149. Camus	30	83.3	A
158. Leitir Móir	79	80.6	A
53. Árainn	81	78.6	A
152. An Crompán	165	73.0	A
33. An Cnoc Buí	47	72.3	A
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	16	69.6	A
61. Sailearna	106	64.6	A
55. Cill Aithnín	50	57.5	A
63. An Spidéal	44	33.8	B
31. An Uillinn (Bun na gCnoc)	3	33.3	B
155. Cill Chuimín (Gleann Treasna)	4	26.7	B
153. An Chorr	2	22.2	C
151. Conga	8	16.3	B
51. Na Forbacha	20	12.9	C

Tábla 20: SLG Conamara Láir 2010/2011

6.15.4. Beocht an Ghaeilge sa LPT.

Baineann na staitisticí thuas le úsáid na Gaeilge ag chuile aoisghrúpa. Cé go bhfuil dóchas ag baint le h-ard leibhéal cumais agus ráta labhartha na Gaeilge i gcuid mhór den LPT is cúis imní é torthaí an taighde ar na déagóirí. Léiríonn an taighde ar na déagóirí (Aguisín 3) go bhfuil (figiúirí garbha) trian á thógáil le 'Gaeilge amháin', trian eile á thógail le meascán de Ghaeilge agus Béarla agus trian dá thógáil le Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó. Cé go dtuairiscíonn 61% acu go bhfuil 'Gaeilge líofa' acu agus 29% eile go bhfuil 'Gaeilge mhaith' acu, is é an an Béarla a úsáideann tromlach (53.5%) acu lena gcairde tar éis na scoile (Tábla 9, Aguisín 3). Chomh maith le sin tuairiscíonn 71% de na déagóirí go labhraíonn siad Béarla le daoine go bhfuil Gaeilge mhaith acu (Figiúr 9, Aguisín 3). Agus an méid sin ráite, ní mór a rá chomh maith nach bhfuil sé neamhghnách déagóirí a chloisteáil ag labhairt Gaeilge lena chéile sna ceantracha a bhfuil 'Catagóir A' ag baint leo.

6.16. Toghranna Bhinn a' Choire, na hUilinne, Mhaíros & Chloch na Rón.

Ceantar Chloch na Rón, na Sraithe Salaigh, Bhinn an Choire is na hUilinne (Bun na gCnoc). Limistéir Phleanála Teanga Chonamara Láir & Dhúiche Sheoigheach/Thuar Mhic Éadaigh.

Figiúr 13: Léarscál le dathanna ag léiriú líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge 2011.[13]

Ceantar Chloch na Rón, na Sraithe Salaigh, Bhinn an Choire is na hUilinne (Bun na gCnoc). Limistéir Phleanála Teanga Chonamara Láir & Dhúiche Sheoigheach/Thuar Mhic Éadaigh.

Tá an ceantar seo ar an taobh ó dheas de na cnoic. Tá toghroinn na hUilinne (Bun na gCnoc) ina iomláine agus codanna de thoghranna Mhaírios (Sraith Salach), Chloch na Rón (Ioarras Beag agus Inis Ní) agus Bhinn an Choire sna Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta. Mar i míníodh ar lch a 29 (Dréachtphlean DS/TMÉ) rinneadh an taighde do cheantar na Sraithe Salaigh & Chloch na Rón ar fad faoi Choiste Pleanála Teanga Chonamara Láir.

Rinnedh an socrú seo go hoifigiúil ag cruinniú idir Bhainisteoirí an dá chomharchumann, an Roinn Ealaíon Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta ar an 8 Aibreán 2016

[13] https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=3c2ff4d2fc1b49448c17662f94e23cda.

1. Cúlra Socheacnamaíochta:

Mar a léiríonn Tábla 21 thíos, cé go bhfuil daonra sách beag sa tSraith Salach/Caiseal/Bun na gCnoc/Inis Ní agus Iorras Beag (ar fad i gCatagóir C go teangeolaíoch), le 483 duine fásta, tá an pobal ar an iomlán an-chosúil leis na meáin náisiúnta sa stát ó thaobh fostaíochta agus eile.

Ceantar	Ag obair	Dífhostaithe	Eile - Cúramóirí, Tinn, Micléinn	Iomlán na nDaoine Fásta
Binn an Choire (Toghroinn ar fad Gaeltacht agus eile)[14]	126 (61.2%)	7 (3.4%)	73 (35.4%)	206
An Uilinn (Bun na gCnoc)	46 (60.5%)	5 (6.6%)	25 (32.9%)	76
Mairíos & Cloch na Rón (Sraith Salach san áireamh)[15]	82 (40.8%)	15 (7.5%)	104 (51.7%)	201
Iomlán don Sraith Salach/Cloch na Rón/Bun na gCnoc	254 (52.6%)	27 (5.6%)	202 (41.8%)	483
LPT Chonamara Láir ar fad	913 (37.7%);	324 (13.3%)	1,183 (49%)	2,420
LPT Dhúiche Sheoighigh/Thuar Mhic Éadaigh	1,340 (50.4%)	142 (4.5%)	1,175 (44.1%)	2,657
Stát ar fad	53.4%	7.9%	38.7%	100.0%

Tábla 21: Foinse: Daonáireamh 2016. '*Principal Status*'. http://census.cso.ie/sapmap/

Tá seo fíor freisin faoi Limistéar Dhúiche Sheoigheach ina iomláine ó thuaidh ach ní hamhlaidh atá ó dheas i gceantair Chatagóir A de Chonamara Lár, mar a bhfuil an dífhostaíocht ar an meán trí uaire níos measa agus níos measa fós i gceantar Chill Chiaráin ag 18%+.

2. Cumas agus Úsáid na Gaeilge

Tá fáil ar eolas ó dhá fhoinse faoi chumas na ndaoine i nGaeilge agus faoina húsáid - Daonáireamh 2016 agus Suirbhé Chonamara Láir 2017.

I dTábla 22, tá torthaí Dhaonáireamh 2016 maidir le cumas sa Ghaeilge agus ansin líon na gCainteoirí Laethúla, Seachtainiúla agus eile.

[14] Níl figiúr ar fáil do chuid Ghaeltachta Thoghroinn Bhinn an Choire. Dá bhrí sin, tá an daonra iomlán san áireamh anseo.

[15] Faightear figiúirí do pháirt-thoghranna na Sraithe Salaigh (Maíros) agus Chloch na Rón trí iomlán na 6 thoghroinn eile a dhealú ó fhigiúirí iomlána LPT Chonamara Láir.

Toghroinn nó Limistéar Pleanála Teanga	Daonra 2016	Daonra 3 bliana+ 2016	% Cainteoirí Laethúla (CL) 2016	Líon & % daoine le Cumas sa Ghaeilge	Líon & % daoine gan Ghaeilge	Cainteoirí Laethúla lasmuigh den Chóras Oideachais 2016	Cainteoirí a labhraíonn ar scoil amháin nó go seachtainiúil nó anois is arís 2016
Binn an Choire (Toghroinn ar fad Gaeltacht agus eile)	226	223	6 (2.6%)	52 (23.0%)	146 (65.5%)	3 (1.3%)	43 (19.3%)
An Uilinn (Bun na gCnoc)	97	92	32 (34.8%)	70 (76.1%)	21	15 (16.3%)	51 (55.4%)
Cloch na Rón (Cuid de) & Maighros (Sraith Salach - cuid de)	241	232	39 (16.2%)	139 (59.9%)	93 (40.1%)	18 (7.8%)	95 (40.9%)
Iomlán don Sraith Salach/Cloch na Rón/Bun na gCnoc	**564**	**547**	**77 (14.1%)**	**261 (47.7%)**	**260 (47.5%)**	**36 (6.6%)**	**189 (34.5%)**
LPT Chonamara Láir ar fad	2,935	2,855	2,127 (74.5%)	2493 (87.3%)	362 (12.7%)	1,603 (56.1%)	798 (30.0%)
LPT Dhúiche Sheoighigh/Thuar Mhic Éadaigh	3,185	3,088	950 (30.8%)	2,088 (67.6%)	958 (31.0%)	426 (13.8%)	1,479 (47.9%)

Tábla 22: Daonáireamh 2016, An Ghaeilge agus Ceantar na Sraithe Salaigh is Chloch na Rón

Catagóir C atá le feiceáil anseo ach go bhfuil roinnt nithe le tabhairt faoi deara:

(a) Tá an teanga níos láidre sa tSraith Salach agus i mBun na gCnoc mar atá sa gcuid thiar ar fad (Binn an Choire/Caiseal/Inis Ní/Iorras Beag/Tuaim Beola), ceantar ina bhfuil an daonra an-bheag ar fad.

(b) Os cionn 60% a bhfuil cumas sa teanga acu sa tSraith Salach.

(c) Cé nach bhfuil ach dhá scór ag labhairt na Gaeilge go laethúil sa tSraith Salach, tá 200 eile le cumas sa teanga, figiúr nach mbeadh ann i gceantar Galltachta[16], a labhraíonn go seachtainiúil nó anois is arís nó ar scoil amháin.

Tionóladh cruinnithe poiblí i Samhain 2016 agus Deireadh Fómhair 2017 sa tSraith Salach, cruinnithe a reáchtáladh trí mheán na Gaeilge ar ar fhreastail breis is 20 duine faoi seach.

Rinneadh suirbhé in earrach 2017 a d'fhreagair 40 duine fásta agus iad scaipthe tríd an gceantar ar fad. Bhí an scaipeadh tríd na haoisghrúpaí ar aon dul le freagraí Chonamara Láir ar fad - ag teacht leis an daonra ach beagán níos lú i measc na ndaoine os cionn 65 bliain. Mar a tharlaíonn tá ceantair sa tSraith Salach nach bhfuil sa nGaeltacht Oifigiúil agus cónaí ar roinnt cainteoirí laethúla sna bailte fearainn seo. 29/40 a tógadh sa nGaeltacht. 7 dteaghlach le gasúir faoi 19 mbl. & teaghlach amháin le Gaeilge á labhairt sa mbaile.

Torthaí an Taighde

[16] Thart ar 3.9% sa stát ar fad a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil. Labhraionn 24.7% eile í ar scoil nó anois is arís. Iomlán de 28.6% versus 55%+ sa tSraith Salach/Bun na gCnoc.

(a) Cumas: 3 as 10 a tógadh le Gaeilge sa nGaeltacht agus duine amháin nár tógadh ach atá líofa go maith, 13 'réasúnta ach ní líofa' ag caint agus an chuid eile, 35% ar bheagán Gaeilge. Cé go bhfuil an % de chainteoirí líofa Gaeilge sách íseal tá fós a dheich n-oiread Gaeilge sa gceantar is atá in aon áit sa nGalltacht.

Tuairiscíonn thart ar 30% go bhfuil léitheoireacht/scríobhneoireacht 'an-mhaith' acu i nGaeilge ach fonn orthu a chur air seo. Téann an córas scolaíochta i bhfeidhm go mór ar chumas na ndaoine. Líofacht ag sciar suntasach óna scolaíocht amháin, is féidir a rá.

(b) Foghlaim na Teanga

Tá teipthe ar go leor daoine (nach bhfuil líofa sa Ghaeilge) an teanga a fhoghlaim ainneoin iarrachtaí a rinne siad rud a dhéanfas nua-iarrachtaí níos deacra anois. 11/28 foghlaimeoir a rinne iarracht agus nach bhfuil sásta gur éirigh leo. 14 a dhéanfadh cúrsa Gaeilge. Teastaíonn ranganna Gaeilge ar an Sraith Salach chomh maith.

(c) Eile

Léiríodh tacaíocht an-láidir don stádas Gaeltachta atá ag an gceantar - breis is 90% ag tacú leis. Tá easpa áiseanna ann ar nós leathanbhanda agus bóithre maithe. Níl Gaeilge in úsáid sna seirbhísí poiblí mar a bheifí ag súil leis. Tá tacaíocht ann d'imeachtaí Óige agus do shóisialú trí Ghaeilge don aos óg. Is gá leas a bhaint as an Ionad Pobail sa tSraith Salach agus acmhainní Óige na Gaeltachta chun an bearna a líonadh. Feachtas poiblíochta tacaíochta don teanga ag teastáil. Tá tacaíocht ann don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta[17].

(d) Tuairimí Breise: Scríofa & ag Cruinnithe sa gCaiseal agus sa tSraith Salach ar an 11 Deireadh Fómhair, 2017

Deichniúr a chuir stró orthu féin tuairimí ina leith seo a scríobh. Léiríodh tacaíocht an-láidir don Ghaeilge agus don Ghaeltacht: 96% den bharúil go bhfuil sé tábhachtach go bhfanfadh an ceantar ina Ghaeltacht & 82% ag rá an-tábhachtach. Tá na céatadáin seo ag teacht leis na céatadáin tacaíochta ó dheas san LPT. Mar sin féin mheas duine amháin go raibh 'Gaeilge ag daoine ach ... drogall orthu í a labhairt go poiblí'. Dá bhrí sin síleadh 'áiseanna a bhunú le deiseanna a fhorbairt le Gaeilge a bheith in úsáid'. Teastaíonn freisin ranganna agus imeachtaí nó caithimh aimsire trí mheán na Gaeilge m.sh. ceardaíocht.

Maidir le mórthogra moladh go mbunófaí Coláiste Samhraidh Gaeilge[18] nó brainse de chúrsa ábhar-mhúinteoirí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCárna. Ó tharla anois carranna a bheith ag cuid mhaith de na hábhar-mhúinteoirí agus cheana féin lóistín i nGlinsce in úsáid. Bheadh an tIonad Pobail (Seanscoil) sa tSraith Salach an-fheiliúnach do na tograí. Luadh chomh maith:

(a) Teorainneacha na Gaeltachta a leathnú le go mbeadh baile fearainn 'Cathair', a bhfuil cainteoirí Gaeilge ag cónaí ann, sa Limistéar Gaeltachta go hoifigiúil agus chomh maith ceantar iomlán na Sraithe Salaigh i Limistéar Chonamara Láir.

(b) Leas a bhaint as an Ionad Pobail atá faoi stiúir Phobal Máméan Teo, chun imeachtaí óige, campaí samhraidh agus ranganna/cúrsaí foghlamtha Gaeilge a chur ar bun.

(c) Ceantar an Chaisil: Anseo a thosaíonn 'Bealach an Atlantaigh Fhiáin' i nGaeltacht Chonamara. Níl siopa ná caifé san áit aguis teastaíonn a leithéid.

(d) Go dtabharfaí gach cabhair do Scoil an Chaisil agus Naíonra na Sraithe Salaigh le hiarrachtaí chur chun cinn na teanga ainneoin. Go bhféachfaí an féidir leas a bhaint as an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (ó tharla líon

[17] Níl aon bhunscoil ná iarbhunscoil i gceantar Gaeltachta na Sraithe Salaigh/Chloch na Rón. Téann roinnt gasúir chuig Scoil Thír na Cille lena mbaineann an Polasaí don Oideachas Gaeltachta. Is chuig Scoil an Chaisil is mó agus chuig Pobalscoil an Chlocháin a théann scoláirí den chuid. Bunscoil Dhoire Ghlinne ann freisin atá díreach lasmuigh d'imeall thoir LPT Chonamara Láir (ceantar Léime).

[18] 10 mbliana ó shin rinneadh go leor taighde ar bhrainse den Choláiste atá i gCorr na Móna, Spleodar, a bhunú sa tSeanscoil sa Sraith Salach. Theastódh ar a laghad 70 leaba measadh. Sa deireadh ní dheacthas ar aghaidh leis an togra.

ard scoláirí Gaeltachta a bheith ag freastal uirthi) nó as Scéim an 'Gaelbhratach' de chuid Ghael-Linn le cabhrú leo.

(e) Infreastruchtúr an cheantair a fheabhsú leis an dream le Gaeilge a choinneáil ag cónaí sa gceantar - bóthar N59 a uasdátú, leathanbhanda a fheabhsú agus córas taistil poiblí a fhorbairt trí, b'fhéidir, na veaineanna atá ag 'An Post' a leasú chun paisiniéirí a iompair mar ar tharla in Albain.

(f) Aontaíodh le moltaí eile ar nós gréasáin a bhunú do fheiliméirí beaga.

6.17. An Clochán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

Tá an ceantar ag bordáil ar an gClochán. De réir Acht na Gaeltachta (2012) bronnfar stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ar an gClochán. Is Foras na Gaeilge a bhéas i mbun na hoibre seo le ceanneagraíocht a roghnú ar an mbaile agus plean teanga a fhorbairt le gur féidir leis an mbaile freastal ar na ceantair Ghaeltachta máguaird.

Déanann pobal Chonamara láir agus Dhúiche Sheoigheach go leor gnótha sa gClochán. I láthair na huaire, ainneoin easpa fianaise eolaíochtúil, is cosúil gur beag béime atá ar sheirbhísí stáit trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta sna háisínteachtaí atá lonnaithe ar an mbaile. Anuas air sin, san earnáil ghnó, ní thuairiscítear go minic é go bhfeictear comharthaíocht ag cur fáilte roimh úsáid na Gaeilge. Ar an láimh eile, tá líon beagán níos mó de chainteoirí laethúla Gaeilge ar an mbaile ná mar atá sa stát ar fad. Chomh maith, níl cainteoirí líofa ná laethúla Gaeilge san áireamh a oibríonn, ach nach gcónaíonn, sa gClochán san áireamh ach oiread.

Ní heol aon eagras Gaeilge a bheith ag feidhmiú ar an mbaile ach go mbíonn rang nó ciorcal comhrá Gaeilge ann ó am go ham.

Moltar go gcomhoibreofaí le Plean Teanga Bhaile Seirbhíse an Chlocháin trí ionchur láidir a dhéanamh ina dhréachtadh agus ansin tacú lena chur i bhfeidhm. Ní mór an Ghaeilge a bheith lárnach sna príomhcheangail idir an baile agus Conamara Láir agus Dúiche Sheoigheach - seirbhísí poiblí agus go speisialta i dtaobh aon ionad for-rochtana a bhunófaí sna LPT, cúrsaí oideachais mar a fhreastlaítear ar scoláirí thuaisceart Chonamara Láir/Iarthar Dhúiche Sheoigheach go háirithe, cúrsaí turasóireachta (tá príomh-oifig turasóireachta Chonamara sa gClochán), an earnáil miondíola gnó agus eile.

6.18. Leathanbhanda

Tá tábhacht faoi leith ag baint le cúrsaí leathanbhanda, ar iliomad bealaí, sa lá atá inniu ann. Baineann sé le réimse na fostaíochta, le daoine féinfhostaithe agus le lucht turasóireachta (bíonn aíonna ag súil le go mbeadh sé ar fáil) agus le caighdeán na beatha go ginearálta. Árdaíodh ceist an leathanbhanda arís agus arís eile ag cruinnthe poiblí agus san aiseolas a fuarthas ón bpobal. Is mar seo atá an staid reatha faoi lathair (22/6/17) dár le suíomh Éir.[19]

Figiúr 14: Dáileadh na seirbhíse leathannbhannda LPT Chonamara Láir – 2017.

Feictear dúinn go bhfuil caibinéid shnáthoptaice *(fibre cable)* lonnaithe i gCasla, san Inbhear (Ros Muc) agus sa Sraith Salach. Tá sé i gceist ag Eir caibinéid a lonnú ar an Mhám, i gCill Chiaráin, i gCarna agus ar an gCaiseal taobh istigh de bhliain. Baineann luas na seirbhíse le giorracht an tí don chaibinéad. A ghiorra a bhíonn an custaiméir is ea is sciobtha a bhíonn an luas. Is soiléir mar sin nach mbeidh clúdach sásúil ar fáil ag chuile áitritheoir faoin bplean seo agus go háirithe má tá forbairt le déanamh ar sholáthar lóistín (ar nós AirBnB) níor mhór aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Ag cruinniú (20/6/17) le hionadaithe de chuid ÚnaG agus baill den CSPTCL thug an tÚdarás le fios go bhfuil cúram orthu seirbhísí leathanbhanda a chur ar fáil sna punainn maoine atá faoina gcúram agus nach bhfuil freagracht ar an Údarás seirbhís leathanbhanda a chur ar fáil do ghnáth-áitritheoirí ina dtithe cónaithe príobháideach.

[19] https://www.eir.ie/broadband/coverage-map/ - léite 4 Iúil 2017

7. Léargas ar ullmhú an Phlean Teanga

Tá roinnt mhaith taighde de chuid na sochtheangeolaíochta déanta sa nGaeltacht. An taighde is cuimsithí is ea an SCT (2007), mar a luadh cheana. Chomh maith leis sin tá faisnéis ábhartha ar fáil ó na Daonáirimh agus ó www.pobal.ie. Ní mór a rá chomh maith ná gur acmhainn iontach í Bainisteoir Oifige FCL, Máirín Ní Choisdealbha-Seoighe, agus foireann na hOifige, a bhfuil an-chur amach aici agus acu ar an bpobal agus eagraíochtaí pobail san LPT. Roinn sí a cuid eolais go flaithiúil leis an gCoiste. Roghnaigh CPTCL an chomhlacht - Seirbhísí Pleanála Teanga - le seirbhísí proifisiúnta pleanála teanga a sholáthar don choiste agus síníodh conradh leo mar atá leagtha síos sna critéir don Phróiseas Pleanála Teanga.

Tugadh cuireadh do na coistí pobail san LPT ionadaithe a ainmniú don choiste agus, níos deireannaí, eagraíodh cruinnithe eolais i 6 cheantar san LPT - Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, an Sraith Salach agus an Caiseal leis an bpobal a chur ar an eolas faoin bpróiseas. Shocraigh CSPTCL, ag tabhairt san áireamh na hacmhainní a bhí ar fáil, ar thaighde a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

- Suirbhé ar an bpobal go ginearálta, teaghlaigh san áireamh
- Suirbhé ar scoláirí meánscoile
- Suirbhé ar naíonraí
- Suirbhé ar eagraíochtaí deonacha san LPT
- Seimineár le bunmhúinteoirí
- Seimineár le múinteoirí iarbhunscoile
- Agallamh le stiúrthóir an Ionad Cúram Leanaí Charna
- Agallaimh le ionadaithe poiblí maidir leis an bPleanáil Fhisiciúil
- Agallaimh le bainisteoirí na gColaistí Gaeilge
- Taighde páirce ar champaí camhraidh do ghasúir
- Cruinniú le hoifigigh sinsearacha de chuid ÚnaG
- Taighde ar an earnáil mhiondíola
- Seimineár le hoifigigh sinsearacha de chuid CLG.

Ba bhunphrionsabal den phróiséas é deis a thabhairt do fhreagróirí tuairimí agus moltaí a thabhairt i bhfoirm 'ceisteanna oscailte nó saor téacs'. Cé gur chuir an cur chuige seo le castacht na hainilíse b'fhiú go mór é, mar bailíodh an t-uafás aiseolais atá saibhir agus úsáideach.

Dáileadh thart ar 1,050 ceistneoirí ar chuile theach go raibh cónaí iontu san LPT. Dearadh leagan ar líne chomh maith - https://www.surveymonkey.com/r/Plean_Teanga_Chonamara_Lair.

Theastaigh teacht ar na fírící sochtheangeolaíocha a bhaineann leis an teanga sa phobal. I measc na gceisteanna taighde bhí:

- Cé chomh láidir agus atá an Ghaeilge mar theanga baile sa gceantar?
- Cé as d'áitritheoirí an cheantair san lá atá inniu ann?
- Cá seasann an Ghaeilge leis an nglúin óg?
- An bhfuil tuismitheoirí a tógadh le Gaeilge ag labhairt an teanga lena ngasúir agus muna bhfuil cén fáth nach bhfuil?
- An bhfuil lucht labhartha an Ghaeilge sa cheantar mar mhionlach ag daoine ag teacht isteach ar bheagán nó gan Ghaeilge ar bith?

Bhí 16 leathanach agus 34 ceist sa gceistneoir agus rannóg faoi leith do thuismitheoirí. D'fhéadfadh idir duine agus triúr an ceistneoir a fhreagairt. Cuireadh leagan ar líne den cheistneoir ar fáil ar mhaithe lena dhéanamh chomh héasca agus ab fhéidir don phobal í a líonadh. Is ar bhonn na neamh-ainmníochta *(anonymity)* a rinneadh an suirbhé. Mar thoradh ar an gceistneoir níl aon duine nó teaghlach inaitheanta agus is staitisticí agus tuairimí scríofa gan aon sonraí pearsanta amháin atá i gceist.

Idir chruachóipeanna agus leaganacha leictreonacha fritheadh 253 ceistneoirí comhlánaithe ar ais. Bhí 451 freagróirí i gceist, is é sin sa bhreis ar 17.5% den phobal in aois 18 mbliana déag agus níos sine. Bhí scaipeadh na bhfreagróirí ar aon dul le scaipeadh an daonra de réir toghranna agus aoisghrúpaí (daonáireamh 2016) rud a thugann, ó thaobh na modheolaíocht samplála, sampla sásúil dúinn i measc an limistéir ar bhonn tíreolaíoch agus ar bhonn daonra.

Tá torthaí an tsuirbhé le fáil mar Aguisín 1

Chomh maith leis an suirbhé ar an bpobal rinneadh suirbhé cuimsitheach ar na scoláirí atá ag freastal ar an dá iarbhunscoil sa gceantar (féach Aguisín 2) agus ar eagraíochtaí sóisialta/deonacha an cheantair.

8. Torthaí an Taighde

8.1. Ginearálta

Tá torthaí an taighde ina iomláine ar fáil in Aguisín a 1 agus a 2.

8.2. Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge

Cé nach ionann dearcadh agus gníomh fós tá sé suntasach go bhfuil dea-thoil forleathan le brath i leith na Gaeilge agus todhchaí Limistéar Chonamara Láir mar cheantar Gaeltachta. I suirbhé na n-áitritheoirí sa limistéar, thuairiscigh **87% go raibh sé an-tábhachtach dóibh go mbeidh an ceantar ina Ghaeltacht amach anseo, agus 8% eile go raibh sé tábhachtach, sin 95% den phobal ag rá go bhfuil Stádas Gaeltachta tábhachtach agus bhí an tuairim sin seasmhach trasna an limistéir ar fad.**

Cé nár cuireadh an cheist cheannann chéanna ar na déagóirí thuairiscigh siad mar seo a leanas:

Figiúr 15: Déagóirí i bhfábhar na Gaeilge?

Léiríonn figiúr 15 thuas go bhfuil meon dearfach (90%) de na déagóirí i leith na Gaeilge.

C. 38 Cén chaoi a mbraithfeá dá dtarlódh na rudaí seo a leanas?	An-tsásta	Sásta	Ba chuma liom	Mí-shásta	An-mhí-shásta	Iomlán
Mura mbeadh aon pháistí á dtógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht a thuilleadh	12	10	18	38	67	145
Dá mbeadh Béarla amháin á labhairt sa Ghaeltacht amach anseo	10	8	17	23	86	144
Dá gcuirfí deireadh le hÚdarás na Gaeltachta	8	9	21	35	70	143
Mura mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil sa cheantar ina bhfuil tú i do chónaí	10	8	15	29	80	142
Dá mbainfí an stádas Gaeltachta den cheantar seo	13	10	17	19	82	141

Tábla 23: Dearcadh na ndéagóirí faoi thodhchaí na Gaeltachta

Léiríonn na torthaí seo dearfacht i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta. Is ceann de na dúshláin atá ag lucht pleanála teanga san LPT ná bealaigh a aimsiú leis an deathoil seo a dhíriú ar bheartais éifeachtacha leis an nGaeilge a láidriú sna comhthéacsanna difriúla teangeolaíocha atá ag feidhmiú sa bpobal.

8.3. Cumas Labhartha sa nGaeilge

Thuairiscigh os cionn 80% de na freagróirí (suirbhé na n-áitritheoirí) gur chainteoirí líofa Gaeilge iad. Is bunús láidir é seo do Phróiseas Pleanála Teanga. Cloíonn an figiúr seo le figiúirí an Daonáirimh.

Figiúr 16: Cumas labhartha sa nGaeilge > 19 bliain

Nuair a cuireadh an cheist chéanna ar dhéagóirí maidir lena gcumas sa Ghaeilge thuairiscigh 61% acu gur 'cainteoirí líofa' iad agus 29% eile gur 'cainteoirí maithe' iad. Is titim é sin ar líon na ndaoine a bhfuil líofacht acu, ó **81% (daoine >18 bl) (fig. 16) go 61% (daoine idir 13- 18 bl.) (fig. 17)** cé nach raibh an catagóir 'maith' ag na daoine fásta. Léiríonn an titim de 20% i líofacht sa nGaeilge idir na glúnta treocht i dtreo an Bhéarla a léiríonn dúshlán don Ghaeilge mar theanga an phobail amach anseo, **gan idirghabháil dearfach agus éifeachtach** ar son na Gaeilge.

Figiúr 17: Cumas labhartha sa nGaeilge 13-18 bliain

8.4. Cén Teanga lenár Tógadh Muintir Chonamara Láir?

Figiúr 18: An teanga lenár tógadh na bhfreagróirí

Agus nuair a bristear síos an toradh thuas de réir na toghranna;

Toghroinn	Gaeilge amháin. Líon & %	"Gaeilge is mó" san áireamh	Iomlán
Camus/Cill Chuimín	42 (78%)	44 (81%)	54
Turlach	54 (71%)	62 (82%)	76
Abhainn Ghabhla	23 (79%)	26 (90%)	29
Scaineamh	61 (73%)	69 (82%)	84
Cnoc Buí	53 (51%)	58 (56%)	104
Muigh Ros (Sr S)	1 (10%)	3 (30%)	10
Eile san LPT	0	0	1
Iomlán san LPT	234 (66%)	262 (74%)	356 (100%)
Eile (DS, SrS, Caiseal, etc)	8	11	34
Iomlán	242	273	390

Tábla 24: An líon daoine a tógadh a labhair a mbeirt tuismitheoirí Gaeilge (amháin nó den chuid is mó) leo

Ní mór a thabhairt san áireamh gur gach aoisghrúpa (>18) atá i gceist. Léiríonn na figiúirí an éagsúlacht teangeolaíochta a bhaineann leis an LPT idir na a) Gaeltachtaí láidre, b) An Cnoc Buí (Carna) agus c) na ceantair imeallacha.

Nuair a cuireadh an cheist 'Cén teanga lenár tógadh thú' ar na déagóirí is mar seo a d'fhreagair siad;

Cén teanga lenar tógadh thú?	
Gaeilge amháin	30%
Gaeilge den chuid is mó	34%
Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó	36%

Tábla 25: Cén teanga lenar tógadh thú?

Feictear dúinn go bhfuil titim de 10% i líon na bhfreagróirí a tógadh le Gaeilge idir dhaoine fásta (74%) agus déagóirí (64%).

In agallamh[20] le stiúrthóir an Ionad Cúram Leanaí Charna (28/3/17) léirigh sí an tuairim go raibh Gaeilge ón mbaile ag 20% de na naíonán a bhí ag freastail ar an Ionad sa tréimhse seo. Ag glacadh leis go raibh tromlach na

[20] Aguisín 12

ngasúir ag teacht ó cheantar Charna léiríonn sé titim leanúnach maidir le cumas san Gaeilge idir dhaoine fásta, déagóirí agus naíonáin.

8.5. An Teanga a Labhraíonn Daoine atá i gCleamhnas lena Chéile

Figiúr 19: Daoine atá i gcleamhnas. An teanga a labhraíonn said eatarthu féin.

An rud suntasach anseo ná go dtuairiscíonn 81% den phobal (figiúr 15) gur cainteoirí líofa Gaeilge iad ach tá titim ann go 62%, mar atá leirithe thuas, maidir le Gaeilge mar theanga labhartha dhaoine atá i gcleamhnas le duine eile. Léiríonn seo dúshlán don Ghaeilge mar theanga phobail sa todhchaí. Bheadh tionchar cinnte ag an eisimirce agus an inimirce ar an bhfigiúr seo. Más Béarla atá dhá labhairt idir tuismitheoirí sa teaghlach, tá impleachtaí aige seo ar sheachadadh na Gaeilge do na páistí.

8.6. An Teanga a Labhraíonn Páistí Eatarthu Féin

Figiúr 20: Cén teanga a labhraíonn páistí eatarthu féin sna teaghlaigh san LPT?

Bhí 60 teaghlach i gceist agus thuairiscigh 67% gur labhair a bpáistí Gaeilge eatarthu féin. Is titim é seo ón bhfigiúr de 76% de thuismitheoirí a dúirt gur Gaeilge a labhair siad lena bpáistí, i.e. i roinnt teaghlaigh tá tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge lena bpáistí ach tá na páistí ag labhairt i mBéarla eatarthu féin. Is léiriú é seo ar an bpróiséas iompaithe teanga (*language shift*) ó ghlúin go glúin.

Seo na figiúirí de réir na gceantar i gConamara Láir. Leanann sé patrúin na bhfreagraí eile.

Toghroinn	Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó	Béarla nó Béarla den chuid is mó
Turloch/Camus/Cill Chuimín	80%	20%
Scaineamh / Abhainn Ghabhla	70%	30%
An Cnoc Buí	55%	45%
Eile	5%	95%
Iomlán san LPT	67%	33%

Tábla 26: Teanga na bPaistí eaturthu féin

8.7. Cérb as do Mhuintir Chonamara Láir?

Léirigh an taighde gur de bhunú Ghaeltacht Chonamara iad tromlach mór (86%) na bhfreagróirí (19 bl+). Arís is acmhainn úsáideach é seo don phleanáil teanga, cé nach ionann a bheith tógtha sa nGaeltacht agus a bheith tógtha le Gaeilge.

Figiúr 21: Cérb as do Mhuintir Conamara Láir > 19 bliain?

Ach nuair a cuireadh an cheist ar na déagóirí - 'Cé as do do thuismitheoirí?' bhí toradh beagán níos éagsúil ann. Thuairiscigh siad gurb as Gaeltacht Chonamara iad **73%** dá máithreacha agus **79%** dá n-aithreacha. Féach figiúirí 3, 4 in Aguisín 2. Léiríonn sé seo léibheal níos airde inimirce i measc áitritheoirí níos óige. Tá impleachtaí ag an inimirce seo ar chúrsaí sochtheangeolaíocha san LPT.

8.8. Na Príomhthátail ón dTaighde

Dáileadh na bhFreagróirí

- Bhí dáileadh cothrom go maith idir inscne, aoisghrúpaí agus idir toghranna an LPT i measc na bhfreagróirí.

Dearcadh

- Tá deathoil le braith i leith na Gaeltachta agus 93% á rá go bhfuil sé tábhachtach dóibh go mairfidh an cheantar mar cheantar Gaeltachta amach anseo.

Cumas

- Is cainteoirí dúchais iad 76% agus cainteoirí líofa eile iad 5% de na freagróirí.
- Tuairiscíonn 54% go bhfuil léitheoireacht 'an-mhaith' acu i nGaeilge.
- Tuairiscíonn 43% go bhfuil scríobhnóireacht 'an-mhaith' acu i nGaeilge.
- Tuairiscíonn 66% gur labhair a mbeirt tuistí Gaeilge amháin leo agus iad ag fás aníos. 8% eile a thuairisc 'Gaeilge den chuid is mó'.
- Tá % de chainteoirí líofa Gaeilge sách íseal sna ceantair máguaird (Cloch na Rún, Sraith Salach agus Léam) ach fós a dheich n-oiread Gaeilge iontu is atá sa nGalltacht thoir i lár tíre. Tá an leibhéal níos ísle i Cnoc Buí (Carna) ná mar atá sna toghranna eile in Iorras Aithneach.
- Tá teipthe ar go leor daoine (nach bhfuil líofa sa Ghaeilge) an teanga a fhoghlaim ainneoin iarrachtaí a rinne siad rud a dhéanfas nua-iarrachtaí níos deacra anois. Tá cabhair de dhíth ó ranganna, cúrsaí, imeachtaí trí Ghaeilge 's ón bpobal. Mar sin féin tá fonn ar an bpobal cuidiú.
- Téann an córas scolaíochta i bhfeidhm go mór ar chumas na ndaoine. Lán-líofacht ag sciar suntasach óna scolaíocht amháin, is féidir a rá.

Cérb as do Mhuintir Chonamara Láir

- Tógadh 86% i nGaeltacht Chonamara agus 3% i nGaeltacht eile.

An tIonad Oibre & Fostaíocht

- Tá ganntanas uafásach postanna ann agus tá gá díriú ar an easnamh seo.
- Sa gcás go bhfuil ionaid oibre ann, tá ráta úsáide na Gaeilge níos ísle iontu ná mar atá céatadán an phobail le cumas líofachta acu i nGaeilge.

An Ghaeilge sa Teaghlach

- Tuairiscíonn 83% de thuismitheoirí, le páistí < 19, gur cainteoirí líofa Gaeilge iad.
- Tuairiscíonn 62% de thuismitheoirí, le páistí < 19, go bhfuil siad i gcleamhnas ina labhrann siad Gaeilge lena bpáirtithe.
- Tuairiscíonn 76% de thuismitheoirí, le páistí < 19, go labhrann siad Gaeilge, nó Gaeilge den chuid is mó, lena bpáistí & 67% go labhrann a bpáistí Gaeilge le chéile.
- 75% de theaghlaigh le Gaeilge th'éis cinneadh a ghlacadh i dtaobh úsáid na teanga sa mbaile, cuid mhaith mar go dteastaíonn ó thuistí go bhfanfaidh an ceantar ina Ghaeltacht.

Eile agus Tuairimí an Phobail

- Tá easpa áiseanna ann ar nós leathanbhanda agus bóithre maithe.
- Teastaíonn cúrsaí i litearthacht na Gaeilge ó lucht labhartha na Gaeilge chomh maith leis na foghlaimeoirí. Easnamh sa líon daoine atá ag léamh na teanga.
- Níl Gaeilge in úsáid sna seirbhísí poiblí mar a bheifí ag súil leis.
- Tacaíocht d'imeachtaí óige agus do shóisialú trí Ghaeilge don aos óg.
- Feachtas poiblíochta tacaíochta don teanga ag teastáil.
- Tacaíocht ann don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

9. Bearta an Phlean Teanga

9.1. Réamhrá

Tá sé de bhuntáiste ag an bpobal i LPT Chonamara Láir go bhfuil cuid de na ceantair is láidre (go háirithe sa taobh ó dheas agus láir) ó thaobh rialtacht labhartha na Gaeilge agus líon cainteoir ann. Tá sé de bhuntáiste chomh maith go bhfuil dea-thoil i i measc mórthromlach an phobail sa limistéar i leith na Gaeilge agus stádas Gaeltachta a choinneáil sa todhchaí, mar áta léirithe sa taighde a rinneadh ar áitritheoirí an limistéir.

I dTábla 27 tá 11 Réimse (A.- K.) a bhaineann le cúrsaí an tsaoil trí chéile agus iad leathan go maith ina scóp. Tá áit lárnach ag an teanga iontu ar fad, cuid acu sách láidir, ach go bhfuil deis chun feabhais ag baint le cuid de na réimsí níos mó ná a chéile. Tagraíonn na Bearta thíos do na Réimsí seo agus in éineacht leo tá 19 de Chritéir maidir leis an gcaoi a gcuireann na Bearta an Ghaeilge chun cinn ó thaobh mhórchoincheapa na pleanála teanga - cumas, úsáid agus dearcadh.

Agus an méid sin ráite, tá dúshláin ann do thodhchaí na Gaeilge mar ghnáth-theanga an phobail.

Ina measc tá:

- A laghad úsáide agus a bhaineann daoine níos óige as an nGaeilge mar theanga shóisialta eatarthu féin. Tá roinnt cúiseanna le seo, ina measc tá:
    - I gcuid mhaith den LPT, is mionlach iad na páistí atá dá dtógáil le Gaeilge amháin, i.e. beirt thuismitheoirí ag labhairt na Gaeilge amháin leo.
    - Tá an Béarla uileláithreach timpeall orthu agus bíonn deacrachtaí ag na páistí atá dá dtógáil le Gaeilge an teanga (gur mionteanga í) a shealbhú ina iomláine sula mbíonn siad faoi lánthionchar an Bhéarla (an mhórtheanga). Déanann an SCT agus Pétervary[21] et. al. (2015) cur síos ar an 'sealbhú laghdaithe' seo.
    - San naíolann, sna naíonraí agus sna bunscoileanna bíonn na páistí atá á dtógáil le Gaeilge faoi shíorthionchar na bpáistí atá aonteangeach sa Bhéarla nó a bhfuil cumas laghdaithe acu sa nGaeilge, ar chúis amháin nó ar chúis eile.
- Léiríonn an taighde go bhfásann na páistí suas mar dhaoine óga dhátheangach ach ní dátheangachas cothrom atá i gceist, go minic is í an mhórtheanga -an Béarla - a thagann níos éasca chucu ná an mhionteanga – an Ghaeilge.
- Bíonn códmheasctha i gceist leis na páistí a labhraíonn an Ghaeilge. Is é sin Béarla agus comhréir an Bhéarla trína gcuid Gaeilge ach nuair a labhartar Béarla is Béarla 'glan' a labhartar. Is comhartha eile é seo go bhfuil an Béarla ag teacht chun cinn ar an nGaeilge.

Ar nóta deimhnitheach, léiríonn ár dtaighde go bhfuil dearcadh an-dearfach i measc déagóirí i leith na Gaeilge agus is bunchloch láidir í seo le tógáil air agus togra pleanála teanga idir lámha.

Déantar cur síos sa mhír seo ar bhearta, nó ar mholtaí/thograí, an Phlean Teanga a d'eascair ón gcomhairliúchán pobail. Sonraítear ar dtús bearta áirithe a bheidh riachtanach leis an bplean a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe, i bhfocail eile an bunstruchtúr feidhmiúcháin le comhordnú agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean. Is plean seacht mbliana atá i gceist de réir na gcritéar atá leagtha síos do na limistéir pleanála teanga uile, agus sonraítear saolré gach beart taobh istigh den tréimhse sin. Táthar ag glacadh leis nach

[21] Pétervary, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. 2014. Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta. Baile Átha Cliath: COGG.

dtosófar leis an bplean a chur i bhfeidhm go dtí 2018, mar go dteastóidh acmhainní chuige, dá bhrí sin, Bliain 1 = 2018, Bliain 2 = 2019, Bliain 3 = 2020, Bliain 4 = 2021, Bliain 5 = 2022, Bliain 6 = 2023 agus Bliain 7 = 2024.

Déantar achoimre ar shaolré na mbeart ag deireadh na míre seo. Meastar go bhféadfaí cuid mhaith de bhearta an Phlean Teanga seo a chur i gcrích ar bheagán costais bhreise, ach ciste maoinithe agus an toil a bheith ann len é a dhéanamh. Dár ndóigh, gan Oifig Pleanála Teanga agus an fhoireann leis na scileanna chuí ag obair ann, agus cinnteacht go mbeidh sé maoinithe thar saolré seacht mbliana an phleain, beidh sé deacair na cuspóirí agus na bearta atá sonraithe sa bplean seo a ghnóthú ar aon leibhéal.

9.2. Na Réimsí Pleanála Teanga (RPT)

A.	An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
B.	Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
C.	Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
D.	Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
E.	An earnáil ghnó
F.	Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn
G.	Na meáin chumarsáide
H.	Seirbhísí poiblí
I.	Pleanáil agus forbairt fhisiceach
J.	Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
K.	Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

Tábla 27: Na Réimsí Pleanála Teanga

9.3. Na Critéir Pleanála Teanga (CPT)

Is iad seo a leanas na CPTanna mar atá sonnraithe sna treoirlínte san phróiseas Pleanála Teanga.

1.	Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2.	An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3.	Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4.	Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5.	Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí,
6.	Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7.	Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8.	Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9.	Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10.	Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11.	Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12.	A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13.	Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14.	Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15.	A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16.	A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17.	Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18.	Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19.	A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

Tábla 28: Na Critéir Pleanála Teanga

9.4. Feidhmiú an Phlean Teanga

Tá FCL ag feidhmiú ar acmhainní teoranta agus teastaíonn breathnú ar an leibhéal maoinithe atá ar fáil don eagraíocht i gcomhthéacs na gcúraimí forbartha pobail atá uirthi freastal ar cheantar tíreolaíoch forleathan agus a bhfuil an-eagsúlacht laistigh de ó thaobh leibhéil úsáide na Gaeilge.

Teastaíonn bearta ar leith le bonn taca láidir a chur faoi fheidhmiú an Phlean Teanga sa limistéir uile. Tugann Beart 9.4.1 léargas ar an struchtúr feidhmiúcháin, bainistíochta agus monatóireachta atá le bunú le cinntiú go gcuirfear an Plean Teanga i bhfeidhm go héifeachtach. Tugann Mír 12 léargas ar an gcóras monatóireachta a mholtar d'fheidhmiú an Phlean Teanga.

Mar chéim bhunaithe an phróisis pleanála teanga teastaíonn triúr ball foirne a fhostú. Moltar pá na bhfostaithe a bheith ailínithe le gráid na stáitseirbhíse in Éirinn[22]. Tugtar léargas thíos ar na rólanna atá i gceist agus ar an gcostas a bheidh i gceist. Tá an triúr ball foirne seo ag teastáil le tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga ar bhonn réalaíoch i LPT Chonamara Láir. Tá ceantar tíreolaíoch forleathan i gceist ó Chamus go Cloch na Rón agus éagsúlacht ollmhór i bpátrúin úsáidte teanga laistigh den limistéar. Teastaíonn triúr ball foirne le go mbeidh an acmhainneacht ann an próiseas pleanála teanga a shíolrú ag leibhéal an phobail agus cruthóidh seo luach ar airgead don stát mar go mbeidh torthaí dearfacha le feiceáil maidir le cur chun cinn na Gaeilge, rud nach dtarlóidh mura mbeidh na hacmhainní seo ar fáil ag céim bhunaithe an phróisis.

Cód	Post	Príomhchúraimí	Grád / Tuarastal
OIF 1	– **Oifigeach Pleanála Teanga (OPT)**	Stiúradh agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Teanga ar fud an LPT, i gcóir leis an ceanneagraíocht, de réir an chlár oibre mar atá aontaithe leis an CPTCL. Oibriú le scairshealbhóirí an Phlean uile i socrú cuspóirí ardleibhéil an Phlean. Spriocanna a shocrú d'fhoireann Pleanála Teanga na hOifige ar bhonn leanúnach. Tuairisceoireacht leanúnach.	Scála ó €35,000 go €50,000.
OIF 2	– **Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga (OCPT)**	Oibriú ar an talamh ó lá go lá le grúpaí éagsúla i bhfeidhmiú bearta an Phlean Teanga. Beidh ról lárnach ag an oifigeach cúnta i síolú agus i mbuanú bearta an phlean lena chinntiú go mbeidh lántionchar fadtéarmach ag bearta an phlean i measc an phobail in earnálacha éagsúla (e.g. an óige, oideachas, fiontraíocht, caitheamh aimsire, aosach, daoine le míchumas) Beidh tábhacht ar leith ag baint le ról an Oifigigh Cúnta sna ceantair den LPT a bhfuil an Ghaeilge an-lag inti agus a dteastaíonn cúnamh ar leith ar an talamh ó lá go lá. Teagmháil leanúnach a choinneáil le grúpaí ar an talamh ó lá go lá maidir le dul chun cinn na mbeartas éagsúla.	Scála ó €23,565 go €34,735
OIF 3	**- Riarthóir Oifige**	Seirbhís riarthóireachta lánaimseartha a chur ar fáil don Oifig Pleanála Teanga. Cáipéisíocht na hoifige ar riaradh ar bhonn laethúil. Beidh heolas le coinneáil le páirithe leasmhara na mbearta uile a bheidh i gceist. Déileáil le fiosruithe ó pháirtithe leasmhara na mbeartas éagsúla. Tacú le foireann na hoifige seiisúin eolais a eagrú sna ceantair éagsúla sa LPT.	Scála ó €23,565 go €29,465

[22] http://www.impact.ie/your-sector/public-sector/civil-service/civil-service-salary-scales/civil-servcie-salary-scales-2017-general-service-grades-full-prsi/

Beidh an Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir (OPTCL) lonnaithe i dTeach an Udaráis ar an láthair chéanna le FCL. Bheadh buntáistí móra ag baint leis an bhfoireann uile a bheith ag obair ar an láthair céanna, chomh mór agus is féidir. Beidh freastal rialta ar na ceantair eile uile sa limistéir Pleanála Teanga. Moltar taithí oibre a chur ar fáil do chéimithe ó chláir léinn sa bPleanáil Teanga san oifig.

Beart 9.4.1. FCL, An Oifig Pleanála Teanga, an Coiste Pleanála Teanga agus na Fostaithe			
Réimse:	**K**	**CPT**	**1**
Eolas breise: Meastar go dteastaíonn struchtúr trí leibhéal leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Beidh tacaíocht an phobail lárnach má tá rath le bheith ar an togra pleanála teanga. Is iad na trí leibhéil: 1. **FCL** mar cheanneagraíocht leis an bplean a chur i bhfeidhm, 2. Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir (**OPTCL**) faoi stiúir FCL, 3. Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir (**CPTCL**) mar ghuth an phobail. **Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir:** Foireann lánaimseartha de bheirt atá sonraithe thuas: Oifigeach Pleanála Teanga (OPT), agus Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga (OCPT). Beidh na cáilíochtaí, scileanna agus taithí cuí ag sealbhóirí na bpost seo de réir grád na bpost agus na cúraimí ar leith a bheidh le feidhmiú acu faoi scáth an phróisis pleanála teanga i LPT Chonamara Láir. Moltar lárionad na hOifige a bheith lonnaithe ar an láthair chéanna le hOifig FCL ach go mbeadh an OPT lonnaithe in ionaid-fhor-rochtana ar fud an limistéir uile ar bhonn leanúnach. Beidh an OPTCL freagrach do FCL agus beidh an OPT freagrach as cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean Teanga agus as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Teanga. Ó thaobh riaracháin de, tiocfaidh an OPTCL faoi scáth struchtúr FCL. Beidh lánchead ag an OPT tograí eile, a bhaineann leis an bpleanáil teanga agus nach sonraítear sa bPlean Teanga, a mholadh agus a fhorbairt, ach an togra agus an buiséad a bheith aontaithe roimh ré le CPTCL agus le ÚnaG. **Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir (CPTCL):** Coiste deonach, agus é ionadaíoch ar na ceantair éagsúla ar bhonn thíreolaíoch agus theangeolaíoch sa LPT, a bhuailfidh le chéile uair sa mhí. Cuid de chlár na gcruinnithe tuairisc oibre a fháil ón OPT agus deacrachtaí a phlé agus a réiteach. Beidh sé mar chúram ar an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean teanga agus moltaí agus treoracha a thabhairt don OPT. Beidh cruinniú acu go ráithiúil le hOifigigh i Rannóg Pleanála Teanga ÚnaG le cúrsaí buiséid agus eile a phlé.			
Aidhm:	Struchtúr a bhunú leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobal an LPT.		
Páirtithe leasmhara:	FCL, ÚnaG, RCO&G.		
Saolré:	7 mbliana		
Costas measta iomlán:	**€913k**		
Costas measta in aghaidh na bliana:	**€130k – Tuarastal (Bliain 4) €100,000 + €30,000 barrchostais fostaíochta (30% den tuarastal iomlán) (ÁSPC, Pinsean) & riaracháin oifige**		
Foinsí maoinithe:	RCO&G, ÚnaG, CoConaG. Foinsí eile le haimsiú ag FCL.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán 1 : Iarrthóirí leis na cáilíochtaí agus taithí cuí a earcú** **Réiteach 1.** ÚnaG le leanacht orthu ag tacú le hoiliúint sa bPleanáil Teanga le go mbeadh sruth daoine cáilithe ar fáil (mar shampla: mar atá ag tarlú in earnáil an aistriúcháin). **Dúshlán 2: Rannpháirtíocht an Phobail sa bPróiseas ar bhonn leanúnach a éascú.** **Réiteach 2:** An pobal a spreagadh le bheith gníomhach san CPTCL. Teagmháil leanúnach leis an bpobal, go háirithe ar líne. 'Buanna luatha simplí' a bhaint amach agus a phoibliú le muinín an phobail sa bpróiseas a chothú.		

Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisc curtha ar fáil ag cruinnithe ráithiúla an CPTCL. Mórthuarascáil bhliaintiúil curtha ar fáil do CPTCL agus d'ÚnaG
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisc mhíosúil ar fáil ag an OPT don CPTCL. Mórthuarascáil bhliaintiúil curtha ar fáil ag an OPT do CPTCL agus d'ÚnaG

Beart 9.4.2. Fóram le comhoibriú le LPTanna eile			
Réimse:	**A - J**	**CPT**	**1**
Eolas breise: Tá gá le fóram Gaeltachta a bhunú le déileáil leis na fadhbanna / dúshláin chomónta sna Gaeltachtaí uile, ar nós easpa seirbhíse i nGaeilge ón Státchóras, ag plé leis na meáin náisiúnta, cúrsaí turasóireachta, léarscáileanna Gaeltachta, lucht miondíola agus láithreacht acu sna Gaeltachtaí, mar shamplaí. Chlúdódh seo cúrsaí stocaireachta ar áisínteachtaí náisiúnta in éineacht le LPTanna eile.			
Aidhm:	Réiteach a fháil ar fhadhbanna / dhúshláin chomónta sna LPTanna.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, FCL agus na LPTanna ar fad.		
Páirtithe leasmhara:	Na LPTanna, ÚnaG, RCO&G.		
Saolré:	Bliain 1: Bunú an Fhóraim. Blianta 2-7: Feidhmiú an Fhoraim.		
Costas measta iomlán:	Mar chuid de chúram an OPT		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Níl i gceist		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach bhfuil struchtúr foirmeálta neamhspleách ann cheana féin agus ní cinnte go bhfeicfidh LPTanna eile an gá atá leis le go mbeidh rath ar an stocaireacht atá le déanamh maidir leis an iliomad ábhar. **Réiteach:** An OPT le ceannródaíocht a thaispeáint agus cuireadh a thabhairt do LPTanna páirt a ghlacadh ina leithéid.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Go mbunófar an Fóram agus go nglacfaidh sciar suntasach de na LPTanna áitiúla páirt ann mar go dtéadh sé i bhfeidhm ar na háisínteachtaí thuasluaite.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	ÚnaG ag fáil tuairiscí ó na hOifigigh agus á phlé go tráthrialta.		

Beart 9.4.3. Scoláireacht - Máistreacht sa bPleanáil Teanga			
Réimse:	**A, D, K**	**CPT**	**1**
Eolas breise: Moltar go mbronnfar scoláireacht in aghaidh na bliana ar chainteoir líofa Gaeilge ó Ghaeltacht Chonamara 's Árainn le tabhairt faoin Máistreacht sa Léann Teanga (Pleanáil Teanga) Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Bheadh an duine seo i dteagmháil rialta leis na hoifigí Pleanála Teanga i LPTanna Chonamara 's Árainn mar 'thaithí oibre'.			
Aidhm:	Acmhainní daonna sároilte a chur ar fáil don phroiséas pleanála teanga sna blianta atá amach romhainn.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, FCL & Fóram na LPTanna		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, RCO&G, Rannóg na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.		
Saolré:	Go bliantúil. 7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	**€49k**		
Costas measta in aghaidh na bliana:	**€7,000** (€6,015 táillí an chúrsa + costais taistil @ €985)		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Rannpháirtithe a earcú a mbeadh suim acu dul ag obair leis na OPTanna sna LPTanna i nGaeltacht Chonamara agus Árann. **Réiteach**: Feachtas poiblíochta ag cur béime ar na deiseanna fostaíochta.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Mar atá ag éirí leis na céimithe dul i bhfeidhm ar na LPTanna tar éis filleadh ón gcúrsa. Ní bheidh fios go ceann 5 bliana.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Céimithe a bheith ag glacadh le scoláireachtaí agus ansin a bhfuil de na céimithe seo ag filleadh chun oibre sna LPTanna.		

9.5. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Cúlra

Bunscolaíocht

8 mbunscoil, 2 scoil dara leibhéal agus 4 Naíonra atá in LPT Chonamara Láir. Is faoi chúram na Roinne Oideachais atá na bunscoileanna idir churaclam, mhaoiniú agus fhostú na múinteoirí agus na Cúntóirí Riachtanais Speisialta. Muintearas a riarann Scéim na gCúntóirí Teanga. Is iad deoisí Caitliceacha na Gaillimhe (Ros Muc agus Camus) agus Thuama (Iorras Aithneach) na pátrúin atá ar na bunscoileanna. Níl aon bhunscoil Ghaeltachta ar fáil do ghasúir an Shraith Salach - is chuig an gCaiseal, Tír na Cille nó an Clochán a théann said ar scoil.

Iarbhunscolaíocht

Ag an dara leibhéal, scoil phobail neamhspleách í Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna atá ag freastail ar 83 scoláire sa scoilbhliain reatha 2017 -'18. Scoil de chuid BOOG&RC (Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin) í Coláiste na bPiarsach, Ros Muc le 77 scoláire don scoilbhlain reatha 2017 - '18. As Conamara Láir beagnach scoláirí uile na dá scoile iarbhunoideachais seo. Bíonn roinnt scoláirí ón limistéar ag freastal ar Choláiste Cholmcille in Indreabhán, Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar gCeathrú Rua, Scoil Phobail an Chlocháin nó Scoil Naomh Póil, in Uachtar Ard.

Réamhscolaíocht

Baineann trí cinn de na Naíonraí (Ros Muc, Cill Chiaráin agus Carna) le Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) agus is é Naíonra an Shraith Salach (nach dtagann faoi CNNG) an 4ú ceann. Bíonn na háisíneachtaí seo a leanas ag plé le Naíonraí chomh maith - Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe (cáilíochtaí agus aitheantas), Pobal, TUSLA (sábháilteacht) agus an Roinn Oideachais (cúrsaí curaclaim).

Ollscolaíocht Trí Ghaeilge

Tá Ionad Gaeltachta ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh i gCarna. Cuireann an tIonad cúrsaí léinn sa Ghaeilge agus sa gCultúr Dúchasach ar fáil do phobal an limistéir, do mhic léinn ón gcuid eile den tír agus ó thar lear. D'fhreastail os cionn 400 mac léinn tríú leibhéal ar chláir léinn an Ionaid i 2016-2017. Tá fás suntasach taghta ar líon na n-ábhar oidí a dhéanann freastal ar an Ionad mar chuid dá gclár léinn. Tá sé ar na bacáin go mbeidh na mic léinn atá ag tabhairt faoi Chéim B.A. le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh ag freastal ar Sheimeastar Gaeltachta (12 seachtainí) in Ionaid Ghaeltachta na hOllscoile ar mhaithe le cur lena gcumas sa Ghaeilge. Beidh sciar den spriocmhargadh seo ag freastal ar Ionad an Acadaimh, Carna. Tá clár taighde idir lámha ag an Ionad freisin á áiríonn taighde lucht féachana do TG4 agus digitiú cartlanna d'amhráin, béaloidis, litríochta, scéalaíochta, agus araile ar mhaithe le hacmhainní oideachasúla comhaimseartha a chur ar fáil do phobal na Gaeilge.

I nDeireadh Fómhair, 2016 foilsíodh an **Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (POG)**. Beidh an polasaí seo ag tacú leis na bearta do réimse an oideachais a bheidh á gcur ar aghaidh as seo go ceann seacht mbliana faoin bplean seo. B'é an chéad mhórghníomh a d'éirigh as an bPOG ná go raibh ar chuile scoil spéis a léiriú in 'aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta' (POG, 8) agus leagadh amach 'critéir teangabhunaithe' (POG, 10) a bhéas le sásamh ag na scoileanna. Bunghné amháin a bhaineann leis an bPOG is ea an bhéim go nglacfaidh scoileanna agus naíonraí páirt sa bpróiseas pleanála teanga.

Beart 9.5.1. Comhoibriú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) 2017-2022.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**5**
Eolas breise: Comhoibriú agus tacaíocht a sholáthar do na scoileanna i gConamara Láir maidir lena bhfuil le déanamh chun aitheantas nó stádas mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach. San áireamh anseo beidh comhtháthú i gceist idir an próiseas pleanála teanga agus cuir chuige bhoird bhainistíochta na scoileanna. Beidh comhairle agus cabhair ar fáil ón Roinn Oideachais & An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chuige seo. Beidh stocaireacht le déanamh in éineacht le LPTanna eile le féachaint chuige go dtagann na hacmhainní tacaíochta atá geallta.			
Aidhm:	Cuidiú le gach scoil san LPT le plean a réiteach chun **stádas mar scoil Ghaeltachta** a bhaint amach. Feachtas a chur chun cinn a chuirfidh ina luí ar an Roinn Oideachais go dteastaíonn solúbthacht ó scoileanna Gaeltachta maidir leis an gcóimheas idir mic léinn agus múinteoirí agus acmhainní cuí a bheith curtha ar fáil le freastal ar an éagsúlacht a bhíonn i measc na scoláirí in aon rang amháin maidir le cumas sa Ghaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL i gcomhar le Bunscoileanna (x 8) agus Scoileanna Iarbhunoideachais (x 2).		
Páirtithe leasmhara:	ROS (Aonad na Gaeltachta), COGG, na scoileanna áitiúla, ÚnaG & RCO&G.		
Saolré:	Bliain 1: Pleananna le n-ullmhú. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm na bpleananna.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Seachas tuarastal an oifigigh a bhéas á íoc go lárnach ní móide go mbeidh costais bhreise i réimse an oideachais. Beidh acmhainní breise ar fáil do scoileanna a ullmhaíonn Plean Gníomhaíochta 5 Bliana faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá an stádas sin á lorg ag na scoileanna uile atá lonnaithe san LPT.		
Foinsí maoinithe:	RCO&G (Próiseas Pleanála Teanga) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg POG).		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Tá easpa tuisceana agus eolais ar an bpobal faoin tumoideachas, mar shampla de na critéir atá sa POG. Níl oiliúint ná forbairt ghairmiúil ar an gcuid is mó de na foirne maidir le mionsonraí an tumoideachais. B'fhéidir nach mbeadh chuile scoil chomh tógtha céanna leis an bpróiseas. **Réiteach**: Comhoibriú go dlúth le COGG & POG. Na hacmhainní tacaíochta a éileamh go leanúnach ón stát agus cinntiú go ndáiltear maoniú go cothrom.		
Monatóireacht ar éifeacht & ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An OPT a bheith ag tuairisciú go ráithiúil don CPTCL le haiseolas ó na príomhoidí/scoileanna.		

Beart 9.5.2. Cúram Réimse an Oideachais a leagan go soiléir ar Oifigeach Pleanála Teanga amháin san LPT.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**5**
Eolas breise: Ó tharla go mbeidh go leor comhordaithe agus tacaíochta idir 10 scoil i gceist agus stocaireacht le déanamh leis na hacmhainní a chinntiú do na scoileanna go mbeadh na cúraimí ar dhuine amháin de na hOifigigh Pleanála Teanga.			
Aidhm:	Go mbeadh fostaí pleanála teanga ann do na 10 scoil mar phointe teagmhála idir iad agus an próiseas pleanála teanga.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	Na Scoileanna, ROS / COGG / RCO&G / ÚnaG (ról tacaíochta acu ar fad)		
Saolré:	Bliain 1: Próiseas earcaíochta agus ceapacháin. Feidhmiú uaidh sin ar aghaidh.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL		

Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.
Foinsí maoinithe:	RCO&G (deontas na pleanála teanga).
Dúshláin agus réitigh:	Stocaireacht le déanamh ag CSPTCL le dul i bhfeidhm ar RCO&G/ÚnaG le comhoibriú a aimsiú le go dtarlóidh an ceapachán.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CSPTCL freagrach as duine leis an taithí ceart a fhostú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Maoirseoireacht le déanamh ag an FCL agus ag CPTCL le dul chun cinn sa réimse seo.

Beart 9.5.3. Comhoibriú idir na scoileanna a threisiú.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**4,5,6**
Eolas breise: Fóraim (bunscoile agus iarbhunscoile) agus Seimineáir idir-scoileanna le bunú. Beidh dúshlán ag baint leis seo mar go bhfuil ualach oibre ar bhaill fóirne na scoileanna cheana féin.			
Aidhm:	Dea-chleachtais maidir le hOideachas Gaeltachta a roinnt idir scoileanna.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL le comhairle ón ROS / COGG.		
Páirtithe leasmhara:	Príomhoidí, múinteoirí na scoileanna.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil dóibh; Bliain 2-7: Feidhmiú		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	RCO&G (Próiseas Pleanála Teanga) / ROS (POG)		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Na foirne scoile a spreagadh chun bheith rannpháirteach. **Réiteach:** Tairbhe na bhfóram a chinntiú le go bhfeicfear an fiúntas atá leo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Comhthreomhar le pleanáil don POG go dtuairisceofar chuig an gCPTCL a bhfuil ar siúl.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	OPTCL, le cabhair ó COGG, ag fiosrú leis na scoileanna aonair maidir leis an bhfiúntas agus ansin tuairisciú chuig an CPTCL.		

Beart 9.5.4. Eolas a roinnt agus feasacht a ardú faoi bhuntáistí an dátheangachais líofa.			
Réimse:	**A - J**	**CPT**	**2 - 12**
Eolas breise: Tá amhras ar roinnt tuismitheoirí i leith an tumoideachais agus a bhfuil i gceist leis.			
Aidhm:	Tacú leis an bPOG chun dul i ngleic leis an amhras agus easpa eolais maidir leis na critéir atá sa pholasaí, go háirithe an tumoideachas, trí dhíriú ar bhuntáistí an dátheangachais líofa.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL i gcomhar leis na scoileanna.		
Páirtithe leasmhara:	Na tuismitheoirí ar fad agus na scoileanna éagsúla.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm agus athnuachan/uasdátú rialta.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais na hOifige.		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tuisceana agus eolais ag roinnt tuismitheoirí. **Réiteach:** Bileoga le réiteach, cúnamh do bhoird bhainistíochta le córais ionrollaíochta trí theagmháil le tuismitheoirí go maith sula dtosaítear ar an naíonra agus scoil, eolas idirlín a sholáthar.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPTCL ag pleanáil le páirtithe leasmhara i 2018-19 agus ag tuairisciú don CPTCL ina thaobh.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead cainníochtúil agus cáilíochtúil a bheith á choinneáil ar an dteagmháil le tuistí (na ngasúr réamhscoile agus eile), aiseolas seo á roinnt ag na scoileanna agus tuairisciú go ráithiúil chuig an CPTCL.

Beart 9.5.5. Feabhas ar Scéim na gCúntóirí Teanga (trí chomhoibriú leis an Athbhreithniú atá sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta)			
Réimse:	**A, B**	**CPT**	**5, 7**
Eolas breise: Moltar athbhreithniú sa POG ar an scéim. Beifear ag breathnú ar éifeacht na scéime agus ag féachaint leis an scéim a láidriú. Teastaíonn feabhas a chur ar an scéim ní hamháin trí am breise a chur leis an scéim go bliantúil agus go mbeidh sé i bhfeidhm ón tús ach freisin teastaíonn oiliúint agus forbairt ghairmiúl leanúnach ó na cúntóirí féin. Teastaíonn láidriú ar an scéim i dtaobh cúnaimh do na cainteoirí óga dúchais agus saibhriú teanga. Ba cheart conair cheart ghairme a fhorbairt do na cúntóirí chomh maith. Tuigtear ón POG go mbeidh taighde ar siúl agus comhoibreofar leis.			
Aidhm:	Tacú leis an athbhreithniú le go mbeidh feabhas ar an scéim (do fhoghlaimeoirí agus do chainteoirí dúchais araon) trí chomhoibriú suntasach agus stocaireacht leanúnach.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL i gcomhar leis na scoileanna.		
Páirtithe leasmhara:	Na tuismitheoirí, RCO&G / ROS / COGG (acmhainní agus tacaíocht) agus scoláirí, múinteoirí agus cúntóirí teanga.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm agus uasdátú ar cháilíocht na scéime.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	RCO&G (Próiseas na Pleanála Teanga) & ROS.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa oiliúna ar na cúntóirí teanga, tréimhse ró-ghairid leis an scéim go bliantúil, conair ghairme níos cinnte in easnamh leis. Nach bhfuil an scéim i bhfeidhm sa chóras réamhscolaíochta. **Réiteach:** Athbhreithniú agus stocaireacht leis na forais chuí in éineacht le LPTanna chun na feabhais ar an scéim a bhaint amach.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPTCL ag tuairisciú go ráithiúil nó níos minice de réir mar is gá don CPTCL.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Aiseolas a bhailiú ó na scoileanna go bliantúil.		

Beart 9.5.6 Deis leanúnach a bheith ag na scoileanna na baill fóirne is feiliúnaí a roghnú			
Réimse:	**A**	**CPT**	**4,5,6**
Eolas breise: De bharr go dtarlaíonn in amanta nach féidir le scoil fógraíocht a dhéanamh go hoscailte don phobal mór agus go gcaithfear foireann a earcú ó phainéil ath-imlonnaithe ar bhealach míshásúil, ní mór aghaidh a thabhairt air seo. Le forbairtí, mar atá molta sa POG, in oiliúint na múinteoirí ag an dá leibhéal, beidh deis ag scoileanna oidí feiliúnacha a earcú. Beidh áfach stocaireacht le déanamh ar phátrúin, ar cheardchumainn is ar chumainn bhainistíochta is ar ROS. Féach lgh. a 23-6 POG (Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc).			
Aidhm:	A chinntiú nach mbeidh bac ar aon scoil na baill foirne is feiliúnaí dóibh féin a roghnú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, FCL agus na LPTanna uile		
Páirtithe leasmhara:	Na scoileanna, ceann-eagraíochtaí i LPTanna eile, ROS, RCO&G, Gaeloideachas, Na ceardchumainn mhúinteoireachta, boird bhainstíochta na scoileanna.		
Saolré:	Go leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach mbeidh na forais sheachtracha chomh báúil sin le coinníollacha a éascú do scoileanna Gaeltachta na baill fóirne is feíliúnaí a roghnú. **Réiteach:** Stocaireacht le déanamh ar phátrúin, srl i gcomhpháirt le ceann-eagraíochtaí LPTanna eile.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aiseolas ó na scoileanna á thuairisciú ag an OPT don CPTCL.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisciú go leanúnach chuig CPTCL in imeacht na mblianta agus aiseolas á fháil ó na scoileanna.		

Beart 9.5.7 Scéimeanna saibhrithe teanga, Clár Oidhreachta agus Feiniúlachta Gaeltachta a fhorbairt sna scoileanna.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**4,5,6**
Eolas breise: Níl aon bhéim faoi leith sa churaclam maidir le féiniúlacht Ghaeltachta nó áit speisialta ag oidhreacht na Gaeltachta. San áireamh, bheadh amhránaíocht, scríbhneoireacht, scéalaíocht agus eile. Teastaíonn go mbeidh deis ag na sár-chainteoirí fásta áitiúla a bheith páirteach i saol na scoileanna agus iad a bheith ag plé le tionscadail saibhrithe teanga agus oidhreachta.			
Aidhm:	Gaeilge na scoláirí a shaibhriú agus a bhféiniúlacht Ghaeltachta a láidriú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL i gcomhar leis na scoileanna.		
Páirtithe leasmhara:	FnaG, aoí-chainteoirí áitiúla, na ccoileanna, an tAcadamh.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Scéim i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	Ealaín na Gaeltachta, RCO&G (Próiseas na Pleanála Teanga), FnaG. POG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Tá clár oibre agus curaclam na scoileanna lán go maith **Réiteach:** Na buntáistí fadtéarmacha a thiocfas as a léiriú do na scoileanna.		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:	OPTCL ag obair go dlúth le foirne scoile agus ansin ag bailiú aiseolais agus á thuairisciú go tráthrialta don CPTCL. Athbhreithniú agus uasdátú ag tarlúint de réir mar is gá.

Beart 9.5.8 Aitheantas d'ábhar breise/leasuithe ardteiste Gaeilge i bhfoirm pointí, cuma cén cúrsa 3ú leibhéal a roghnódh dalta.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**4,5,6**
Eolas breise: Deir POG (34) 'go mb'fhéidir go measfar aitheantas ar fheidhmíocht sa socrúchán curaclaim T1 i scrúdú na hArdteistiméireachta mar riachtanas iontrála ar chúrsaí 3ú leibhéal a eilíonn ard-inniúlacht sa Ghaeilge'. Ní leor seo ar chor ar bith mar go bhfuil líon fíor-bheag cúrsaí ann trí mheán na Gaeilge. Meastar gur ghá go mbeadh aitheantas ann sa chóras CAO do na grádanna a bhainfí san ábhar breise/ leasuithe T1. Mura mbíonn seo ann ní fheictear go mbeidh spreagadh ar bith ann d'aon scoláire an páipéar T1 a roghnú ag scrúdú na hArdteiste. Beidh stocaireacht go leor le déanamh ar an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), na hinstitiúidí 3ú leibhéal agus eile i bpáirt le ceann-eagraíochtaí na LPTanna eile.			
Aidhm:	Tacú le feachtas a d'éileodh cúrsa láidir T1 ardteiste Gaeilge agus aitheantas i bhfoirm pointí 3ú leibhéal, cuma cén cúrsa a roghnódh scoláirí.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	Tuismitheoirí, na scoileanna, na scoláirí Ardteiste, CNCM, ROS, na hinstitiúidí 3ú leibhéal, eagrais náisiúnta Ghaeilge, Gaeloideachas agus Ceanneagraíochtaí LPTanna eile.		
Saolré:	Go leanúnach go dtí go mbaintear toradh sásúil ar an bhfeachtas.		
Costas measta iomlán:	Mar chúram ar an bhfoireann san OPTCL.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach bhfuil tacaíocht d'aitheantas 'i bhfoirm pointí ardteiste' do gach cúrsa 3ú leibhéal luaite mar chuid den POG. Leis an leasú a bhaint amach is gá dul i bhfeidhm ar pháirtithe náisiúnta agus rud ar nós an 25% breise atá ar fáil do Mhatamaitic a bhaint. Ó tharla go dtabharfadh seo buntáiste (más beag féin é) don scoláire Gaeilge T1 tá gach seans ann go mbeidh leisce ar na húdaráis géilleadh ar an bpointe seo. **Réiteach:** Comhghuallaíocht stocaireachta a bhunú in éineacht leis na Gaelcholáistí, na hEagrais Ghaeilge agus LPTanna eile chun feachtas a chur sa tsiúl.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPTCL ag tuairisciú go tráthrialta ar an dul chun cinn leis an CPTCL. Beidh gá níos géire leis an bhfeachtas nuair a thiocfaidh an curaclam T1 isteach sa chúrsa ardteiste.		

Beart 9.5.9 Scéim Scoláireachtaí Iarbhunoideachais cónaithe do ghasúir ón taobh amuigh den Ghaeltacht a bhunú don dá Iarbhunscoil.			
Réimse:	**A, E, K.**	**CPT**	**4, 5, 6**
Eolas breise: Scoláireacht a chur ar fáil do 10 scoláire ó taobh amuigh den Ghaeltacht le freastal ar iarbhunoideachais sa gceantar ar feadh tréimhse bliana. Déanfaidh na scoláirí freastal ar an scoil i rith an lae ag leanúint gnáth churaclam na scoile. Bheadh lóistín acu le tuismitheoirí scoláirí an cheantair. Is tréimhse de 33 seachtain/bliana a bheadh i gceist.			
Aidhm:	• Cur le heacnamaíocht an limistéir le linn tréimhse na scoilbhliana.(lucht lóistín, gnóanna áitiúla, turasóireacht) • An Ghaeilge a threisiú i measc aos óg an limistéir. • Ról níos lárnaigh a bheith ag na cainteoirí dúchais in athbheochan na Gaeilge ina bpobal féin agus go náisiúnta. • An pobal áitiúil a ghníomhú agus a spreagadh le rannapháirtíocht níos dearfaigh i dtaobh na pleanála teanga. • Ardú ar líon uimhreacha na scoileanna, rud a chinnteoidh go mbeidh réimse leathan ábhair ar fáil do scoláirí dhúchasacha an limistéir. • Tuiscint níos fearr ar shaol agus cultúr agus tradisiún na Gaeltachta do na rannpháirtithe agus an leathnú a dhéanfaidh na rannpháirtithe air seo ar fhilleadh ar an nGalltacht. • Ardú chumas na rannpháirtithe maidir leis an nGaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL in éineacht leis an dá iarbhunscoil.		
Páirtithe leasmhara:	Na hIarbhunscoileanna, lucht lóistín, scoláirí (laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht), ROS / BOOGRC Coistí Pobail.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Feidhmiú.		
Costas measta iomlán:	€222,750 thar an tréimhse 5 bhliana.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€44,550 (in aghaidh an scoláire x 10)		
Foinsí maoinithe:	ROS/RCO&G/BOOGRC/FnaG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach maoineofaí an scéim agus nach spéis a dhóthain ag scoláirí/teaghlaigh na Galltachta ann. **Réiteach:** Clár tarraingteach a chur le chéile agus margaíocht a dhéanamh air. Stocaireacht láidir a dhéanamh ar ábhar-mhaoinitheoirí.		
Monatóireacht ar éifeacht agus cur i bhfeidhm an bhirt:	Bheadh cuid mhór oibre i gceist maidir lena leithéid de scéim a bhunú agus theastódh comhoibriú agus comhordú idir an dá scoil, an BOOGRC & an CPTCL. Nuair a thosódh an scéim níor mhór a fhiúntas a mheas go bliantúil agus uasdátú/feabhas a chur air de réir mar ba ghá. Plé rialta leanúnach idir an OPT agus na hiarbhunscoileanna.		

Beart 9.5.10 Scéimeanna nuálacha do fhoghlaimeoirí teacht ar lóistín i gcaitheamh na bliana ar fad a thionscnamh.			
Réimse:	**A**	**CPT**	**5, 11**
Eolas breise: Thar na blianta tá raon de scéimeanna beaga do fhoghlaimeoirí seachtracha idir óg agus aosta tar éis tarlúint sna Gaeltachtaí: Scéim na dtrí mhí ag Gael-Linn, lán-ranganna a 5 nó a 6 ó Ghaelscoil ag caitheamh míosa i mbunscoil Ghaeltachta (Bealtaine go minic), ócáidí eile ina bhfanann na scoláirí bunscoile oíche nó dhó, Aicme B Scéim na bhFoghlaimeoirí (daoine fásta aonaracha a thagadh agus a d'fhanfadh ar lóistín chun Gaeilge a fhoghlaim), lucht idirbhliana ó iarbhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht ag caitheamh seachtaine sa gceantar i Meán/Deireadh Fómhair. Sa gceantar cheana tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag cur cúrsaí ar fail d'fhoghlaimeoirí fásta agus do mhic léinn tríú leibhéal i gCarna agus tá 4 cinn de Choláistí Gaeilge do dhéagóirí ag feidhmiú sa LPT. Moltar mar sin go bhfiosrófaí leis na páirtithe leasmhara an bhféadfaí scéimeanna nuálacha do fhoghlaimeoirí seachtracha a thionscnamh. Dá bhféadfaí ansin go leanfaí ar aghaidh agus iad a bhunú. Seo sa bhreis ar Mholadh 9.5.9.			
Aidhm:	Foghlaimeoirí seachtracha breise a mhealladh chuig an gceantar trí raon de scéimeanna nuálacha a chur ar bun.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	Lucht lóistín, na scoileanna, an tAcadamh (OÉ, Gaillimh), ROS/RCO&G, na Coláistí Gaeilge, na hEagrais Ghaeilge Náisiúnta, FnaG, Gaelscoileanna ar fud na tíre.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil leanúnach & Ullmhúchán. Bliain 2-7: Scéimeanna a chur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Lóistín go príomha.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Lóistín go príomha ach idir RCO&G agus na foghlaimeoirí féin íocfar as seo.		
Foinsí maoinithe:	Scéim na bhFoghlaimeoirí (RCO&G).		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Gur fada ó bhí roinnt scéimeanna ann. Tá an saol athraithe go mór agus níor mhór machnamh fada agus taighde a thionscnamh ar dtús. Cé na heagraíochtaí a láimhseáilfeadh a leithéid de chúrsaí? **Réiteach:** As próiseas taighde agus comhairliúcháin an-leathan a thiocfaidh an réiteach, sé sin, go dtiocfaidh eagraíochtaí chun cinn a mbeidh an fhís acu teacht i dtír ar na smaointe agus cúrsaí/scéimeanna a bhunú.		
Monatóireacht ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPT ag tuairisciú don CPTCL go ráithiúil.		

Beart 9.5.11 An Ghaeilge a chur chun cinn sna Naíonraí sna limistéir Catagóir C .			
Réimse:	**A, B**	**CPT**	**5, 7, 9**
Eolas breise: Tá naíonraí sa Sraith Salach agus i gCloch na Rón atá ag feidhmiú trí Bhéarla faoi láthair. Níl siad faoi scáth CNNG			
Aidhm:	I gcomhar le stiúrthóirí na Naíonraí úsáid agus ról na Gaeilge a mhéadú iontu.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL i gcomhar le na naíonraí.		
Páirtithe leasmhara:	Na Naíonraí éagsúla, an Roinn Leanaí agus Ghnóthaí Óige, ÚnaG, CNNG (comhairle), Gaeloideachas (Rannóg na Naíonraí).		
Saolré:	Go leanúnach.		
Costas measta iomlán:	€3,500.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 x 7 ar oiliúint agus ábhair thacaíochta.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, FnaG, Gaeloideachas, mórchostas PT Chonamara Láir.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Cur chuige gan Ghaeilge a bheith préamhaithe go fada sna naíonraí seo. **Réiteach:** Idir chúrsaí oiliúna agus chabhair bhreise trí dhaoine sainoilte a bheith ar fáil go leanúnach le cabhrú leis na naíonraí an t-aistriú teanga a bhaint amach.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:	Tuairisciú rialta chuig an gCPTCL. É a phlé go rialta nuair atá gnótha Chatagóir C á phlé.		

9.6. Seirbhísí cúraim leanaí, tacaíochta teaghlaigh, agus seirbhísí tacaíochta teanga

Comhthéacs

Tá Ionad Cúram Leanaí amháin ag feidhmiú sa gceantar - Ionad Cúram Leanaí Charna.

1. Is iad na hábhair a thagann chun cinn: deacrachtaí cóiríochta; go bhfuil réamhscolaíocht i gceist chomh maith le cúram leanaí; cúrsaí oiliúna, idir Ghaeilge agus Bhéarla ar na baill foirne, ach nach bhfuil rialtacht ag baint leis an soláthar trí Ghaeilge (Muintearas cúrsaí QQi leibhéal 5 agus a 6 i gCúram Leanaí ar bun go rialta.); dian-rialúcháin i bhfeidhm atá níos déine ná mar atá i gceist le bunscoileanna; Easpa postanna buana agus conair fhada ghairme ag an gcuid is mó de na fostaithe (go minic bíonn siad ag brath ar 'champaí samhraidh' chun fostaíocht a choinneáil i rith an tsamhraidh); na **trí chineál cainteora** i.e. gasúir a) a bhfuil an Ghaeilge á labhairt leo sa bhaile, b) le meascán de Ghaeilge agus Béarla á labhairt leo sa bhaile agus c) na gasúir nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt leo sa bhaile), in aon seomra amháin agus deacrachtaí nósmhaireacht idirdhealaithe a chur ar bun.

Na Dúshláin

2. Na trí chineál cainteora,
3. Tímpeallacht le Gaeilge shaibhir amháin an cur chuige is fearr do ghasúir a bhfuil Gaeilge amháin sa mbaile acu agus faoi láthair, níl rogha ach na gasúir seo a mheascadh le gasúir eile agus ní bhíonn tréimhsí acu leo féin i ngrúpaí beaga.
4. Tá easpa tuisceana i measc Ranna Stát na hearnáila seo ar chearta teanga agus ar riachtanais teanga phobal na Gaeilge.
5. Tá easnamh sna Cúrsaí Oiliúna i gCúram Leanaí trí Ghaeilge ó leibhéil 5 go dtí 8 (QQI).
6. Teastaíonn cúrsaí oiliúna i gCaomhnú, Saibhriú agus Sealbhú Teanga.

7. Tá easnamh sa leanúnachas agus sna coinníollacha fostaíochta ag fostaithe san earnáil seo le hais mar atá ag Cúntóirí Riachtanais Speisialta.
8. Níl aon chóras ann maidir le cúntóirí teanga a fhostú.
9. Tá tuairim ag roinnt tuismitheoirí, a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, nach gá Gaeilge a labhairt lena gcuid gasúir, mar go dtabharfaidh siad leo í ón Naíonra/Naíolann/Scoil.
10. Bíonn na páistí le Gaeilge go han-mhinic i gcomhluadar páistí aonteangacha Béarla.
11. Tá easpa feasachta agus iarrachta i measc roinnt tuismitheoirí maidir le Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na nIonad Cúram Leanaí.

Beart 9.6.1 Bainistíocht agus Foireann na Naíolainne agus Naíonraí: Oiliúint a mhéadú maidir le dea-chleachtais i gcomhthéacsanna measctha de chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí Gaeilge.			
Réimse:	**B, K**	**CPT**	**2, 7, 8, 9**
Eolas breise: Seisiúin Oiliúna a eagrú le lucht bainistíochta agus foireann na naíolainne, na naíonraí agus na gcúramóirí leanaí sa LPT d'fhonn tacú leo le dul i ngleic leis na castachtaí a bhaineann lena réimse oibre i bpobal teangamheascaithe agus le páistí le leibhéil difriúla chumais sa Ghaeilge. Réiteofar ábhar faoin gceist (le comhairleoirí proifisiúnta agus i bpáirt le CNNG), agus reáchtálfar seisiún oiliúna d'oibrithe agus lucht bainistíochta na naíolainne agus do chúramóirí/feighlithe leanaí an LPT ag tús chuile scoilbhliain. Tabhairfidh OPTCL tacaíocht leanúnach do bhainistíocht agus foirne na naíolainne agus na naíonraí.			
Aidhm:	Oiliúint Fóirne a mhéadú agus a fheabhsú, go háirithe i dtaobh spreagadh agus chaomhnú na Gaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Comhairleoirí sa tsochtheangeolaíocht agus sa tumoideachas lán-Ghaeilge, CNNG, TUSLA, Bainistíocht agus foireann agus tuismitheoirí na n-Ionad, ÚnaG, Coistí PT na LPTanna eile.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Seisiúin Oiliúna a mhéadú go céimniúil.		
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann. Féach 9.5.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Rannpháirtíocht na mbainisteoirí agus na gcúraimeoirí a spreagadh. **Réiteach:** Fiúntas na gcúrsaí a léiriú do chách.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Foireann le príreacht a thabhairt do stocaireacht ina leith seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisciú rialta réitithe ag an OPTCL don CPTCL.		

Beart 9.6.2 Tuismitheoirí le páistí óga – Foghlaimeoirí.			
Réimse:	**D, J**	**CPT**	**7, 11, 12**
Eolas breise: Ranganna Gaeilge agus eile (ar nós grúpa tuistí leanaí, suaithireacht leanaí), dírithe ar riachtanais thuismitheoirí, a bheith eagraithe agus iad a bheith comhtháite leis na hionaid chúraim/réamhscolaíochta. Cur chuige núálach praicticiúil agus taitneamhach. Ceisteanna faoin dtógáil teanga-mheascaithe le plé.			
Aidhm:	Feasacht teanga maidir leis an réimse thábhachtach seo a scaipeadh. Cumas teanga na dtuismitheoirí a fheabhsú. Teacht ar chuir chuige éifeachtacha.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Comhairleoirí sa tsochtheangeolaíocht, Múinteoirí Gaeilge cáilithe agus cumasacha le daoine fásta a mhúineadh, TnaG, CNNG, bainistíocht, foireann agus tuismitheoirí na n-ionad, ÚnaG, An Gaelacadamh.		
Saolré:	Bliain a 1: Pleanáil agus Réiteach. Bliain a 2-7: Na cúrsaí agus na cuir chuige a bhunú agus iad a fhás go céimniúil.		
Costas measta iomlán:	€12,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Blian 1 réiteach. €2,000 x 6 bliana.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCO&G, na tuismitheoirí féin.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Suim sa bhfoghlaim agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a spreagadh. Tacaíocht an phobail sa limistéar a fháil chomh maith. Caighdeán agus leanúnachas na gcur chuige a chinntiú. **Réiteach:** Na ranganna agus eile a bheith chomh héifeachtach agus is féidir.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	An OPT le fiosrú le foghlaimeoirí go rialta i dtaobh a ndul chun cinn. Fiosrú le soláthróirí an teagaisc chomh maith.		

Beart 9.6.3 Tuismitheoirí le páistí óga – Cainteoirí Líofa.			
Réimse:	**B, K**	**CPT**	**2, 7, 8, 9**
Eolas breise: Gearrchúrsaí agus sainchúrsaí do thuismitheoirí le Gaeilge líofa. Saibhriú na Gaeilge dírithe ar riachtanais thuismitheoireachta. Cur chuige núálach praicticiúil. Ceisteanna faoin dtógáil teanga-mheascaithe le plé más gá. Imeachtaí Tuismitheoirí na Gaeltachta a bhuanú sa gceantar.			
Aidhm:	Tacú le tuismitheoirí le Gaeilge líofa an teanga a thabhairt ar aghaidh chuig na gasúir agus iad a chumasú le suíomhanna teanga-mheasctha a láimhseáil.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Comhairleoirí sa tsochtheangeolaíocht, TnaG, Múinteoirí Gaeilge cáilithe agus inniúil le daoine fásta a mhúineadh, CNNG, bainistíocht, foireann agus tuismitheoirí na n-ionad, ÚnaG, An Gaelacadamh.		
Saolré:	Bliain a 1: Pleanáil agus Réiteach. Bliain a 2 - 7: Na cúrsaí agus na cuir chuige a bhunú agus iad a fhás go céimniúil.		
Costas measta iomlán:	€35,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG; Tuismitheoirí féin.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Suim sa togra agus rannpháirtíocht na gcainteoirí líofa a spreagadh. **Réiteach**: Na seisiúin a bheith chomh héifeachtach agus is féidir.		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm is ar éifeacht an bhirt:	An OPT le fiosrú le rannpháirtithe go rialta i dtaobh a ndul chun cinn. Teagmháil agus fiosrú rialta le soláthróirí an teagaisc.

9.7. Seirbhísí don Aos Óg:

I gcomhthéacs inmharthanachta na Gaeilge mar theanga pobail sa limistéar tá fíorthábhacht faoi leith ag baint le húsáid na Gaeilge i measc na hóige mar theanga sóisialta taobh amuigh den teach agus den scoil. Mura bhfuil an suíomh, an tacaíocht, an mhealltacht agus an deis ann don aos óg chun bualadh le chéile go sóisialta trí mheán na Gaeilge lasmuigh den scoil agus den teaghlach, ní bheidh a n-iniúlacht sa Ghaeilge ag forbairt, agus is i dtimpeallacht dhátheangach an lae inniu agus an Béarla chun cinn a bheidh an sóisialú ar siúl. Tá impleachtaí nach mór aige seo don Ghaeilge sa LPT mar is iad óige an lae inniu tuismitheoirí an lae amáraigh.

Ní mór mar sin, mar chuid fíorthábhachtach den phróiséas pleanála teanga, idirghábhail éifeachtach agus dearfach a dhéanamh le tionchar a imirt ar shaol sóisialta na hóige le go mbeadh áit lárnach ann ag an nGaeilge. Ní mór, agus an phleanáil seo ar bun, aghaidh a thabhairt ar na trí rannóg de leibhéil chumais agus atá le feiceáil san taighde ar dhéagóirí an LPT (Aguisín 2). Is iad sin, a) cainteoirí iomlán Gaeilge (iad siúd atá atá á dtógáil le Gaeilge amháin), b) iad siúd atá dá dtógáil le Gaeilge agus teanga agus c) iad siúd gan móran Gaeilge acu ón mbaile.

Foilsíodh *Straitéis Óige don Ghaeltacht* i bhFómhar 2017, ina bhfuil 22 moladh ar leith (lgh 39-44) agus Plean Gnímh UileGhaeltachta (45-49). Tá tábhacht leo ar fad i gceantar Chonamara Láir agus cuimsítear iad sna bearta thíos chomh maith. Cuirtear costas leis na míreanna éagsúla sa bPlean Gnímh chomh maith.

Beart 9.7.1. Ionaid agus Imeachtaí don Óige a láidriú			
Réimse:	**C**	**CPT**	**6, 10**
Eolas breise: Faoi láthair tá ionad sóisialta don óige i gClub Sóisialta Iorras Aithneach ar fáil ar feadh 2 uair a'chloig sa tseachtain. Moltar go gcuirfí go mór leis an tseirbhís seo agus go mbunófaí dhá lárionad caitheamh aimsire agus siamsaíochta, ceann in Iorras Aithneach agus ceann I gceantar Ros Muc/Chamuis agus imeachtaí rialta sa Chaiseal/Sraith Salach.			
Aidhm:	An Ghaeilge a láidriú mar rogha teanga shóisialta i measc na hóige trí ghréasán na n-imeachtaí don óige a láidriú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Óige na Gaeltachta, ógánaigh an LPT, ógchlubanna agus clubanna óige, clubanna spóirt, oibrithe óige deonacha ‘s araile.		
Saolré:	Bliain a 1: Ullmhú agus taighde. Bliain a 2 - 7: Míreanna a chur i bhfeidhm go céimniúil idir bhunú imeachtaí agus ionad, chúrsaí oiliúna agus imeachtaí cheantar na Sraithe Salaigh.		
Costas measta iomlán:	€35,000 cabhair leis an gcíos.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000		
Foinsí maoinithe:	Óige na Gaeltachta/ÚnaG/RCO&G.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easnamh ann i líon na n-imeachtaí don óige cheal foirgnimh, acmhainní idir airgead agus daonna, etc. **Réiteach:** Taighde a mheas go tomhaiste, ansin gníomhú le samhlaíocht ag leagan béime ar na leighis sa bhfadtéarma, ceist na lagGhaeilge san áireamh.		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Cúram na hÓige a bheith ar Oifigeach amháin. Tosaíochtaí réalaíocha a aithint sa taighde i mbliain a 1. Tuairisciú rialta chuig CPTCL. Athbhreithniú bliantúil maidir leis na réitigh fhadtéarmacha.

Beart 9.7.2. Cinnirí don Óige a thraenáil			
Réimse:	**C**	**CPT**	**6, 10**
Eolas breise: Tá easnamh ann maidir le líon na daoine atá oilte agus ar fáil chun oibriú leis an óige. Tá gá le scéim a bhunú do dhaoine idir 18 mbl. & 30 bl. le hoiliúint agus forbairt mar chinnirí d'imeachtaí cruthaíocha agus mealltacha don óige. Béim ar an obair pháirtaimseartha, ar oiliúint sa gcaomhnú agus sa saibhriú teanga agus ar scileanna atá inaistrithe go clubanna sainspéise (eg spórt, na hEalaíona Gaeltachta).			
Aidhm:	An Ghaeilge a láidriú mar rogha teanga sóisialta i measc na hóige. Cumas Gaeilge na hóige a fhorbairt. Scileanna cinnireachta a fhorbairt.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Daoine idir 18 mbl & 30 bl., ÚnaG, Óige na Gaeltachta, Ógeagrais Ghaeilge, Coláistí Samhraidh áitiúla, TnaG, FnaG.		
Saolré:	Bliain a 1: Taighde agus réiteach. Bliain 2-7: Láinseáil na gcúrsaí oiliúna ar bhonn bhliaintiúil		
Costas measta iomlán:	Taighde €2,000 agus €2,000 in aghaidh na bliana. Iomlán Idir na LPTanna ar fad.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000 sa bhliain.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCO&G.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Níl an aoisghrúpa seo páirteach go lárnach in obair chinnireachta na hóige. Ón dtaighde i gceantair eile is léir deis a bheith ann obair pháirt-aimseartha a chruthú chun dul ag obair le hógánaigh. Téann an aoisghrúpa seo i bhfeidhm go mór ar an nglúin atá beagáinín níos óige ná iad. **Réiteach:** Teastaíonn oiliúint, áit nach mór béim a leagan ar scileanna a mhúineadh chun saibhriú agus caomhnú na Gaeilge a choinneáil chun tosaigh. Baineann an pointe seo le LPTanna eile agus le go mbeidh rath air beidh comhoibriú i bpáirt leo le go mbunófaí na cúrsaí oiliúna. Obair i gCatagóir C a bheith mar chuid den oiliúint chomh maith. Taithí oibre in imeachtaí óige a bheith ina dhlúthchuid de freisin.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:	Critéir rathúlachta chinnte a leagan amach. Tuairisciú rialta chuig CPTCL ag teastáil ar (a) bhunú an chúrsa oiliúna (ina dteastóidh comhoibriú idir LPTanna) agus (b) rathúlacht an chúrsa, go háirithe ag an tús.		

Beart 9.7.3. Nós úsáide na Meán Shóisialta trí Ghaeilge a chothú i measc na hÓige			
Réimse:	**B, K**	**CPT**	**6, 10, 12, 16**
Aidhm:	Cumarsáid atá i gceist leis na Meáin Shóisialta agus teastaíonn nós úsáide na Gaeilge a láidriú.		
Eolas Breise	Tá fianaise ann nach bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh ar chor ar bith i measc na ndéagóirí sa réimse seo.[23] Cheana féin tá nósmhaireacht maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga sóisialta sách lag ag an óige agus lagaíonn nósmhaireacht labhartha an Bhéarla ar na meáin shóisialta seo tuilleadh.		

[23] SCT

Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, Óige na Gaeltachta, RCO&G, TnaG, Fóram idirscoileanna.
Saolré:	Bliain a 1: Pleanáil agus Réiteach. Bliain a 2 - 7: Tionscnamh nó togra amháin in aghaidh na bliana.
Costas measta iomlán:	€6,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000
Foinsí maoinithe:	RCO&G (Rannóg a bhíonn ag plé le Techspace)
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Uileláithreacht an Bhéarla lárnach sna meáin shóisialta. Dúshlán ollmhór i gceist anseo. **Réiteach:** is ea cuir chuige shamhlaíocha le nós úsáide na Gaeilge a bhunú, bíodh comórtais, tionscnaimh, srl i gceist trí na scoileanna agus na himeachtaí don óige. Comhoibriú trasLPTanna i gceist anseo freisin.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Tuairisciú ar siúl ag an OPT chuig an CPTCL ar bhonn ráithiúil. Teastaíonn taighde thart ar Bhliain a 3-4 le féachaint an bhfuil athrú dearfach i leith na Gaeilge in úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta ag déagóirí.

Beart 9.7.4 Áisitheoir Ealaíona / Comhordaitheoir a cheapadh do tréimhse an phlean leis an gceol traidisiúnta, ceol na hÉireann, an amhránaíocht, dramaíocht agus damhsa ar an sean-nós, scéalaíocht agus lúibíní a chur chun cinn i gceantar Chonamara Láir.			
Réimse:	**C, F, J**	**CPT**	**6, 10, 12**
Aidhm:	• Bunoiliúint a chur ar fáil sna hEalaíona dúchasacha (amhránaíocht & damhsa ar an sean-nós, ceol gaelach, dramaíocht, cór ógra, scealaíocht/filíocht, cumadóireacht & eagarthóireacht digiteach) don aos óg ó 9-19 bliain d'aois in Iorras Aithneach, ar mhaithe leis na healaíona dúchasacha agus an Ghaeilge a shealbhú ó ghlúin go glúin. • Sraith de ranganna oiliúna, ceardlanna, taispeántais, ceolchoirmeacha a eagrú sa nGaeltacht i gcomhar le páirtnéirí an tionscnaimh. Taithí a roinnt le ceantair Ghaeltachta eile maidir le póitéinseal na n-ealaíona dúchasacha i mbuanú na Gaeilge mar theanga pobail. • An t-aos óg a spreagadh chun a dteanga dúchais a labhairt le go mbeidh pobal inmharthana teanga ann don todhchaí. Úsáid an teanga a 'normálú' mar a rogha teanga shóisialta.		
Eolas Breise			
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Na scoileanna áitiúla, Coiste Tacaíochta na nEalaíon Dúchasacha in Iorras Aithneach, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ealaíon na Gaeltachta, An Gaelacadamh.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil agus ullmhú. Bliain 2-7: Feidhmiú.		
Costas measta iomlán:	€210,000.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€30,000		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Gaelacadamh, RCO&G		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** An deacracht is mó ná an maoiniú agus comhordú leis an Gaelacadamh ach tá Conamara Láir chomh mór is na traidisiúin chomh doimhin is chomh láidir is go dteastódh duine ar leith sa LPT seo amháin. **Réiteach:** Duine le na scileanna chuí a earcú.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	A mhéid scoláirí a ghlacann páirt sa scéim agus a fheabhas is a éiríonn leo.

Beart 9.7.5 Tacú leis na Moltaí i réimsí Sláinte, Taistil agus Oideachais an duine óig atá sa *Straitéis Óige don Ghaeltacht* (2017).			
Réimse	**C, F**	**CPT**	**6, 10, 12**
Aidhm:	Comhtháthú leis an Straitéis lena chinntiú go bhfuil chuile shórt cuimsithe atá sna Moltaí.		
Eolas Breise	Clúdaíonn Straitéis Óige don Ghaeltacht (2017) nithe ar nós Sláínte (Meabharshláinte san áireamh), Printíseachtaí, Easpa córais poiblí le taisteal chuig obair/imeachtaí/ cúrsaí/ etc agus rannpháirtíocht na hÓige in iarrachtaí forbartha pobail.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	Óige na Gaeltachta		
Saolré:	Go leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Figiúirí uileGhaeltachta curtha ar fáil sa SOG (46-49).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Figiúirí uileGhaeltachta curtha ar fáil sa SOG (46-49).		
Foinsí maoinithe:	Maoiniú iarrtha ag Óige na Gaeltachta go lárnach ar RCO&G agus Ranna eile. An OPT san áireamh ina t(h)uarastal.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Acmhainní a bheith ar fáil ag ÓnaG. **Réiteach:** Stocaireacht le déanamh le gur scaoilfear chucu iad.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Tuairisciú an OPT chuig an gCoiste Stiúrtha go rialta.		

9.8. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais

Mar a léiríodh i dtaighde na ndéagóirí (Aguisín 2), ní as an nGaeltacht de 26% de mháithreacha na ngasúr agus 20% dá n-aithreacha. Thuairiscigh siad freisin go raibh Gaeilge líofa ag 61% dá máithreacha agus ag 68% dá n-aithreacha. Léiríonn na figiúirí seo leibhéal sách ard inimirce a bhfuil dúshláin teanga ag baint leis. Imríonn daoine gan aon Ghaeilge, nó gan móran Ghaeilge, tionchar ar phatrúin labhartha teanga an phobail go ginearálta. Mar a léiríodh san tsuirbhé ar an bpobal, tá dea-thoil forleathan ann don Ghaeilge. San aiseolas a fuarthas (Aguisín 6) léiríodh réimse leathan tuairimí maidir le foghlaim na Gaeilge (dóibh siúd nach bhfuil líofa inti) agus i saibhriú na Gaeilge dóibh siúd a bhfuil sí acu. Dúradh nach 'ranganna' ar an mbealach traidisiúnta amháin atá uathu, ach imeachtaí agus caitheamh aimsire trí Ghaeilge chomh maith.

Beart 9.8.1. Tacaíocht do Fhoghlaim na Gaeilge (daoine fásta) a chinntiú ar fud Chonamara Láir.			
Réimse:	**D**	**CPT**	**11**
Eolas breise: Tá tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí gan Ghaeilge **agus ar dhaoine fásta eile**. Tá seo ag teastáil i slite atá ilghnéitheach ach pearsanta agus tarraingteach le céimeanna cinnte struchtúrtha agus comhordú á dhéanamh ar an tairiscint. Tá tacaíocht ar leith tuilte do na tuismitheoirí atá ag déanamh iarrachta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.			
Aidhm:	Córas cuimsitheach tacúil a thógáil do Fhoghlaim na Gaeilge i measc daoine fásta agus iad a spreagadh chun foghlamtha.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	FCL Teo; Acadamh na hOllscolaíochta; BOOGRC; ÚnaG; TnaG; Scoileanna.		
Saolré:	Bliain a 1: Pleanáil. Bliain a 2 - 7: Feidhmiú.		
Costas measta iomlán:	€20,000 agus 50% á n-íoc ag na foghlaimeoirí féin.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2000 Bliain a 1. €3000 sa bhliain ina dhiaidh sin.		
Foinsí maoinithe:	RCO&G; Gaelacadamh; BOOGRC.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Iompaítear go ró-fhurasta ar an mBéarla a labhairt i gcomhthéacsanna áirithe agus tá an tacaíocht don fhoghlaimeoir easnamhach. **Réiteach:** Deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí le leibhéil éagsúla cumais clárú do sheirbhís tacaíochta go lárnach agus ansin plean ceart pearsanta a ullmhú do chuile fhoghlaimeoir a thugann treoracha dóibh, a cheadaíonn aiseolas, a thugann réimse de shlite foghlamtha dóibh agus a thugann deis don phobal cabhair neamhfhoirmiúil a thabhairt. Cabhair oiliúna agus eile a thabhairt do na soláthróirí teagaisc.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Taifead a bheith á choinneáil ag an OPTCL ar líon na bhfoghlaimeoirí cláraithe agus ar a ndul chun cinn. Soláthróirí teagaisc a bheith ag bailiú aiseolais. An t-ábhar a bheith á phlé go tráthrialta ag CPTCL.		

Beart 9.8.2. Traenáil do Phrintísigh a chur ar fáil san LPT.			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Tá gá i gcónaí le oiliúint a chur ar dhaoine agus ní amháin ag leibhéal tríú leibhéal. Dá mbeadh scéim printíseachta ar bun san LPT do chuireadh sé fostaíocht ar fáil do thraenálaithe, deiseanna a lóistín a chur ar fáil do lucht lóistín taobh amuigh den tséasúir turasóireachta agus cuireadh sé le deiseanna fostaíochta na rannpháirtithe			
Aidhm:	An OPT leis an gceist a phlé le ÚnaG, tuarascáil a réiteach agus an togra a chur chun cinn ach é a bheith indéanta.		
Príomhúinéir an bhirt	ÚnaG		
Páirtithe leasmhara:	An OPTCL, FCL, ÚnaG, cliaintchomhlachtaí de chuid ÚnaG agus comhlachtaí áitiúla eile. BOOGRC.		
Saolré:	Bliain 2.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostaisí na hoifige.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Tacaíocht na nEagraíochtaí cuí a aimsiú. Costas: Easpa rannpháirtithe nó fostóirí. **Réiteach:** Tuarascáil Féidearthachta a réiteach.		
Monatóireacht:	An OPT le tuairisc a chur ar fáil don CSPTCL.		

Beart 9.8.3. Scéim Oiliúna a chur ar bun le cúnamh a thabhairt do fheirmeoirí beaga san LPT fanacht ag obair san réimse oibre seo chun oiliúint a chur ar fheirmeoirí breis ioncaim a fháil. Cúnamh a thabhairt do tháirgeoirí táirgí feirme san LPT.			
E, F	**E, F**	**E, F**	**E, F**
Eolas breise: An OPTCL le staidéar féidirtheachta a réiteach maidir le Cúrsa Oiliúna a chur ar bun le h-oiliúint agus tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí le theacht ar dheiseanna úra a fhorbairt, e.g. deiseanna turasóireachta, slí mhaireachtála inbhuanaithe, agus an Ghaeilge.			
Aidhm	An sciar seo den phobail a choinneáil ag obair san LPT agus ioncaim sásúil a bheith acu		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Feirmeoirí san LPT, ÚnaG, Fáilte Éireann.		
Saolré:	Bliain 2: Staidéar Féidearthacha le réiteach.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostaisí na hoifige		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Sainchomhairle i gcúrsaí feirmeoireachta a aimsiú ón háisinteachtaí cuí. Costas. Easpa rannpháirtithe. **Réiteach:** Tuarascáil Féidearthachta a réiteach.		
Monatóireacht:	An OPT le tuarascáil féidearthachta a réiteach don CPTCL.		

9.9. An Earnáil Ghnó & Fostaíocht

Tá dúshlán na dífhostaíochta ar an dúshlán is mó atá le sárú ag an limistéar seo le go mairfidh sé mar phobal inmharthana tuaithe. Chuir an cliseadh i ngeilleagar na tíre le deich mbliana anuas agus go háirithe an cúlú i dtionscail na tógala, na déantúsaíochta agus sa mhuirshaothrú dlús mór leis an imirce as an limistéir. D'fhág an cúlú eacnamaíoch go raibh ar chuid shuntasach den phobal imeacht as an gceantar le snáth a choinneáil faoin bhfiacail. Anuas air seo luaitear an limistéir mar cheantar faoi mhíbhuntáiste de réir an tslata tomhais a úsáidtear go náisiúnta. Tá Scainimh (Cill Chiaráin) aitheanta ag an Lár-Oifig Staidreamh/*CSO* mar cheantar a bhfuil géarchéim fostaíochta ann 'Spota Dubh/*Black Spot*[24]' agus ní mór do na forais stáit a bhfuil cúram orthu ina leith seo aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ar bhonn práinne.

Mar chuid den togra rinneadh an comhlacht Measmedia taighde ar na ngnólachtaí áitiúla. Tá an tuarascáil seo le fáil mar Aguisín 5.

Beart 9.9.1. Tascfhórsa le dul i ngleic leis an ráta ard dífhostaíochta san LPT			
Réimse:	**E, F**	**CPT**	**13, 14, 15**
Eolas breise: Tá an ráta dífhostaíochta (13.3%) sa LPT 60% níos airde nó an meán náisiúnta (7.9%). De bharr na héigeandála fostaíochta atá sa LPT, iarrtar mar bheart tosaigh **Tascfhórsa** a bhunú le plean forbartha fostaíochta a chur ar fáil don LPT roimh dheireadh bliain 1. Ba chóir go n-aithneodh an Plean Forbartha Fostaíochta an poitéinseal atá ann cur go mór leis an leibhéal fostaíochta atá bunaithe ar na hacmhainní dúchasacha. Ba chóir go n-aithneodh an Plean freisin earnálacha fostaíochta nua a thabharfadh deis do phobal an cheantair atá imithe filleadh abhaile, deiseanna cianoibre agus an tábhacht a bhainfidh le córas leathanbhanda den scoth agus bóithre níos fearr. Tá sé i gceist go mbeadh oifigeach amháin san OPTCL ag plé go lánaimsearach leis an gceist seo agus ag obair go dlúth le ÚnaG.			
Aidhm:	An ráta dífhostaíochta agus míbhuntáisteacht san LPT a bheith íslithe go dtí an meán náisiúnta faoi Dhaonáireamh 2021.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL, an Tascfhórsa.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG		
Saolré:	Go leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na hoifige.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Cur ina luí ar na háisinteachtaí cuí go bhfuil géarchéim fostaíochta ann agus go gcaithfear gníomhú ar an gceist anois. A chinntiú go bhfuil béim á chur ar fhorbairt roinnt earnálacha fostaíochta a bhfuil láidrí ar leith ag an gceantar ina leith (e.g. Turasóireacht Chultúrtha, Gaeloideachas, Muirshaothrú) **Réiteach:** Stocaireacht agus tuilleadh plé le hÚnaG le tosaíocht a thabhairt don cheist.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Líon na ndaoine dífhostaithe a bheith íslithe go dtí an meán náisiúnta faoi 2021 agus laghdaithe céimnithe le feiceáil go bliantúil idir 2018 & 2021		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuarascáil bhliantúil réitithe ag an OPT do CPTCL.		

[24] http://www.thejournal.ie/employment-ireland-3445102-Jun2017/

Beart 9.9.2. An Turasóireacht Chultúrtha a fhorbairt d'fhonn fostaíocht a chruthú.			
Réimse:	**E, K**	**CPT**	**12 -14**
Eolas breise: Féiniúlacht Ghaeilge agus Ghaeltachta an LPT a bhuanú agus margaíocht a dhéanamh ar an gceantar mar cheannscríbe sainiúil le breisluach turasóireachta. Coincheap an 'Cósta Gaelach' a chur chun cinn agus a chur i gcrích. Páirtíocht na hearnála gnó áitiúil a spreagadh agus a éascú. Buntáiste cultúrtha agus eacnamúil gearrtéarmach agus fadtéarmach an Ghaeloideachais (Coláistí Samhraidh, Ollscolaíocht Ghaeilge) a fhorbairt.			
Aidhm:	An Ghaeilge a chosaint agus a láidriú mar acmhainn fhorbartha gheilleagrach. Ina theannta sin, fostaíocht a chruthú, tógtha ar an gcoincheap 'Gaelach' idir theanga, oidhreacht agus ealaíona dúchasacha.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL, An Tascfhórsa.		
Páirtithe leasmhara:	Grúpa Turasóireachta ÚnaG, An Tascfhórsa, Fáilte Éireann, Coláistí Gaeilge, Google Maps, Geo Directory.		
Saolré:	Bliain 1: Réamhphleanáil. Bliain 2 – 7: I mbun gnímh.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Cur leis an dtuiscint ar an gcoincheap go háitiúil ach i measc na n-eagraíochtaí a mbeidh tionchar acu ar fhorbairt na coincheapa e.g. Fáilte Éireann chomh maith. Cur leis an mbéim ar Ghaeltacht Chonamara Láir mar cheantar a bhfuil eispéireas eisceachtúil ó thaobh na teanga agus an chultúir dhúchasaigh ar fáil ann. Tógáil ar na deiseanna atá Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh agus Ionad na nImirceánach ag cruthú don limistéar. Moltar Cultúrlann a fhorbairt a mheallfadh cuairteoirí ó ar fud na hÉireann agus na cruinne leis an saibhreas eisceachtúil sna healaíona dúchasacha atá sa gceantar a eispéiriú, e.g. amhránaíocht & damhsa ar an sean-nós, ceol traidisiúnta, béaloideas agus tírdhreach gan ach cúpla téama a lua. **Réiteach:** Seimineáir / seisiúin eolais / poiblíocht faoin gceist go háitiúil ach stocaireacht leanúnach ar Fháilte Éireann le tacaíocht ó ÚnaG chomh maith. Na deiseanna a chruthóidh Plean Nua Forbartha Turasóireachta Chonamara agus Árann Fáilte Ireland a thapú don cheantar *(The Connemara Coast & Aran Islands, Signature Experience Development Plan)*.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Chomh maith leis an dá Ionad Cultúrtha agus na Cúrsaí Gaeilge do fhoghlaimeoirí, bhéifí ag súil le cur leis an líon imeachtaí Gaelacha go céimniúil chuile bhliain. Ba cheart feabhas a bheith le feiceáil i láithreacht na Gaeltachta i litríocht agus oifigí Fáilte Éireann. Taifead orthu seo le coinneáil ag an OPT agus tuairiscí rialta le tabhairt chuig an gCPTCL.		

Beart 9.9.3. Cultúrlann Náisiúnta do na hEalaíona Dúchasacha Gaeltachta a fhorbairt.			
Réimse:	**E, K**	**CPT**	**11 - 14**
Aidhm:	Ó thaobh cruthú fostaíocht inmharthana i gCeantar Chonamara Láir agus ar mhaithe le buanseasmhacht an phobail Gaeltachta seo trí chéile beidh ról lárnach ag earnáil na turasóireachta cultúrtha i gcruthú dóthain fostaíochta le go mairfidh an pobal. Tá an Ghaeilge agus an cultúr dúchasach lárnach d'fhorbairt na hearnála seo sa limistéar. Níl aon áit eile ar domhan a bhfuil an saibhreas céanna ann agus atá i gCeantar Chonamara Láir maidir le gnéithe ar leith den tsaíocht Ghaelach. Teastaíonn **Cultúrlann a thógáil** a chuirfeadh Iorras Aithneach i láthair an phobail náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chroílár an domhain maidir le traidisiún an tsean-nóis (amhránaíocht agus damhsa), an bhéaloidis, agus an cheoil traidisiúnta. Bheadh an Cultúrlann ina áis a mbeadh éispéireas nach bhfuil a leithéid ar fáil aon áit eile ar domhan don chuairteoir ar an ***gCósta Gaelach agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin*** maidir leis an ngné seo den tsaíocht Ghaelach. Bheadh eilimintí taibhithe (ceolchoirmeacha, seisiúin oíche, ceardlanna, drámaí, scannáin, taispeántais, scoileanna samhradh agus geimhreadh etc.) agus léirmhínithe digiteacha i gceist. Luíodh an Cultúrlann isteach go huile agus go hiomlán leis an saothrú atá á dhéanamh i réimse an Ghaeloideachais sa limistéar (Mic léinn 3ú leibhéal an Acadaimh ó Éire agus thar lear, Coláistí Samhraidh, Turasóirí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ionad na nImirceach etc.). I bhfocail eile chuirfeadh sé an limistéar seo ar an mapa maidir le seod dúchasach nach bhfuil a shárú le fáil aon áit eile ar domhan.		
Príomhúinéir an bhirt	Coiste Stiúrtha bunaithe don tionscnamh i gcomhar le OPTCL. FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, RCO&G, an Tascfhórsa, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Fáilte Éireann, Comhairle Contae na Gaillimhe, Coláistí Samhraidh, Scoileanna, Coiste Tacaíochta na nEalaíon Dúchasacha in Iorras Aithneach, Coiste Eagraithe na bhFéilte áitiúla.		
Saolré:	Le deimhniú		
Costas measta iomlán:	€10,000 – Staidéar Féidearthachta a dhéanfaidh scóipeáil ar an tionscadal.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€10,000 – 2018 amháin		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCO&G (Le deimhniú.)		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Maoiniú a fháil don chruthú coincheapa. Tinreamh na gColáistí Gaeilge, idir dhéagóirí agus mhicléinn 3ú leibhéal, a choinneáil agus a mhéadú. **Réiteach:** Tacaíocht agus comhoibriú leis na Coláistí Gaeilge agus na heagraíochtaí thuasluaite.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Coiste Stiúrtha bunaithe don tionscnamh i gcomhar le CPTCL & páirtithe áitiúla. An Coiste Stiúrtha seo le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an CPTCL.		

Beart 9.9.4. Feirm Oscailte agus Ionad Ceirdeanna Traidisiúnta a fhorbairt			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Ionad Taispeántais ina mbeadh dánlann, gáirdín orgánach, agus léiriú ar cheirdeanna tradisiúnta na tuaithe (feilméireacht orgánach, feirm oscailte agus feirm pheataí, ceirdeanna tís, cocaireacht san áireamh). Tuarascáil le réiteach faoi na féidearthachtaí.			
Aidhm:	An Ghaeilge a láidriú mar acmhainn fhorbartha gheilleagrach. Fostaíocht a chruthú ar an téama sna ceantair nach bhfuil an Ghaeilge chomh láidir sin inti i láthair na huaire. Imeachtaí a reáchtáil taobh amuigh den phríomhthréimhse turasóireachta.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		

Páirtithe leasmhara:	An Tascfhórsa, ÚnaG, Fáilte Ireland / Fáilte an Iarthair, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
Saolré:	Bliain 1: An OPTCL le staidéar féidearthachta a réiteach. Bliain 2 + 3 i mbun gníomh.
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tuisceana ag an bpobal ar an gcoincheap. Dul i bhfeidhm ar ÚnaG agus eile freisin. **Réiteach:** Seimineáir / seisiúin eolais/ poiblíocht faoin gceist. Stocaireacht le hÚnaG agus lucht ceannasaíochta eile.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Teastóidh fochoiste de chuid CPTCL le plé leis an ionad féin. Tuairisciú dá réir chuig CPTCL.

Beart 9.9.5. Turasóireacht Mara a chur chun cinn			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Cur le líon na dturasóirí a thagann ar saoire chuig an LPT.			
Aidhm:	Pontún le haghaidh báid phléisiúrtha a thógáil i gCill Chiaráin. Tuarascáil le réiteach faoi na féidearthachtaí agus foinsí mhaoinithe a aimsiú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	CoConaG, An Tascfhórsa, Roinn na Mara, RCO&G, FLAGS-BIM, Fáilte Ireland ÚnaG (Togra Pháirc Mara Chill Chiaráin)		
Saolré:	Bliain 1: Réamhphleanáil. Bliain 2 + 3: I mbun gnímh.		
Costas measta iomlán:	€100,000 (faoi scáth Togra Pháirc Mara Chill Chiaráin)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€80,000 bliain 3. €5,000. X bliain 4, 5, 6, 7. (faoi scáth Togra Pháirc Mara Chill Chiaráin)		
Foinsí maoinithe:	Roinn na Mara, RCO&G, FLAGS-BIM, Fáilte Ireland, ÚnaG – Togra Pháirc Mara Chill Chiaráin.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Costas. Céibh feiliúnach a aimsiú **Réiteach:** Seimineáir / seisiúin eolais / poiblíocht faoin gceist		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisc gearr bliaintiúil le réiteach ag an OPTCL ar an úsáid atá á baint as an pontún		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An CPTCL le tuairisc faoin phontún a chlúdach ina dtuarascail bliaintiúil		

Beart 9.9.6. Seimineáir a eagrú do ghnólachtaí áitiúla maidir le ról na Gaeilge agus polasaithe ina leith a fhorbairt.			
Réimse:	**E**	**CPT**	**13, 14**
Eolas breise: Léiríonn an suirbhé[25] ar na gnólachtaí go bhfuil suim ag an earnáil freastal ar a leithéid de sheimineár. Ionschuimsithe ann bheadh earcú foirne agus polasaí i leith úsáid na Gaeilge san ionad oibre agus soláthar seirbhís i nGaeilge, nó go dátheangach, don phobal.			
Aidhm:	An Ghaeilge a chosaint mar theanga atá in uachtar san úsáid phoiblí.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, an Tascfhórsa, lucht ghnó áitiúil.		
Saolré:	Bliain 1: Réamhphleanáil. Bliain 2 + 3: I mbun gnímh.		
Costas measta iomlán:	€3,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000, seimineáir tosaigh agus chuile rébhliain ina dhiaidh sin		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Breis feasachta faoin dtionchar mór atá an pobal agus daoine aonair in ann a imirt ar iompar teanga agus gur féidir leis an ngnáthdhuine céimeanna beaga dearfacha a thógáil le Gaeilge a choinneáil láidir sa bpobal. **Réiteach:** Seimineáir / seisiúin eolais/ poiblíocht faoin gceist. Cúnamh a thabhairt maidir le dréachtadh polasaithe.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	An cúram ar oifigeach de chuid OPTCL agus, dá réir, é/í ag tuairisciú go rialta don CPTCL. Taifead á choinneáil ar líon na seimineár agus ar mhéid na poiblíochta. Cur chuige na seimineár le leasú in am tráth gach ré bhliain.		

Beart 9.9.7. Luach na Gaeilge agus a Tábhacht don Gheilleagar Áitiúil a ríomh agus a léiriú.			
Réimse:	**E, K**	**CPT**	**13, 19.**
Eolas breise: Mar atá ráite thuas (6.9.3) is fiú thart ar €2.5 milliún in aghaidh na bliana na Coláistí Samhraidh Gaeilge don LPT. Sa bhreis air sin, gineann ioncam ó réimsí Gaeloideachais eile in Ionad Gaeltachta an Acadaimh i gCarna ioncam substaintiúil don phobal freisin, chomh maith leis an airgead a chaitheann an RCO&G agus ÚnaG sa LPT. Moltar taighde a choimisiúnú a léireodh na buntáistí a bhaineann le hearnáil na Gaeilge agus an chultúir dhúchasaigh don phobal uile sa LPT. B'fhéidir machnamh ar leithéid an staidéir a rinneadh do 'Gaillimh le Gaeilge'[26] i 2009 agus é a bheith briste síos de réir LPTanna an chontae chomh maith.			
Aidhm:	Chun a thaispeáint don phobal gur fiú béim a choinneáil ar an nGaeilge mar go bhfuil buntáiste eacnamúil ag baint leis an teanga.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	Na coistí pobail, ÚnaG, RCO&G, Na Coláistí Gaeilge, an t-Acadamh.		
Saolré:	Bliain 1 agus arís i mbliain 5.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		

[25] Aguisín 5 - Measmedia
[26] http://www.gleg.ie/wp-content/uploads/gleg_t1.pdf

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** An taighde a chur sa tsiúl. Nach bhfuil sé déanta go córasúil in aon áit ach sa gcathair ó 2009. **Réiteach**: É a dhéanamh trasna Gaeltacht na Gaillimhe ar fad le cabhair ó ÚnaG d'fhonn slat tomhais a bheith ag chuile LPT. Stocaireacht le déanamh ar an Údarás.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	An OPT ag tuairisciú don CPTCL. Oibriú i bpáirt le LPTanna eile i gceist le cabhair ÚnaG a fháil. Más taighde sonraíoch go maith é léireoidh sé go díreach luach na teanga. É a dheanamh an dara uair ag deireadh an tréimhse phleanála: léireoidh ardú nó ísliú sa luach thar na blianta.

Beart 9.9.8. Seirbhís Aistriúcháin / Tacaíochta Gnó a bhunú			
Réimse:	**E**	**CPT**	**12 - 16**
Eolas breise: Tá gá le **seirbhís aistriúcháin** (scríobhta) a chuirfeas aistriúchán cruinn ar fáil do lucht ghnó go sciobtha. An tseirbhís 'Scéim Tacaíochta Gnó' de chuid FnaG a phoibliú do ghnólachtaí an cheantair. An OPT leis an beart seo a bhrú chun cinn i bpáirt le OPTanna i LPTanna eile.			
Aidhm:	Le féiniúlacht Gaeltachta na ngnólachtaí a láidriú agus le seirbhís trí Ghaeilge a éascú dóibh.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, FnaG, Lucht ghnó áitiúil, Fóram na LPTanna.		
Saolré:	Bliain 2 agus go leanúnach		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tuisceana ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid chruinn i nGaeilge le freastal ar an bpobal. Tacaíocht ag teastáil chun an bearna a líonadh. **Réiteach:** Seimineáir / seisiúin eolais/ poiblíocht faoin gceist.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Taighde agus cumarsáid rialta leis an earnáil d'fhonn suim agus gá leis an tseirbhís a mheas. Teagmháil le comhlachtaí aistriúcháin dá réir. An OPT ag tuairisciú chuig an gCPTCL ar bhonn rialta.		

Beart 9.9.9. An fhostaíocht san LPT i réimse na meáin a fhorbairt			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: An tionscail scannánaíochta (teilifís san áireamh) a fhorbairt sa gceantar.			
Aidhm:	ÚnaG le seimineár/lá eolais a eagrú chuile bhlian le Bord Scannáin Éireann (BSÉ), TG4, RTÉ, Údarás Craolacháin na hÉireann agus déantúsóirí cláracha/scannáin atá lonnaithe sa nGaeltacht le dualgaisí agus féidearthachtaí a phlé.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	An Tascfhórsa, an OPTCL, ÚnaG, BSÉ, RTÉ, TG4.		
Saolré:	Bliain 1: Réiteach, Bliain 2-7: Seimineáir bliaintiúil.		
Costas measta iomlán:	€30k		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5k		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG.		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Rannpháirtíocht/ Suim na rannpháirtithe a spreagadh. **Réiteach:** Seimineár proifisiúnta, éifeachtach agus tairbhiúil do na rannpháirtithe a reachtáil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPTCL le tuairisc a scríobh faoi cén chaoi a chabhraíonn na seimineáir le fostaíocht a chruthú sa gceantar.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisciú rialta réitithe ag OPT don CPTCL le béim ar an bhfostaíocht.

Beart 9.9.10. Seirbhísí Tacaíochta trí mheán na Gaeilge ar bhonn rialta a fhorbairt d'fheirmeoirí an LPT.			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Go lonnáfaí seirbhísí eolais d'fheirmeoirí sa lárionad seirbhísí. An OPTCL le plé a dhéanamh le heagrais éagsúla stát agus le comhairleoirí príobháideacha (e.g. Coillte, CCnaG, An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara agus eile) chun leasa na bhfeirmeoirí áitiúla.			
Aidhm:	An earnáil seo de shaol an LPT a choinneáil ag obair san LPT agus ioncaim sásúil a bheith acu		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Feirmeoirí san LPT, ÚnaG, an Tascfhórsa, Teagasc, agus Eagrais Stáit eile.		
Saolré:	Go leanúnach		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostaisí na hoifige		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa staire ag ÚnaG i gcúrsaí feirmeoireachta. Costas. Easpa taithí san OPTCL. **Réiteach:** Tuarascáil Féidearthachta a réiteach.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPTCL le Tuarascáil Féidearthachta a réiteach don CPTCL.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisc réitithe ag an OPTCL don CPTCL.		

Beart 9.9.11. Cúnamh a thabhairt do tháirgeoirí táirgí feirme san LPT.			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Tá úsáid na Gaeilge láidir i measc lucht na feirme sléibhe sa taobh ó thuaidh den LPT. Tá gá le tacaíocht a a thabhairt dóibh le margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar a dtáirgí agus branda bia 'glas agus glan' Chonamara a fhorbairt.			
Aidhm:	An OPTCL leis an gceist a phlé le na feirmeoirí áitiúla, le ÚnaG, agus eagraíochtaí eile ar nós an Bord Bia. Tacaíocht a thabhairt le feachtas margaíochta a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	Feirmeoirí san LPT. An Tascfhórsa, ÚnaG		
Saolré:	Bliain 2: Feachtas margaíochta deartha. Bliain 3-7: Margaíocht éifeachtach ar bun.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostaisí na hoifige		

Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** An saineolas cuí a fháil ó eagraíochtaí stát. Costas. Easpa rannpháirtithe. **Réiteach:** Tuarascáil Féidearthachta a réiteach.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPT le Tuarascáil Féidearthachta a réiteach don CPTCL.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisc réitithe ag an OPT don CPTCL.

9.10. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

Aithnítear go bhfuil gá le páirtíocht an phobail sa phróiséis forbartha agus go bhfuil ról lárnach ag an bpobal i bhforbairt agus i neartú a gceantar féin. Mar a léirítear in Aguisín 8 ('Forbairt Pobail i gConamara Láir') tá clár cuimsitheach cúraimí idir lámha ag FCL Teo in éineacht lena bhfuil ar bun ag Pobal Mám Éan Teo agus Comhairle Mhuintir an Chaisil Teo. Tá iarracht dheonach ollmhór ar siúl sa limistéar uile agus bheadh cuid an phobail i bhfad níos laige gan na hiarrachta seo. Tá seirbhís mhaith á tabhairt ach ní mór tacú leis agus í a láidriú.

Beart 9.10.1. Scátheagraíocht Pobail / Comharchumainn a láidriú			
Réimse:	**F**	**CPT**	**13 - 15**
Eolas breise: Comhlachas na gComharchumann & Comhlachtaí Pobail agus Forbairt Chonamara Láir a láidriú trí thacaíocht áitiúil bhreise a thabhairt d'oifigeach de chuid FCL atá i mbun na hoibre seo go deonach faoi láthair.			
Aidhm:	Seirbhís níos fearr do phobal an LPT a chur ar fáil. Comhlachas na gComharchumann & Comhlachtaí Pobal a láidriú le freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar phobail an LPT agus na Gaeltachta go ginearálta		
Príomhúinéir an bhirt	CPTCL		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG. OPTCL agus FCL.		
Saolré:	7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	€35,000 *(€5k per annum x 7)*		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa airgid. Easpa toile ÚnaG leis an airgead a chaitheamh. **Réiteach:** Cás éifeachtach a dhéanamh ar airgeadú breise.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuarascáil bhliaintiúil réitithe ag an OPTCL don CPTCL		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuarascáil bhliaintiúil réitithe ag an OPTCL don CPTCL agus do ÚnaG		

Beart 9.10.2. Struchtúr soiléir agus éifeachtach comhoibrithe a dhearadh idir FCL agus an Oifig / Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga			
Réimse:	**F**	**CPT**	**13 - 15, 19**
Eolas breise: Feictear dúinn go mbeidh dlúthbhaint idir FCL, mar atá, agus an Oifig Phleanála Teanga. Tá gá le struchtúr agus modh oibre a leagan síos a éascóidh an comhoibriú idir an dá eagras.			
Aidhm:	An próiséas pleanála teanga a chomhnascadh leis an bhforbairt pobail sa LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL & FCL		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, RCO&G.		
Saolré:	Bliain 1: Struchtúr bunaithe. Bliain 2-7: Monatóireacht leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Go gceapfar gur féidir cuid mhór den phlean teanga a chur i gcrích faoi FCL amháin, mar atá. **Réiteach:** Struchtúr a chruthú agus a shoiléiriú ó phointe faomhaithe an phlean teanga idir an dá eagras.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Nuair a bheidh na hacmhainní faofa go n-oibreoidh CPTCL & FCL amach na rólanna agus na cúraimí.		

Beart 9.10.3. Tacaíocht a thabhairt do Ionad Chuimhneacháin na nImirceach Teo			
Réimse:	**F**	**CPT**	**15, 19**
Eolas breise: Comhdháil bhliantúil Idirnáisiúnta (agus imeachtaí eile bunaithe ar théam an inimirce) a eagrú in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna chuile bhliain. Féach Aguisín 9. Staidéar Féidearthachta le réiteach agus foinnsí maoinithe aimsithe.			
Aidhm:	Le postanna a choinneáil agus le breis fostaíochta a chruthú		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, FCL agus Coiste Stiúrtha Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Teo.		
Pairtithe leasmhara:	RCO&G / ÚnaG / Fáilte Éireann / an Tascfhórsa, Pobal Iorras Aithneach agus Conamara agus a sliocht thar lear. Cumainn Ghaeleacha thar lear.		
Saolré:	Bliain 2:		
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann. Staidéar Féidearthacha atá i gceist.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG / CCnaG / Gnólachtaí átiúla agus An Pobal Áitiúil Sciar áitiúil (teoranta).		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Easpa airgid. **Réiteach**: Go gcuirfeadh na heagrais a bhfuil dualgaisí orthu i leith an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge an tacaíocht atá ag teastáil ar fáil.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Bord Stiúrtha Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Teo / OPTCL / ÚnaG.		

9.11. Na Meáin Chumarsáide (an Leathanbhanda san áireamh)

De bharr lárnacht na nuatheicneolaíochta i saol an phobail sa lá atá inniú ann, agus an *de facto* úsáid a bhaintear as an mBéarla agus na meáin seo á n-úsáid, tá an Ghaeilge imeallaithe, nó a húsáid íslithe go háirithe i measc na hóige.

- Dar le Google, baineann 88% d'Éireannaigh úsáid as an idirlíon (neamhspleách ar a gcuid oibre)[27], 87% go laethúil. Tá guthán cliste in úsáid ag 78% den daonra, taibléid in úsáid ag 50% agus ríomhaire in úsáid ag 77%.

- Sula gceannaíonn an pobal ábhar nua (ar líne nó i siopa fisiciúil) déanann 56% taighde ar líne. Cuartaíonn 78% eolas faoi sheirbhísí áitiúla ar líne.

Tá gá leis an nGaeilge a lárnú i saol an phobail tríd an nGaeilge le bheith le léamh, le feiscint agus le clos sna meáin áitiúla agus shóisialta le go mbeadh úsáid ag baint aisti agus ábharthacht ag baint léi.

Mar a léiríodh i dtábla 15 thuairisc 78% den phobal (>18 mbliana) go mbíonn siad ag éisteacht le RnaG 'go minic', go mbíonn 78% ag breathnú ar TG4 'go minic' agus go léann 60% ábhar i nGaeilge 'go minic'. Thuairiscigh na déagóirí go mbíonn ráta léitheoireachta acu a dhá oiread níos mó i mBéarla ná mar a bhíonn i nGaeilge.

Tá ról ag ÚnaG i gcomhar le Ranna Stát i soláthar chóras leathanbhanda ar árdluais do chuideachtaí sa limistéar pleanála teanga. San aiseolas a friothadh mar chuid den taighde ar an bpobal bhí ceist an leathanbhanda sa dara áit mar shaincheist imní th'éis fadhb na dífhostaíochta/easpa oibre. Mar sin tá sé riachtanach scagadh a

[27] https://www.consumerbarometer.com/en/graph-builder/?question=N1&filter=country:ireland

dhéanamh ar an tseirbhís leathanbhanda atá sa gceantar trí chéile, na bearnaí atá ann a aithint agus plean forbartha a chur chun cinn faoi scáth ÚnaG.

Tugtar suntas do shuíomh idirlín Loch Con Aortha (www.oidhreachtlca.ie) a láinseáileadh i mí Lúnasa, 2017, mar shampla den chaoi gur féidir suíomhanna idirlín a chruthú atá in oiriúint don fhorbairt pobail.

Beart 9.11.1. Suíomh idirlín pobail a bhunú			
Réimse:	**G, H, J**	**CPT**	**13 - 16**
Eolas breise: Suíomh idirlín a bhunú mar áis uilechuimsitheach phobail sa LPT (Na meáin shóisialta san áireamh). Beidh cúram ar leith ar dhuine de fhostaithe OPTCL an suíomh idirlín a choinneáil suas chun dáta.			
Aidhm:	An pobal a tharraingt le chéile arlíne trí mheán na Gaeilge. Eolas a roinnt leis an bpobal ar an bpointe. An **saol sóisialta** a fheabhsú trí chumarsáid a éascú trí mheán na Gaeilge. Deis a thabhairt do **sholaithreoirí sheirbhísí** áitiúla a ngólachtaí a fhorbairt. Deis **rannphairtíochta a thabhairt don phobal** sa bpróiseas pleanála teanga.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	FCL agus An Pobal ar fad trína gcuid eagras, clubanna, scoileanna agus an saol poiblí.		
Saolré:	Bliain a 1: Dearadh. Bliain 2-7: Á choinneáil suas chun dáta agus ábharthach.		
Costas measta iomlán:	€17k		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 €5k. Blianta 2-7 €2k x 6 = €12k		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG & RCO&G (An Phleanáil Teanga)		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa scileanna cuí in FCL / OPTCL. **Réiteach:** Cúrsa Oiliúna le go mbeidh na scileanna ag fostaí.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Léibhéil úsáide an tsuímh a thomhais. Suirbhé ar líne sástachta úsáideoirí a dhéanamh – bliain 3, bliain 5 agus bliain 7.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CPTCL le bheith ar an eolas trí thuairiscí ón OPT agus a dtaithí féin.		

Beart 9.11.2. Iniúchadh ar sheirbhís leathanbhanda a chur ar fáil			
Réimse:	**E, G,H**	**CPT**	**12, 13, 14**
Eolas breise: Scrúdú ar na féidearthachtaí a bhaineann le scéim phobail leathanbhanda ar nós na scéime atá i bhfeidhm ag an Roinn Tithíochta, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun tacaíocht a thabhairt chun scéimeanna uisce tuaithe a chur ar fáil. Seo a chur in oiriúint do scéim leathanbhanda.			
Aidhm:	Caighdeán maireachtála agus oibre sa gceantar a fheabhsú. Chun tacú le daoine féinfhostaithe (lucht soláthair AirBnB san áireamh) a sheirbhísí a dhíol ar bhealach éifeachtach.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, CoConaG, REOTG, Eir.		
Saolré:	Bliain 2.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tosaíochtaí óna háisinteachtaí stáit agus cuideachtaí príobháideacha an riachtanas atá ag ceantair áirithe faoin tuath a shásamh, go minic mar gheall ar mhargaí cúnga. 'Siad cúrsaí leathanbhanda a bheith i gceart ceann de na constaic is mó a stopann daoine ag cónaí sa gceantar'. **Réiteach:** Stocaireacht lena bhfuil molta thuas a bhaint amach.

Beart 9.11.3. Altanna nuachta áitiúla a chur ar fáil sna meáin chlóite/idirlín áitiúla/réigiúnacha go rialta			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Nuacht a bhailiú i nGaeilge agus seo a sholáthar do na nuachtáin áitiúla.			
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeilge agus Ghaeltachta an LPT a láidriú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	OPTCL le socrú a dhéanamh le haltanna i nGaeilge faoi nuacht áitiúil a réiteach agus a fhoilsiú i nGaeilge sa gCuradh Chonnachta (mar atá 'Nótaí Chois Fharraige') agus paipéirí éile a dháiltear amach saor in aisce sa gceantar.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil. Bliain 2-7: Feidhmiú.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Duine/daoine a fháil leis an obair a dhéanamh. Easpa spéise sna meáin chumarsáide in ábhar i nGaeilge. **Réiteach**: Duine oilte fónta a earcú. Stocaireacht le déanamh ar na meáin.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Na haltanna a choinneáil i gcód agus CPTCL len iad a scrúdú mar chuid den phróiseas monatóireachta bliaintiúil.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Na haltanna a choinneáil i gcód agus CPTCL len iad a scrúdú mar chuid den phróiseas mhonatóireachta bliaintiúil. Tuairisc ar dhul chun cinn a bheith mar chuid de thuairisc bliaintiúil an OPTCL.		

Beart 9.11.4. An fhostaíocht san LPT i réimse na meáin a fhorbairt			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Stocaireacht a dhéanamh le go mbeadh an sciar de bhuiséid an Údaráis Craolacháin na hÉireann (ÚChÉ) faoin gclár 'Fís agus Fuaim', a bhaineann le cláracha i nGaeilge, caite ar chomhlachtaí atá ag feidhmiú sa nGaeltacht agus trí Ghaeilge. Mar an gcéanna le TG4, Bord Scannáin Éireann agus RTÉ.			
Aidhm:	Cruinniú a eagrú leis an ÚChÉ, le TG4 agus le RTÉ.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	An Tascfhórsa, ÚnaG, BOOGRC, BSÉ, RTE, TG4.		
Saolré:	Bliain 1: Réiteach. Bliain 2: Cruinniú agus go bliaintiúil, más gá na dhiaidh sin.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostaisí na h-Oifige		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Rannpháirtíocht/ Suim na rannpháirtithe a spreagadh. **Réiteach:** Seiminear proifisiúnta, éifeachtach agus tairbhiúil do na rannpháirtithe a reachtáil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPTCL le tuairisc a scríobh faoi cén chaoi a chabhraíonn na seimineair le fostaíocht a chruthú sa gceantar.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisciú rialta réitithe ag an OPT don CPTCL.

Beart 9.11.5. Stocaireacht chun cúrsa praicticiúil i scilleanna teilifíse a chur ar fáil faoi scath na n-áisínteachtaí oideachasúla.			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Cúrsa practicúil i scilleanna teilifíse a chur ar fáil le tacaíocht ó ÚnaG agus TG4			
Aidhm:	Cúrsa praiticiúil a chur ar fáil le go mbeadh lucht saothair cáilithe, le Gaeilge agus le taithí as a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge ar fáil le go bhféadfaí an tionscadal a fhorbairt go háitiúil san LPT. Fostaíocht de ard-chaighdeán agus ag feidhmiú trí Ghaeilge a fhorbairt. Staidéar Féidirtheachta le réiteach agus foinnsí maoinithe le h-aimsiú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, FCL.		
Páirtithe leasmhara:	An OPTCL, an Tascfhórsa, An tAcadamh (OÉ, Gaillimh), BOOGRC, ÚnaG, TG4.		
Saolré:	Bliain 1: Réiteach. Bliain 2: Cruinniú agus go bliaintiúil, más gá na dhiaidh sin.		
Costas measta iomlán:	€1,200,000 (€200K in aghaidh na bliana x 6)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 - Taighde		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, BOOGRC, An tAcadamh (OÉ, Gaillimh).		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Acmhainní cuí a aimsiú le foireann teagaisc agus rannpháirtithe a earcú. **Réiteach:** Poiblíocht a thabhairt don togra.		

Beart 9.11.6. Mol de na Meáin Dhigiteach agus Cruthaitheacha a bhunú san LPT. A mhacasamhail de 'Ludgate' Sciobairín[28] a bhunú sa gceantar			
CPT	**CPT**	**CPT**	**CPT**
Eolas breise: Áis dhigiteach shainchóirithe a bhunadh ar mhaithe le borradh a chur faoi ghnólachtaí beaga sna meáin cumarsáide, sna healaíne agus cianobair a éascú. D'fheidhmeodh an mol mar spás cruthatitheach digiteach d'ealainteoirí. Spás le go bhféadadh an pobal taithí a a fháil agus úsáid a bhaint as an nuatheicneolaíocht digiteach. Cuireadh bunú a leithéid de 'Ludgate' sa gceantar le fíor-ardluas leathanbhanda deis iontach fostaíochta trí na costais a choinneáil íseal do chomhlachtaí beaga.			
Aidhm:	ÚnaG le staidéar a dhéanamh ar 'Mhol na Meáin Dhigiteach agus Cruthaitheach' a chruthú. **An OPTCL le comhoibriú le ÚnaG san dtogra.**		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL, ÚnaG, FCL.		
Páirtithe leasmhara:	An Tascfhórsa, An tAcadamh (OÉ, Gaillimh), ÚnaG, Comhlachtaí atá ag feidhmiú san earnail agus na heagrais stáit atá sé de cúram orthu tacaíocht a thabhairt dóibh. Na comhlachtaí bheaga agus meánmhéide *(SME),* BOOGRC.		
Saolré:	Bliain 1: Taighde. Bliain 2: Tuairisc le reiteach.		

[28] Ludgate is ea Foirgneamh i mbaile Sciobairín ina bhfuil ardluas leathanbhanda agus teacht ar áiseanna oifige ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach. Tuilleadh eolais ag www.ludgate.ie.

Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Foireann teagaisc agus rannpháirtithe a earcú. **Réiteach:** Poiblíocht a thabhairt don togra.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPTCL le tuairisc a scríobh faoi dul chun cinn an chúrsa agus faoin bhfostaíocht a d'eascair as.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisciú rialta réitithe ag OPTCL don CPTCL.

Beart 9.11.7. Irisleabhar Iorras Aithneach a fhoilsiú go bliaintiúi			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: Teanga, Cultúr, Oidhreacht agus Traidisiúin na Gaeltachta a choinneáil i mbéal an phobail agus é sin a roint leis an óige ar bhealach taithneamhach.			
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeilge agus Ghaeltachta an LPT a láidriú.		
Príomhúinéir an bhirt	Coiste Irisleabhar Bliantúil Iorras Aithneach		
Páirtithe leasmhara:	OPTCL, FCL, Coiste Irisleabhar Bhliantúil Iorras Aithneach, ÚnaG. An pobail áitiúil agus a muintir thar lear.		
Saolré:	Go bliaintiúil.		
Costas measta iomlán:	€35,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, agus teacht isteach ó díolácháin		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Airgeadú - Daoine a fháil leis an obair a dhéanamh. **Réiteach**: Eagarthóir oilte a earcú go páirtaimsearach.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:	Cóipeanna den iris a choineáil i gcód agus CPTCL lena scrúdú mar chuid den phróiseas monatóireachta bliaintiúil.		

9.12. Na Seirbhísí Poiblí

Laghdaíonn easpa seirbhíse i nGaeilge ó na seirbhísí poiblí stádas agus feidhm na Gaeilge sa bpobal[29]. Ar an taobh eile den scéal cuireann soláthar seirbhíse i nGaeilge ón stát le stádas agus feidhm na Gaeilge sa bpobal. Le blianta fada tá daoine imithe i dtaithí ar sheirbhís trí Bhéarla a fháil (ní i gcónaí ach go minic) agus tá gá le stocaireacht a dhéanamh, i bpáirt leis na LPTanna uile, ar na háisínteachtaí stáit ar fad le feabhais a lorg ar agus ansin feachtas poiblíochta leis an meon na ndaoine a athrú agus iad a spreagadh faoi Acht na Gaeltachta 2012 lena gcearta a éileamh.

Beart 9.12.1. Go gcuirfeadh an tSeirbhís Phoiblí Seirbhís éifeachtach trí Ghaeilge ar fáil do phobal an LPT			
Réimse:	**Réimse:**	**Réimse:**	**Réimse:**
Eolas breise: OPTCL le stocaireacht a dhéanamh go líonfaí folúntais sna Seirbhísí Poiblí (Sláinte (FSS), Gardaí, tacaíocht talmhaíochta, foireann CoConaG agus araile), a bhíonn ag plé le pobal an LPT, le daoine cáilithe a bhfuil ardchumas Gaeilge acu.			
Aidhm:	Seirbhís réamhghníomhach a bheith ar fáil don phobal mar chéad rogha. Tuilleadh deiseanna fostaíochta do dhaoine le Gaeilge a chruthú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, An FSS, Garda Síochána, Ranna Stáit atá ag feidhmiú sa LPT.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil & Ullmhuchán. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Easpa cumais sa nGaeilge ag cuid de fheidhmeannaigh na n-údaras. Easpa tuisceana ag ardbhainistíocht réigiúnda agus náisúnta ar an ngá cainteoirí cumasacha Gaeilge a bheith imlonnaithe sa nGaeltacht. Lancaisí airgid ar dhaoine a earcú. Gan na daoine a bheith ann leis na scileanna cuí. **Réiteach:** Polasaí láidir a bheith i bhfeidhm in áisínteachtaí le daoine a earcú leis na scileanna cuí agus Gaeilge líofa acu.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	OPT le labhairt le húsáideoirí na seirbhísí, oibriú i bpáirt le LPTanna eile agus tuairisciú ar ais go rialta chuig CPTCL.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An OPT le tuarascáil bhliaintiúil a scríobh faoi stádas (maidir leis an nGaeilge) na seirbhísí. Easnamhachtaí a aithint agus tuilleadh taighde a thionscnaimh.		

Beart 9.12.2. Éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge ó na Seirbhísí Poiblí a chothú			
Réimse:	**H**	**CPT**	**18, 19**
Eolas breise: OPTCL le feachtas poiblíochta a eagrú leis an bpobal le go ndéanfaidh siad rogha le seirbhís trí Ghaeilge a lorg. Is le réimsí 'saol trí Ghaeilge' an phobail a leathnú is a mhéadú is údar leis seo.			
Aidhm:	Go mbeadh seirbhís réamhghníomhach ar fáil don phobal mar a gcéad rogha. Tuilleadh deiseanna fostaíochta do dhaoine le Gaeilge a chruthú		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, An FSS, CoConaG, Ranna Stáit atá ag feidhmiú san LPT		

[29] Aguisín 1. Lch 16: Léirigh 48% go n-úsáideann siad an Ghaeilge agus iad ag plé leis na seirbhísí poiblí.

Saolré:	Bliain 1: Pleanáil & Ullmhuchán. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm.
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** An pobal imithe i dtaithí ar an mBéarla a úsáid in idirbheartaíochtaí leis an Státchóras. **Réiteach:** An pobal le spreagadh le Gaeilge a úsáid leis na seirbhísí poiblí agus stocaireacht a dhéanamh i bpáirt le LPTanna eile chun an tseirbhís Ghaeilge a fheabhsú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	OPT le labhairt le h-úsáideoirí na seirbhísí go tráthrialta agus tuairisciú go rialta dá réir.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPT le tuarascáil bhliaintiúil a scríobh, agus a thabhairt don CPTCL, faoi stádas (maidir leis an nGaeilge) na seirbhísí.

Beart 9.12.3. Lárionad Téarmaíochta / Aistriúcháin Naisiúnta a bhunú.			
Réimse:	**H**	**CPT**	**13, 18**
Eolas breise: Stocaireacht le go gcuirfí **s**eirbhís phras agus chruinn a chur ar fáil in aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge agus *vice versa.*			
Aidhm:	Fostaíocht do dhaoine oilte san aistriúchán le Gaeilge a chur ar fáil go háitiúil. Comharthaíocht i nGaeilge chruinn a bheith le feiscint.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, Foras na Gaeilge, REOG, Europus.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil & Ullmhuchán. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Leisce ar eagraíocht úinéireacht a ghlacadh as an togra. **Réiteach**: Stocaireacht		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	OPT le haiseolas cruinn a bhailiú go rialta ón bpobal (úsáideoirí na seirbhísí).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPT le tuarascáil bhliantúil a scríobh faoi stádas (maidir leis an nGaeilge) na seirbhísí.		

Beart 9.12.4. Seirbhísí de chuid CoConaG agus seirbhísí stáit eile le bheith ar fáil go rialta san LPT agus go háirithe sa mBaile Seirbhíse Gaeltachta, An Clochán.			
Réimse:	**H**	**CPT**	**18**
Eolas breise: Go gcuirfidh CoConaG, an FSS, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus ranna/eagrais stáit eile seirbhís don phobal ar fáil go háitiúil ar bhonn rialta. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an mbeart seo de bharr easpa seirbhíse taistil poiblí sásúil sa gceantar. Bheadh i gceist ní hamháin seirbhís trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa gClochán ach in aon seirbhís for-rochtana i Ros Muc, Carna, etc.			
Aidhm:	Caighdeán na beatha a shaibhriú agus seirbhís i nGaeilge a fheabhsú sa LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, Bealach Eile, FSS, Roinn Coimirce Sóisialaí, CoConaG.		
Saolré:	Bliain 1: Pleanáil & Ullmhuchán. Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na hoifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Drogall ar na heagrais stáit a leithéid de sheirbhísí a chur ar fáil. **Réiteach:** Stocaireacht leanúnach trí chruinnithe agus brú polaitiúil.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	OPTCL le haiseolas a fháil ó úsáideoirí na seirbhísí, ón bpobal agus tuairisciú go tráthrialta chuig CPTCL.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An OPT le tuarascáil bhliaintiúil a scríobh, agus a thabhairt don CPTCL faoi stádas (maidir leis an nGaeilge) na seirbhísí agus leis an bhfáil atá orthu tríd an LPT.		

9.13. An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach

Aithnítear i bPlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta[30] (PCÁG) go bhfuil dualgas ar an údarás pleanála faoin Acht Pleanála & Forbartha 2000 'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint, ar a n-áiritear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail'.

Tá sé mar fheidhm ag an bPlean Teanga go gcomhlíonfaidh CoConaG a dualgaisí sa nGaeltacht de réir an Achta thuasluaite agus nach laghdófar an chosaint don Ghaeilge mar atá sé sonraithe i bPlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta amach anseo.

Beart 9.13.1. An Córas Pleanála Straitéiseach (fad téarmach)			
Réimse:	**I**	**CPT**	**17**
Eolas breise: Tá gá súil a choinneáil ar ullmhúchán Phlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2018-24 agus ar Phlean Forbartha an Chontae 2021-2027 le nach lagófar na míreanna a thugann cosaint don Ghaeilge sa nGaeltacht. Beidh aighneachtaí le seoladh isteach sula ndéantar athnuachan nó athmheas ar na pleananna.			
Aidhm:	An Ghaeilge a chaomhnú in aon fhorbairtí fisiciúla a dhéantar i gConamara Láir.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	CoConaG, ÚnaG.		
Saolré:	Nuair is gá.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Fórsaí atá ar son na mórfhorbartha gan srian agus gan aon tuiscint i leith na Gaeltachta ná suim inti. **Réiteach:** Aighneachta/í a chur isteach go CoConaG in am tráthúil agus stocaireacht pholaitiúil go comhthreomhar in éineacht le LPTanna eile.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Na pleananna a bheith sásúil.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An CPTCL a bheith sásta le hábhar na n-aighneachta/í agus a bheith cinnte go bhfuil siad seolta in am tráth.		

Beart 9.13.2. Tithe Sóisialta & Tithe Príobháideacha			
Réimse:	**I**	**CPT**	**2, 17**
Eolas breise: Plean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2018-24 a leasú le go mbainfidh na clásáileacha céanna a bhaineann le caomhnú na Gaeilge maidir le tithíocht shóisialta 's le tithe príobháideacha chomh maith.			
Aidhm:	An Ghaeilge a chaomhnú sa LPT in aon fhorbairtí tithíochta.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	CoConaG, ÚnaG.		
Saolré:	Nuair is gá.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		

30 http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanceantairaitiuilnagaeltachta2008-2018/

Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Fórsaí atá ar son mórfhorbairt gan srian a bheith beagbeann ar shuim ná tuiscint ar an nGaeltacht agus ar an nGaeilge. **Réiteach:** Aighneachta/í cumasacha a chur isteach go CoConaG in am tráthúil agus stocaireacht ar na polaiteoirí áitiúla.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Plean 2018-24 a bheith sásúil ó thaobh chosaint na Gaeilge de.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CPTCL a bheith sásta le hábhar na n-aighneachta/í agus a bheith cinnte go bhfuil siad seolta isteach in am tráth.

Beart 9.13.3. Foirm Iarratais ar Chead Pleanála			
Réimse:	**I**	**CPT**	**17**
Eolas breise: Foirm Iarratais (ar chead pleanála do thithe aonaracha) a leasú le cumas Gaeilge na n-iarrathóirí a chuimsiú.			
Aidhm:	An Ghaeilge a chaomhnú san LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	OPTanna eile in LPTanna na Gaillimhe. CoConaG, ÚnaG		
Saolré:	Bliain 1.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach bhfeicfidh feidhmeannaigh an tábhacht atá le 'cumas Gaeilge'. **Réiteach:** Stocaireacht le feidhmeannaigh agus le polaiteoirí.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An fhoirm a bheith leasaithe. Eolas a bhailiú agus a thaifeadadh faoi líon na n-iarratasóirí sa nGaeltacht agus a gcumas (féin-tuairiscithe) sa nGaeilge.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An foirm iarratais leasaithe a bheith curtha ar fáil do CPTCL.		

Beart 9.13.4. Feachtas chun daoine / teaghlaigh le Gaeilge a athlonnú go dtí an LPT			
Réimse:	**I**	**CPT**	**17**
Eolas breise: Fiosrúcháin a dhéanamh agus tuarascáil a dhréachtadh maidir le na féidearthachtaí a bhaineann le scéim ar nós scéim 'Rural Resettlement Ireland' a chur chun cinn san LPT			
Aidhm:	Daonra an LPT a mhéadú agus an Ghaeilge a chaomhnú san LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	CPTCL, CoConaG, an Tascfhórsa, ÚnaG, Eagraíochtaí Tithíochtaí, FCL.		
Saolré:	Bliain 2.		
Costas measta iomlán:	Ionchuimsithe i gcostais na h-oifige. Féach Mír 9.4.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		

Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Nach bhfuil na daoine ann. Tithíochta a aimsiú. **Réiteach:** An scéal a fhiosrú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tar éis an scéal a scrúdú an OPT le tuarascáil a réiteach ag moladh cur chuige
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An CPTCL leis an tuarascáil a scrúdú agus gníomh a chur chun cinn más fiú é.

9.14. Na Clubanna Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Tá úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí sóisialta/caitheamh aimsire sa LPT sách láidir. Tá dúshlán ag baint le CLG Carna/Caiseal de bharr go bhfuill sciar de baill an chlub ag teacht as paróiste neamh-Ghaeltachta. Bailíodh eolas i bhfoirm ceistneora ó na heagrais phobail/shóisialta i Mí Aibrean 2017. Féach aguisín 7.

Beart 9.14.1. Polasaí Iompar Teanga a fhorbairt i gClubanna Sóisialta			
Réimse:	**J**	**CPT**	**10, 12**
Eolas breise: Polasaí teanga a fhorbairt agus tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do na heagraíochtaí spóirt, sóisialta is caitheamh aimsire. Tacaíocht a thabhairt do na heagraíochta polasaí atá dearfach agus éifeachtach i leith na Gaeilge a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm. Seimineáir le heagrú le cur ar chumas traenálaithe agus cóitseáilithe spóirt deileáil go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann le staid teangamheascaithe an phobail. Mar atá i mbeart (9.7.2) cinnirí óga a fhorbairt leis na scileanna spóirt cuí acu agus tuiscint acu ar réitigh ar na dúshláin teangeolaíochta.			
Aidhm:	Cosaint a thabhairt d'úsáid na Gaeilge mar an rogha teanga i réimse seo de shaol an phobail		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, CLG agus cumainn spóirt agus caitheamh aimsire eile.		
Saolré:	Go leanúnach thar saolré an phlean.		
Costas measta iomlán:	€1,500		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 Seimineáir + costaisí taistil d'aíonna gach tarna bliain.		
Foinsí maoinithe:	Mar chuid de chostaisí OPTCL.		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán**: Easpa tuisceana ag an bpobal go bhfuil gá lena leithéid de idirghabháil. **Réiteach:** É a chur ar chomhchéim le cúrsaí oiliúna eile.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	OPT a bheith ag coinneáil taifid ar spreagadh na gcumann agus ar an teagmháil leo.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Go bhfuil polasaithe cosanta teanga ag na cumainn agus an tábhacht chéanna le hoiliúint sa réimse is atá le hoiliúint eile.		

Beart 9.14.2. Cruinnithe / Imeachtaí Poiblí i nGaeilge a éascú. Córas Aistriúcháin Comhuaineach a bheith ar fáil			
Réimse:	**F, J**	**CPT**	**10, 12, 15**
Eolas breise: Go minic ag cruinnithe poiblí, agus leibhéil difriúla cumais sa Ghaeilge ag an lucht freastail, titeann daoine siar ar an mBéarla. In amannta is iad eagrais stáit is cúis le seo, mar shampla cruinnithe faoin bpleanáil, comhairle talmhaíochta, forbairtí mara 's araile. Moltar go mbeadh áis ateangaireachta comhuaineach (i.e. trealamh soghluaiste agus éasca le h-úsáid) ar fáil do na hoifigí pleanála teanga i nGaeltacht Chonamara 's Árainn. Moltar chomh maith go gcuirfí le chéile painéal d'ateangairí cáilithe leis an trealamh a úsáid ag ócáidí poiblí.			
Aidhm:	Úsáid na Gaeilge sa réimse poiblí a chosaint agus a laidriú		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, RCO&G, CoConaG, LPTanna eile i nGaeltacht Chonamara 's Árainn		
Saolré:	Blian 1: Taighde agus ceannacht an trealaimh. Bliain 2-7: Ag baint úsáid as an trealamh.		
Costas measta iomlán:	Is ar bhonn Ghaeltacht Chonamara / Árainn a bhaineann an beart seo agus nach mbeadh costas ag teacht faoi chúram Chonamara Láir. Moltar go mbeidh an trealamh agus an painéal d'ateangairí faoi bhainistíocht ÚnaG.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCO&G, CoConaG		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tuisceanna go bhfuil réiteach ar an bhfadhb agus easpa taithí ag an bpobal ar úsáid chórais aistriúchain comhuainneacha. Costas. **Réiteach:** Luach is fear ar airgid a fháil sa bpróiséas ceannaithe. A leiriú don phobal go bhfuil a leithéad de chóras simplí le h-úsáid. Gach Oifig Pleanála Teanga a chur ar an eolas faoin áis.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPT le bheith ar an eolas faoi iompar teanga ag cruinnithe poiblí san LPT.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An trealamh a bheith faighte agus in úsáid. Tuairisc faoi úsáid an trealamh le cur ós comhair ÚnaG go bliaintiúil		

Beart 9.14.3. Comórtas Peile na Gaeltachta le reachtáil san LPT			
Réimse:	**J**	**CPT**	**12**
Eolas breise: Staidéar Féidirtheachta a réiteach faoi Chomórtas Peile na Gaeltachta a reachtáil san LPT. An Comórtas Réigiúnda i mbliain a 4 An Comórtas Náisiúnta i mbliain a 7. An ról a bheadh an an OPTCL ná an togra a bhrú chun cinn.			
Aidhm:	le mórtas in bhféiniúlacht Ghaeltachta an LPT a láidriú.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, Clubanna CLG agus Páirceanna Peile san LPT		
Saolré:	Bliain 1 -3: Réiteach. Bliain 4: Comórtas Réigiúnda. Bliain 7: Comórtas Náisiúnta.		
Costas measta iomlán:	Níl aon chostas sa bhreis ag baint le costaisí taighde maidir le h-eagrú an comórtas san LPT		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann		
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Coiste láidir áitiúil a chur le chéile. **Réiteach:** An OPTCL le cuidiú le na clubanna spóirt.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPTCL le tuairisc a scríobh faoi na féidearthachtaí a bhaineann le h-eagrú an chomórtais san LPT.		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisc réitithe ag an OPT don CPTCL.

Beart 9.14.4. Taighde a dhéanamh ar an réimse eagraíochta pobail. Bearnaí a aithint			
Réimse:	**J**	**CPT**	**12**
Eolas breise: Taighde a dhéanamh ar an réimse eagraíochta pobail. Suirbhé le h-eagrú. Bearnaí a aithint. Dúradh in aiseolas gur mhaith le daoine an Ghaeilge a úsáid in imeachtaí spéisiúla atá á reachtáil trí Ghaeilge.			
Aidhm:	Le labhairt na Gaeilge a láidriú i réimse seo de saol an phobal agus le deis a thabhairt do fhoghlaimeoirí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ar bhealach neamh-fhoirmeáilte.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.		
Páirtithe leasmhara:	An Pobal. Clubanna Sóisialta.		
Saolré:	Bliain 2: Suirbhé.		
Costas measta iomlán:	€6,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Suirbhé bliain 1. Níl aon chostas sa bhreis ar chostaisí reatha na h-oifige Clubanna a thosú €1,000 in aghaidh na bliana, bliain 2- bliain 7.		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, Foras na Gaeilge		
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Seans go bhfuil dóthain clubanna ann. **Réiteach:** Suirbhé le cruthú an bhfuil éileamh ann nó a mhalairt.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPT le thuairisc a réiteach faoin ábhar.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuairisc réitithe ag an OPT don CPTCL.		

9.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar

Ba mhór an cailliúnt é Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) nuair a cuireadh ar ceal é. Chomh maith le luach saothair agus spreagadh a thabhairt do na teaghlaigh a bhí ag tógáil a gclainne le Gaeilge ba úirlis luachmhar thaighde é do lucht pleanála teanga. Moltar go n-athbhunófar scéim nua le teacht i gcomharba ar an SLG agus go mbeidh an scéim nua bunaithe mar atá molta san SCT (Mír 22.6.8).

Tá castacht ag baint leis an moladh seo de bharr gur ar bhonn uile-Ghaeltachta é an moladh agus dá bharr sin níl sé indéanta costas a chur leis ag leibhéal an LPT.

Beart 9.15.1. Scéim ar nós an SLG núálach a athbhunú			
Réimse:	**K**	**CPT**	**2, 6, 7**
Eolas breise: Stocairaireacht, i bpáirt le LPTanna eile, le go mbunófaí Scéim nua tacaíochta do dhaoine, atá le bheith, nó atá, ina dtuismitheoirí (páistí <12bl) agus é cruthaithe gurb í an Ghaeilge teanga baile an teaghlaigh. Tabharfaidh sé seo buntáiste eacnamúil do na teaghlaigh seo agus tabharfaidh sé isteach i gcóras na pleanála teanga iad ina gcuirfear aithne orthu agus ina dtabharfar gach tacaíocht agus comhairle dóibh lena bpáistí a thógáil le go mbeadh ardleibhéil chumais sa nGaeilge acu. Mar chuid den bheart beidh gá le seirbhís cúram leanaí agus réamhscolaíocht go hiomlán i nGaeilge le tacaíocht a thabhairt do na teaghlaigh seo. Moltar go mbeadh scéim eile ann le tuismitheoirí, nach bhfuil an Ghaeilge go líofa acu, teacht isteach ar an gcóras, ar bhonn céimiúil, agus na tacaíochtaí cuí a thabhairt dóibh le líofacht a bhaint amach. Ról an OPT ná stocaireacht a dhéanamh i bpáirt le OPTanna i LPTanna eile.			
Aidhm:	Cur le léibhéal sheachadadh na Gaeilge sa teaghlach. Úirlis thábhachtach thaighde a chur ar fáil.		

Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL.
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, Coistí Pleanála Teanga i LPTanna eile.
Saolré:	7 mbliana
Costas measta iomlán:	Is ar bhonn uile Ghaeltachta a bheadh sé. Luach de €2k+ in aghaidh an teaghlach ar an scéim nua.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann le LPT Chonamara Láir amháin
Foinsí maoinithe:	RCO&G
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easpa tacaíochta ó chuile dhuine SLG a thabhairt ar ais. Dá bhrí sin leithscéal ag polaiteoirí gan drannadh leis. **Réiteach:** An réiteach ná an bhéim a chur ar na dea-phointí a a bhain leis an sean-scéim, agus atá in easnamh ó 2011, agus stocaireacht a dhéanamh ina dtaobh maidir le SLG nua.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An t-ábhar á phlé ag CPTCL go rialta agus stocaireacht ar bun le (a) go hinmheánach i gConamara Láir agus (b) le LPTanna eile.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Scéim shásúil a bheith tugtha isteach a chuidíonn le teaghlaigh a bhfuil Gaeilge á labhairt acu sa mbaile.

9.16. Beart don Cheantar Comhroinnte idir 2 LPT

Beart 9.16.1. Beart don Cheantar Comhroinnte idir 2 LPT			
Ceantar na Sraithe Salaigh/Chloch na Rón (Plean Teanga Chonamara Láir agus Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach/Tuar Mhic Éadaigh)			
Réimse:	**A, B, C,D ,F, H, J ,K**	**CPT**	**7, 8, 9, 10,11,12,15,18 & 19**
Eolas Breise: Eascrann an beart seo as na moltaí a tháinig chun cinn sa taighde sa cheantar. Liostáiltear seo i Mír 6.16 thuas. Is sna réimsí seo a leanas atá an beart le forbairt: (a) Réamhscolaíocht & Bunscolaíocht: Le cabhair ón bPOG agus ó FnaG /Gael-Linn tacú le cur chun cinn na teanga i Scoil an Chaisil & Naíonra na Sraithe Salaigh. (b) Turasóireacht lena n-áirítear lóistín do fhoghlaimeoirí fásta an Acadaimh sa gCaiseal agus sa tSraith Salach agus leas a bhaint as an Ionad Pobail. (c) Coláistí Gaeilge: Ceangal a bhunú leis an Acadamh nó Coláiste Samhraidh do dheagóirí. (d) Club Óige a bhunú sa tSraith Salach san Ionad Pobail. (e) Ranganna agus ciorcail chomhrá Ghaeilge sa labhairt agus sa scríobhnóireacht agus trí chaithimh aimsire ar nós na ceardaíochta. (f) Feasacht poiblíochta chun béim a leagan ar an nGaeilge i measc lánúineacha óga (g) Leas a bhaint as an struchtúr forbartha pobail - idir Ionad agus Choiste Phobal Mámean Teo - agus cur le háit na Gaeilge iontu. (h) Páirt a ghlacadh i bhforbairt an Chlocháin mar bhaile seirbhíse Gaeltachta.			
Aidhm:	**Aidhm:** Borradh a chur faoin nGaeilge sa t**Sraith Salach/Cloch na Rón/An Caiseal** agus na moltaí sainiúla maidir le hOideachas (réamhscolaíocht), an Óige, Turasóireacht, Seirbhísí Poiblí, Forbairt/Áiseanna Pobail agus Foghlaim na Gaeilge ag daoine fásta a chur i gcrích. Go bhfásfaidh líon na gcainteoirí laethúla ó 77 go 100 faoin daonáireamh i 2021 trí chainteoirí seachtainiúla agus cainteoirí óga na scoileanna a mhealladh leis an teanga a úsáid go laethúil.		
Príomhúinéir an bhirt	OPTCL agus FCL (fochoiste: Pobal Máméan Teo) agus gá go leanfaidh ionadaíocht láidir ón gceantar ó thuaidh ar an gCoiste i gcomhar le LPTanna eile.		

Páirtithe leasmhara:	RCO&G, ÚnaG, Naíonra na Sraithe Salaigh, Halla an Chaisil, Acadamh na hOllscolaíochta, Óige na Gaeltachta, Scoileanna an Chaisil & Dhoire Ghlinne, Foras na Gaeilge, Gael-Linn.
Saolré:	7 mbliana
Costas measta iomlán:	€63,000 (7 x 9,000).
Costas measta in aghaidh na bliana:	€9,000 (san áireamh sciar de thuarastal fostaí de chuid an OPTCL.
Foinsí maoinithe:	Deontas bliantúil na pleanála teanga, Óige na Gaeltachta.
Dúshláin agus réitigh:	**Dúshlán:** Easnamh in imeachtaí Gaeilge agus tús áite ag an teanga le blianta. **Réitigh:** Tabhairt faoin bplean le réalaíochas agus céimeanna simplí chun cinn.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An t-ábhar á phlé ag CPTCL go rialta agus stocaireacht ar bun le (a) go hinmheánach i gConamara Láir agus (b) le LPTanna eile.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Go tráthrialta ag an CPTCL

10. Costais agus Maoiniú

Tuarastail

	Bliain 1	Bliain 2	Blian 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Oifigeach Pleanála Teanga (OPT)	35,000	37,500	40,000	42,500	45,000	47,500	50,000
Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga (OCPT)	23,565	25,425	27,285	29,145	31,005	32,865	34,735
Riarthóir Oifige	23,565	24,618	25,312	26,351	27,389	28,428	29,465
Iomlán	82,130	87,543	92,597	97,996	103,394	108,793	114,200

Costais	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	Iomlán
Tuarastal [1] Tuigtear freisin go mbíonn costaisí breise ar an bhfostóir.	82,130	87,543	92,597	97,996	103,394	108,793	114,200	686,653
Barrchostais reáchtála na hOifige Pleanála Teanga (30% de bharrchostais tuarastail – ÁSPC fostóra, Costais Taistil, Soláthairtí Oifige, Teas & Leictreachas, Trealamh Oifige)	24,639	26,263	27,780	29,398	31,018	32,638	34,200	205,936
9.4.3. Scoláireacht	7000	7000	7000	7000	7000	7000	7000	
9.5.11. An Ghaeilge a chur chun cinn Naíonraí i Cat 'B' agus 'C'	5000	5000	5000	5000	5000	5000	5000	
9.6.2. Ranganna Gaeilge do Thuistí (foghlaimeoirí)	3000	5000	7500	10000	12500	12500	12500	
9.6.3. Sainchúrsaí do thuistí líofa	3000	5000	7500	10000	10000	10000	10000	
9.7.1. Ionaid don Óige (Forbairt). Cinnirí le n-íoch	3000	5000	5000	5000	5000	5000	5000	
9.7.2. Cinnirí Óige a Thraenáil	0	2000	2000	2000	2000	2000	2000	
9.7.3. Na Mean Shóisialta a chur chun cinn i measc an óige	0	1000	1000	1000	1000	1000	1000	
9.7.4. Áisitheoir Ealaíona (páirt áimseartha)	30000	30000	30000	30000	30000	30000	30000	
9.8.1. Ranganna do fhoghlaimeoirí (sa bhreis agus tuistí)	2000	3000	4000	5000	5000	5000	5000	
9.9.3. Cultúrlann - Staidéir Féidearthachta	10000	0	0	0	0	0	0	
9.9.6. Seiminear do ghnólachtaí	3000	3000	3000	4500	4500	4500	4500	
9.9.9. Tacú leis an bhfostaíocht sna meáin	0	5000	5000	5000	5000	5000	5000	

9.10.1. Tacaíocht bhreise de dhíth ó FCL (Beartas Chomhlachas na gComharchumann)	5000	5000	5000	5000	5000	5000	5000	
9.11.1. Suíomh Idirlín an LPT a uasghrádú agus a bhainistiú	5000	2000	2000	2000	2000	2000	2000	
9.11.7. Irisleabhar Iorras Aithneach le foillsiú	5000	5000	5000	5000	5000	5000	5000	
9.14. Polasí Gaeilge i gClubanna Sóisialta	1500	1500	1500	1500	1500	1500	1500	
9.14.4 Taighde a dhéanamh ar an réimse eagraíochta pobail. Bearnaí a aithint	0	1000	1000	1000	1000	1000	1000	
9.16.1. i bpáirt le LPT eile (½ de 9k)	4500	4500	4500	4500	4500	4500	4500	
Iomlán	**€193,769**	**€203,806**	**€216,377**	**€230,894**	**€240,412**	**€247,431**	**€254,400**	

11. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Cuireadh tús eis an bhfeachtas poiblíochta sa LPT nuair a eagraíodh sé chinn de chruinnithe poiblí i Ros Muc, i gCamus, i gCarna, i gCill Chiarain, ar an Sraith Salach agus sa gCaiseal. Cuireadh leis an taighde feasachta nuair a bhí an taighde dá dhéanamh. Nuair a scapadh na ceistneoirí ar chuile theach scaipeadh bileog eolais faoina bhfuil i gceist le próiseas pleanála teanga chomh maith. Scaipeadh ceistneoirí eile ar eagraíochtaí deonacha agus eagraíodh bhí réimse leathan de sheimineáir agus cruinnithe ann ar a d'fhreastail go leor áitritheoirí orthu. Dearnadh cúpla agallaimh raidio chomh maith. Cuireadh feachtas eile poiblíochta ar bun i mí Dheireadh Fomhair (2017) nuair a eagraíodh sé chruinniú poiblí (9/10 Camus agus Ros Muc, 10/10 Cill Chiaráin agus Carna, 11/10 An Caiseal agus an Sraith Salach) leis an ndréachtphlean a phlé. Chomh maith le na cruinnithe seoladh an dréachtphlean arlíne[31] agus tugadh deis don phobal aiseolas a thabhairt. Cuireadh achoimre i mBéarla[32] ar fáil chomh maith i bhfoirm cruachóip agus arlíne.

Poiblíocht Leanúnach

I rith saolré an phlean tá sé i gceist againn an pobal a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an phlean agus a rannphairtíocht an phobail a spreagadh sa bpróiséas ar bhonn leanúnach. Caithfear éisteacht leis an bpobal agus deis a bheith ann aiseolas rialta agus leanúnach a thabhairt.

Is iomaí foghrúpa atá sa bpobal: daoine aosta, tuismitheoirí, daoine fásta gan pháistí acu, déagóirí, gasúir, cainteoirí dúchais, cainteoirí líofa, foghlaimeoirí teanga, daoine gan aon Ghaeilge, lucht spóirt agus siamsaíochta, cúramóirí agus go leor eile. Beidh cuir chuige éagsúla ag teastáil ón tús agus ar bhonn leanúnach le dul i bhfeidhm ar na fogrúpaí uilig i gcaitheamh na seacht mbliana.

Na Meáin Traidisiúnta agus an tIdirlíon

Tá meath ag teacht le ré an pháipéarachais mar phríomhmhodh scaipthe scéalta. Agus an méid sin ráite tá sé mar bheart den phlean nuacht aitiúil (nuacht faoin bpróiseas pleanála teanga san áireamh) i nGaeilge a scapadh trí na meáin clóite. Is dlúthchuid den saol anois iad an t-idirlíon agus na meáin shóisialta. Beidh láithreachas idirlín mar dhualgas bunúsach ar fhoireann lánaimseartha agus dheonach phróiseas pleanála teanga Chonamara Láir.

Feachtais Ardaithe Feasachta

Thar aon ní eile, as seo go ceann seacht mbliana, ní mór scéal bhuntáistí na Gaeilge a léiriú don phobal go leanúnach. Cé go bhfuil an teanga agus an cultúr láidir i roinnt mhaith réimsí, níl sé sin amhlaidh in áiteanna eile agus, dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil an teanga ar thalamh slán.

Caithfear glacadh leis gur pobal datheangach é pobal Chonamara Láir ach go bhfuil an chuma air go bhfuil bearna mhór idir an méid eolais atá ag an bpobal faoi na castachtaí agus na dúshláin a bhainean leis an dátheangachais, ach go h-áirithe nuair is coimhlint idir mhionteanga agus mórtheanga atá i gceist. Caithfear an pobal a choinneáil suas chun dáta ar bhealach soiléir faoina bhfuil le rá ag saineolaithe teangeolaíochta agus eile faoi 'chuile cheann de na réimsí sa bplean seo agus na bearta ina dtaobh. Má imíonn nós na labhartha agus, ansin, cumas na ndaoine i labhairt na teanga, beidh sé an-deacair í a fháil ar ais. Beidh gá le feachtais éagsúla a chuirfeas an pobal ar an eolas faoi ghnóthaí a bhaineann leis an teanga. Athróidh siad seo ó am go chéile ach beidh feachtais feasachta agus eolais ag leanúint ar aghaidh i gcaitheamh an ama.

[31] http://conamaragaeltacht.webs.com/dr-acht-plean-chonamara-l-ir

[32] http://conamaragaeltacht.webs.com/Achoimre%20B%C3%A9arla%20COC%2010_10.pdf

12. Feidhmiú agus Monatóireacht

Bunú an struchtúr nua pleanála teanga

Tiocfaidh deireadh le feidhm Choiste reatha Pleanála Teanga Chonamara Láir nuair a ghlacfaidh RCO&G leis an plean teanga. Faoin bplean caithfear struchtúr nua a bhunú chun an obair a stiúradh: fostaithe a earcú, maoirsiú a dhéanamh orthu agus thar aon ní eile an clár oibre a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air. **Tá cur síos ar an struchtúr molta le fáil i Mír 9.4.1**.

Tabharfar cuireadh don phobal san LPT, ach go háirithe iad siúd atá bainteach le scoileanna, le h-eagraíochtaí pobail, sóisialta agus spóirt agus araile le bheith páirteach san FTPCL.

Is mar seo a mholtar chomhdhéanamh an Choiste Pleanála Teanga: Beidh duine amháin ar a laghad ar an gcoiste mar ionadaí do na ceantair difriúla san LPT, is iad sin Ros Muc, Camus, Cill Chiaráin, Carna, An Caiseal agus an Sraith Salach. Beidh bainisteoir FCL mar bhall agus tabharfar cuireadh do ÚnaG ball a ainmniú chomh maith. Cuirfear fáilte roimh shaineolaí sa bpleanáil teanga a bheith ina bhall chomh maith. Samhlaítear go mbeidh páirt lárnach ag FCL sa gCóras nua ach an foireann a bheith acu len aghaidh.

Ag FCL agus ag an CPTCL (i bpairt le ÚnaG) a bheidh an chumhacht duine a fhostú, conradh a aontú agus airgead a chaitheamh bunaithe ar chlár oibre aontaithe idir CPTCL, FCL agus ÚnaG. Ar an CPTCL a bheidh an fhreagracht gnóthaí an togra pleanála teanga a reáchtáil de réir dea-chleachtais. Is é an CPTCL (i bpairt le ÚnaG agus FCL) a leagfas amach clár oibre in éineacht leis an bhfoireann. Tabharfaidh an CPTCL tacaíocht leanúnach don fhoireann agus déanfaidh sé treoracha a shonrú dóibh, agus monatóireacht ar fheidhmiú an chlár oibre ar bhonn rialta.

Eagróidh an CPTCL cruinniú cinn bhliana chuile bhliain ag a dtabharfar tuairisc iomlán don phobal ar dhul chun cinn an phlean agus beidh tuairisc airgeadais iniúchta san áireamh.

Monatóireacht rialta

Leagfaidh an OPTCL, i bpáirt leis an CPTCL, clár oibre amach ag tús an togra, agus clár oibre bliantúil amach gach bliain ina dhiaidh sin roimh thús na bliana. Cuimseoidh an clár oibre na réimsí difriúla mar atá liostáilte sa bPlean agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le gach réimse. Nuair atá sé praicticiúil agus indéanta cuirfear costas leis na gníomhaíochtaí.

Beidh sé de dhualgas ar an bhfoireann bearta na míreanna oibre a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil agus stuama agus, mar chuid den chur chuige, beidh monatóireacht rialta nó thréimhsiúil le déanamh ag OPTCL ar an dul chun cinn. I gcás fhormhór na mbearta ní mór tuairisc ar bhaint amach na spriocanna a chur ar fáil don bhord stiúrtha de réir mar a éilítear iad, ar bhonn ráithiúil nó eile, ach ar a laghad uair sa mbliain. Úsáidfear teimpléad caighdeánach[33] don mhonatóireacht i gcomhar le hÚnaG agus RCO&G.

Mór-mhonatóireacht

Beidh tuairisc bhliantúil le réiteach ag oifigigh thofa an CPTCL i gcomhar leis na fostaithe OPTCL le cur os comhair chruinniú cinn bhliana CPTCL. Clúdóidh sé seo chuile mhír den mháistirphlean seacht mbliana. Beidh cur síos ann ar an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas maidir leis na spriocanna éagsúla a baineadh amach.

Beidh monatóireacht le déanamh ar an dul chun cinn i rith na bliana. Ní mór do na fostaithe a bheith i láthair i gcónaí ag na seisiúin mhonatóireachta seo. Bainfear úsáid as féinmheastóireacht sa phróiseas monatóireachta agus aithbhreithnithe.

Ag brath ar threoracha agus ar choinníollacha ón mór-mhaoinitheoir, d'fhéadfadh sé go mbeadh cruinnithe tráthrialta ag na hoifigigh thofa agus ag an bpríomhfhostaí leis an maoinitheoir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

Ag Deireadh na seacht mbliana

Bheifí ag súil go bhféadfaí tús a chur leis an obair réitithe don chéad phlean eile dhá bhliain sula dtiocfadh deireadh leis an bplean reatha. Ba chóir go mbeadh sé réitithe agus an maoiniú socraithe bliain roimh dheireadh phlean 2018-2024. Mar chuid den réiteach seo, agus ar mhaithe le torthaí a thomhais, bheadh sé i gceist macasamhail an taighde a rinneadh i Samhain 2022 a dhéanamh arís le tuismitheoirí le linn na scoilbhliana 2022-23, tráth a mbeadh torthaí cheisteanna na Gaeilge ó Dhaonáireamh 2021 ar fáil. I mbliain a 6 den phlean, déanfar aithbhreithniú neamhspleách ar fheidhmiúlacht an phlean agus cuirfear tuairisc ar fáil do CPTCL agus don phríomh-mhaoinitheoir ÚnaG.

Chinnteodh an mhonatóireacht seo leanúnachas sna spriocanna agus cinnteacht fostaíochta ann don fhoireann sa gcás is go mbeadh ag éirí go maith leo ina gcuid oibre.

Comhairle Ghairmiúil

Ní mór comhairle a éileamh ó shaineolaithe agus ó chomhairleoirí pleanála teanga go tréimhsiúil, nó ar bhonn leanúnach, le tuairimí a fháil uathusan atá i dtaithí ar chastachtaí na pleanála teanga sna Gaeltachtaí nó in áiteanna eile ina labhraítear mionteangacha.

[33] Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta, lch 55, Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán a 3, Bealtaine 2016). http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2016/11/treoirlinte-pleanala-teanga-eagran-3-1.pdf.

Comhoibriú leis na LPTanna eile

Tá struchtúr tacaíochta réigiúnda agus náisiúnta i bhfeidhm ag ÚnaG le cuidiú leis na ceanneagraíochtaí sna LPTanna éagsúla. Tá an suíomh idirlín www.pleanailteanga.ie[34] ann ar a bhfuil liosta acmhainní agus fóram plé ar fáil. Beidh an OPTCL ag baint leas as na tacaíochtaí seo le leanacht leis an gcomhoibriú le LPTanna eile.

13. Aguisíní

1. Suirbhé ar an bPobal
2. Suirbhé ar Scoláirí Meánscoile
3. Seimineár le Bunmhúinteoirí
4. Seimineár Múinteoirí Iarbhunscoile
5. Taighde ar an Earnáil Mhiondíola
6. Aiseolas ón bPobal
7. Eagraíochtaí Deonacha
8. An Forbairt Pobail i gConamara Láir
9. Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
10. Aiseolas ó na Cruinnithe Poiblí
11. Tuismitheoirí na Gaeltachta
12. Agallamh le Bainisteoir an Ionaid Cúram Leanaí
13. Ábhar Bolscaireachta (Samplach)

[34] Ní mór cód aitheantais agus pasfhocal a fháil leis an suíomh seo a úsáid.